										Leis an athchóiriú, beidh an Oifig um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí in ann imscrúdú a dhéanamh ní hamháin ar na cásanna arna dtíolacadh ag rannpháirtithe sa mhargadh ach tabhairt faoina himscrúduithe féin.
A20G	A1.4.1 Nuachóiriú ar bhonneagar nó ar threalamh in earnáil na talmhaíochta	Garspríoc	Critéir a ghlacadh maidir le tairbhíthe a roghnú le haghaidh na dtionscadal uile faoin infheistíocht seo	Foilsíú ar shuíomh gréasáin na hAireachta Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe agus na Gníomhaireachta um Athstruchtúrú agus Nuachóiriú Talmhaíochta glacadh na gcritéar maidir le tairbhíthe a roghnú				C1	2022	Tar éis comhairliúchán poiblí, na critéir a ghlacadh chun tairbhíthe a roghnú le haghaidh na dtionscadal uile faoin infheistíocht seo. Leanfaidh na critéir roghnúcháin prionsabail an neamh-idirdhealaithe agus na trédhearcachta. Tabharfaidh na critéir roghnúcháin tús áite do na réimsí seo a leanas: (i) digitíú; (II) cruthú post; (III) cosaint an chomhshaoil agus cleachtais inbhuanaithe táirgthe bia; (IV) an geilleagar ciorclach, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le cur amú bia a chosc. Is í an Gníomhaireacht um Athstruchtúrú agus Nuachóiriú na Talmhaíochta (ARMA) a dhéanfaidh an próiseas cur i bhfeidhm agus fíoraithe, chun comhsheasmhacht agus trédhearcacht a áirithiú agus chun cistiú dúbailte a chosc.
A21G	A1.4.1 Nuachóiriú ar bhonneagar nó ar threalamh in earnáil na talmhaíochta	Cuspóir sonrach	Orduithe íocaíochta deiridh arna n-eisiúint le haghaidh tionscadail chun ionaid dáileacháin nó stórála nó margáí mórdhíola a thógáil nó a nuachóiriú		Uimhir	0	150	C2	2026	Orduithe íocaíochta deiridh arna n-eisiúint le haghaidh tionscadail chun ionaid dáileacháin nó stórála nó margáí mórdhíola a thógáil nó a nuachóiriú. Leis na glaonna ar thionscadail, cosnófar comhlíonadh Threoir Theicniúil DNSH (2021/C 58/01), go háirithe maidir le ceanglais a bhaineann le bainistiú dramhaíola.

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáiliúcháta (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										<p>Déanfar foráil sna glaonna ar thionscadaíl maidir leis an méid seo a leanas:</p> <p>1. Trucailí agus feithiclí tromshaothair eile a cheannófar, ní bheidh iontu ach trucailí astaíochtaí nialasacha, trucailí astaíochtaí ísle, nó trucailí GNL/GNC a ritheann ar bhithghás/bithmheatán. Comhlíonfaidh feithiclí sainchuspóireacha na rialacha céanna a leagtar amach thuas.</p> <p>2. Comhlíonfaidh saoráidí táirgthe fuinnimh bithgháis na critéir maidir le hinbhuanaitheacht agus maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar amach in Airteagail 29-31 agus na rialacha maidir le bithbhreoslaí atá bunaithe ar bhia agus ar bheatha a leagtar amach in Airteagal 26 den Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite (Treoir (AE) 2018/2001 (REDII)), chomh maith le gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe gaolmhara.</p>
A23G	A1.4.1 Nuachóiriú ar bhonneagar nó ar threalamh in earnáil na talmhaíochta	Cuspóir sonrach	Orduithe íocaíochta deiridh arna n-eisiúint le haghaidh tionscadal chun bonneagar nó trealamh gnólachtaí in earnáil na talmhaíochta a nuachóiriú		Uimhir	0	830	C2	2026	<p>Orduithe íocaíochta deiridh arna n-eisiúint le haghaidh tionscadal chun bonneagar nó trealamh gnólachtaí in earnáil na talmhaíochta a nuachóiriú.</p> <p>Leis na glaonna ar thionscadaíl, cosnófar comhlíonadh Threoir Theicniúil DNSH (2021/C 58/01), go háirithe maidir le ceanglais a bhaineann le bainistiú dramhaíola.</p> <p>Déanfar foráil sna glaonna ar thionscadaíl maidir leis an méid seo a leanas:</p> <p>1. Trucailí agus feithiclí tromshaothair eile a cheannófar, ní bheidh iontu ach trucailí astaíochtaí nialasacha, trucailí astaíochtaí ísle, nó trucailí GNL/GNC a ritheann ar bhithghás/bithmheatán. Comhlíonfaidh</p>

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáiliúcháil (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										feithiclí sainchuspóireacha na rialacha céanna a leagtar amach thuas. 2. Comhlíonfaidh saoráidí táirgthe fuinnimh bithgháis na critéir maidir le hinbhuanaitheacht agus maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar amach in Airteagail 29-31 agus na rialacha maidir le bithbhreoslaí atá bunaithe ar bhia agus ar bheatha a leagtar amach in Airteagal 26 den Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite (Treoir (AE) 2018/2001 (REDII)), chomh maith le gníomhartha cur chun feidhme agus tarmhligthe gaolmhara.
A25G	A1.4.1 Nuachóiriú ar bhonneagar nó ar threalamh in earnáil na talmhaíochta	Cuspóir sonrach	Feirmeoirí a bhfuil maoiniú faighte acu chun tionscadail a chur i gcrích chun ábhair atá díobhálach don chomhshaol agus don tsláinte a ionadú i bhfoirgnimh a úsáidtear le haghaidh táirgeadh talmhaíochta		Uimhir	0	22 000	R4	2023	Fuair 22000 feirmeoir ar a laghad cistiú as tionscadail a chur i gcrích chun ábhair atá díobhálach don chomhshaol agus don tsláinte a ionadú i bhfoirgnimh a úsáidtear le haghaidh táirgeadh talmhaíochta.
A25aG	A1.4.1 Nuachóiriú ar bhonneagar nó ar threalamh in earnáil na talmhaíochta	Cuspóir sonrach	Maoiniú do thionscadail chun ábhair atá díobhálach don chomhshaol agus don tsláinte a ionadú i bhfoirgnimh a úsáidtear le haghaidh táirgeadh talmhaíochta		Uimhir	22 000	42 641	R4	2025	Fuair tionscadail ó fheirmeoirí maoiniú chun ábhair atá díobhálach don chomhshaol agus don tsláinte a ionadú i bhfoirgnimh a úsáidtear le haghaidh táirgeadh talmhaíochta.
A26G	A1.4.1 Nuachóiriú ar bhonneagar nó ar threalamh in earnáil na talmhaíochta	Cuspóir sonrach	Íocaíochtaí deiridh le haghaidh tionscadal chun bonneagar nó trealamh a nuachóiriú ag feirmeoirí nó iascairí		Uimhir	0	15 000	C2	2026	Íocaíochtaí deiridh le haghaidh tionscadal chun an bonneagar nó an trealamh a nuachóiriú ag feirmeoirí nó iascairí. Leis na glaonna ar thionscadail, cosnófar comhlíonadh Threoir Theicniúil DNSH (2021/C 58/01), go háirithe maidir le ceanglais a bhaineann le bainistiú dramhaíola.

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilióchtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										<p>Déanfar foráil sna glaonna ar thionscadail maidir leis an méid seo a leanas:</p> <p>1. Trucailí agus feithiclí tromshaothair eile a cheannófar, ní bheidh iontu ach trucailí astaíochtaí nialasacha, trucailí astaíochtaí ísle, nó trucailí GNL/GNC a ritheann ar bhithghás/bithmheatán. Comhlíonfaidh feithiclí sainchuspóireacha na rialacha céanna a leagtar amach thuas.</p> <p>2. Comhlíonfaidh saoráidí táirgthe fuinnimh bithgháis na critéir maidir le hinbhuanaitheacht agus maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar amach in Airteagail 29-31 agus na rialacha maidir le bithbhreoslaí atá bunaithe ar bhia agus ar bheatha a leagtar amach in Airteagal 26 den Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite (Treoir (AE) 2018/2001 (REDII)), chomh maith le gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe gaolmhara.</p>

A2 — NUÁLAÍOCHT

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cus póir	Ráithe	An Bhliain	
A27G	A2.1 Dlús a chur leis an róbatú agus leis an digitiú agus le próisis nuálaíochta	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm dlí nua chun tacú le huathobriú agus digitiú agus nuálaíocht fiontar trí fhaoiseamh cánach a thabhairt isteach le haghaidh róbataithe	Foráil sa dlí nua chun tacú le huathobriú agus digitiú agus nuálaíocht fiontar lena léirítear a theacht i bhfeidhm				C2	2022	<p>Tabharfar isteach le dlí nua faoiseamh cánach ionas go mbeidh fiontraí i dteideal díscríobh breise a fháil ar chuid de na costais róbataithe ón mbonn cánach ag deireadh na bliana cánach. Beidh an faoiseamh cánach ar fáil do gach fiontraí beag beann ar a mhéid agus ar a áit ghnó. Measfar na costais seo a leanas a bheith incháilithe:</p> <ul style="list-style-type: none"> • na costais a bhaineann le róbat nua a cheannach, • meaisíní agus gléasanna forimeallacha le haghaidh róbat a bhaineann go feidhmiúil leo • meaisíní, gléasanna agus rudaí eile a bhaineann go feidhmiúil le róbat, a úsáidtear chun eirgeanamaíocht agus sábháilteacht oibre a chinntiú • meaisíní, gléasanna nó córais chun róbat a chianbhainistiú, a dhiagnóisiú, a fhaire nó a sheirbhísiú • feistí idirghníomhaíochta duine le meaisín le haghaidh róbat cobait nó róbat ardíogaireachta • costais sócmhainní doláimhsithe a bhaineann le sócmhainní seasta a luaitear thuas • costais seirbhísi oiliúna a bhaineann le róbat • táillí dá dtagraítear sa chomhaontú léasaithe maidir leis na sócmhainní seasta a liostaítear thuas, más rud é, tar éis dheireadh bhuntréimhse an chonartha léasaithe, go n-aistrítear úinéireacht na sócmhainní seasta chuig an gcáiníocóir.

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cus póir	Ráithe	An Bhliain	
										Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart sin dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C 58/01) á cur san áireamh. Go háirithe, tacóidh an t-athchóiriú le hinfeistíochtaí ísealtionchair atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de ar leibhéal a gcur i bhfeidhm.
A29G	A2.1.1 Infheistíochtaí lena dtacaítear leis an róbatú nó leis an digitíú i bhfiontair	Cuspóir sonrach	Tionscadail a bhaineann le róbatú, nó intleacht shaorga nó digitíú próiseas, teicneolaíochtaí, táirgí nó seirbhísí i bhfiontair		Uimhir	0	40	C2	2026	Beidh iarratais deiridh ar íocaíocht ó thairbhíthe formheasta ag an údarás inniúil le haghaidh tionscadail a bhaineann le róbatú, nó leis an intleacht shaorga, nó le digitíú próiseas, teicneolaíochtaí, táirgí nó seirbhísí i bhfiontair.
A30G	A2.2 Na dálaí a chruthú don aistriú chuig samhail an gheilleagair chiorclaigh	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta nua lena dtugtar isteach athruithe ar an gcreat reachtach chun trádáil in amhábhair thánaisteacha a chumasú	Foráil sa reachtaíocht nua lena sonraítear a teacht i bhfeidhm				C2	2024	Leis an reachtaíocht nua, beifear in ann trádáil a dhéanamh in amhábhair thánaisteacha roghnaithe. Leis an reachtaíocht, beifear in ann na hábhair sin a bhainistiú ar bhealach éascaithe, agus é mar aidhm léi saothrú fosuithe acmhainní nádúrtha a laghdú, ábhair agus táirgí nádúrtha a ionadú, agus stóráil dramhaíola ar chneasáin dramhaíola a laghdú.

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cus póir	Ráithe	An Bhliain	
A31G	A2.2.1 Infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí agus nuálaíochtaí comhshaoil, a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach	Cuspóir sonrach	Comhaontuithe deontais sínithe le haghaidh tionscadail maidir le teicneolaíochtaí comhshaoil agus nuálaíochtaí a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach		Uimhir	0	150	C1	2025	<p>Líon na gcomhaontuithe deontais sínithe le haghaidh tionscadail maidir le teicneolaíochtaí comhshaoil agus nuálaíochtaí a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach.</p> <p>Ceanglófar leis na critéir roghnúcháin don ghlaó ar thograí go rannchuideoidh na tionscadail le claoclú FBManna i dtreo geilleagar ciorclach.</p> <p>Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C 58/01), eisiafar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna ar thionscadail: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iarteachtach⁵; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha⁶; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola⁷ agus gléasraí</p>

⁵ Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

⁶ I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, tabharfar míniú ar na cúiseanna nach bhfuil sé sin indéanta. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

⁷ Níl feidhm ag an eisiáim sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaitheach loiscthe, ar choinníoll

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cus póir	Ráithe	An Bhliain	
										cóireála bitheolaíche meicniúla ⁸ ; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaoil.
A32G	A2.2.1 Infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí agus nuálaíochtaí comhshaoil, a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach	Cuspóir sonrach	Comhaontuithe deontais arna síniú le haghaidh tionscadail maidir le teicneolaíochtaí agus nuálaíochtaí comhshaoil, a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach nó le margadh d'amhábhair thánaisteacha a chruthú		Uimhir	0	7	C2	2025	Líon na gcomhaontuithe deontais sínithe le haghaidh tionscadail maidir le teicneolaíochtaí agus nuálaíochtaí comhshaoil, a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach nó le margadh le haghaidh amhábhair thánaisteacha a chruthú. Áireofar sa ghlaó ar iarratais na critéir incháilitheachta, lena n-iarrrfár go gcumhdófar ceann amháin ar a laghad de na catagóirí seo a leanas leis na tionscadail: — teicneolaíochtaí i réimse úsáid dramhaíola mar amhábhair thánaisteacha; — méid na n-ábhar in-athchúrsáilte a mhéadú; — méid na n-amhábhair príomhúil a úsáidtear i bpróisis táirgthe a laghdú; — tacú le príomhphróisis deartha le haghaidh athchúrsála; — síneadh a chur le saolré táirgí;

nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

⁸ Níl feidhm ag an eisiámh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cus póir	Ráithe	An Bhliain	
										<p>— an méid dramhaíola atá dírithe ar líonadh talún a laghdú.</p> <p>Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C 58/01), eisiafar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna ar thionscadail: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach⁹; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha¹⁰; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola¹¹ agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla¹²; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaoil.</p>

⁹ Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

¹⁰ I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, tabharfar míniú ar na cúiseanna nach bhfuil sé sin indéanta. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

¹¹ Níl feidhm ag an eisiámh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaitheach loisce, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

¹² Níl feidhm ag an eisiámh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
A33G	A2.3 Bunús institiúideach agus dlí a sholáthar chun aerárthaí gan foireann a fhorbairt	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm gnímh lena leasaítear an Gníomh maidir le Gníomhaireacht Seirbhísí Aerloingseoireachta na Polainne	Foráil sa ghníomh lena leasaítear an Gníomh maidir le Gníomhaireacht Seirbhísí Aerloingseoireachta na Polainne lena léirítear a theacht i bhfeidhm				C2	2023	Leis an ngníomh leasaitheach, tabharfar an ceart do Gníomhaireacht Seirbhísí Aerloingseoireachta na Polainne (PANSA) cothromas a bheith aici i gcuideachtaí tráchtála agus údarófar do PANSA nó dá fhochuideachtaí treoirhionscadail a sheoladh lena dtacófar le cur chun feidhme samhlacha gnó agus seirbhísí bunaithe ar aerárthaí gan foireann.
A35G	A2.3.1 Lárionaid inniúlachta áitiúla d'aerfeithiclí gan foireann	Cuspóir sonrath	Lárionaid inniúlachta áitiúla d'aerfeithiclí gan foireann		Uimhir	0	10	C2	2026	Deimhniú/deimhnithe iniúchóireachta neamhspleácha lena ndeimhnítear gur bunaíodh deich lárionad inniúlachta áitiúla d'aerfeithiclí gan foireann, lena soláthraítear bonneagar digiteach, páirceanna tuirlingthe agus bonneagar rianaithe.
A38G	A2.4 Sásraí comhair idir an eolaíocht agus an tionscal a neartú	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm gnímh lena leasaítear an dlí maidir leis an ardoideachas agus leis an eolaíocht i ndáil le catalóg na n-eintiteas a d'fhéadfadh meáin shainchuspóireacha a chruthú in éineacht le hollscoileanna	Foráil sa ghníomh lena leasaítear an dlí maidir le hardoideachas agus eolaíocht lena léirítear a theacht i bhfeidhm				C1	2022	Leis an ngníomh leasaitheach, beifear in ann feithiclí sainchuspóireacha a chruthú atá deartha go háirithe chun torthaí T & F a thráchtáil. Meastar go bhfágfaidh sé sin go mbeidh níos mó idirdhisciplíneachta agus solúbthachta ann maidir le haistriú teicneolaíochta.
A39G	A2.4 Sásraí comhair idir an eolaíocht agus an tionscal a neartú	Garspríoc	Rialacha a bhunú maidir le húsáid saotharlann agus aistriú eolais institiúidí faoi mhaoirseacht an Aire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe	Doiciméad ina bhfuil na rialacha bunaithe				C1	2022	Cinnfear leis na rialacha maidir le húsáid saotharlann agus aistriú eolais na nósanna imeachta maidir le húsáid an bhonneagair taighde laistigh den eolaíocht eolaíochta agus den chomhar idir an eolaíocht agus an gnó. Leanfaidh na forálacha prionsabail an neamh-idirdhealaithe agus na trédhearcachta.

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cus póir	Ráithe	An Bhliain	
A40G	A2.4.1 Infheistíocht i gcumais taighde	Cuspóir sonrath	Tionscadail le haghaidh saotharlanna a bhfuil bonneagar taighde nó anailiseach acu		Uimhir	0	54	C2	2026	Prótacail maidir le glacadh tionscadail nó iarratais ar íocaíocht deiridh le haghaidh tionscadail ar saotharlanna a bhfuil bonneagar taighde nó anailiseach acu.

A3 — OIDEACHAS

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cusp óir	Ráithe	An Bhliain	
A41G	A3.1 Lucht saothair an gheilleagair nua-aimseartha: feabhas a chur ar mheaitseáil scileanna agus cáilíochtaí le riachtanais mhargadh an tsaothair	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na ngníomhartha dlí (lena n-áirítear an gníomh lena leasaítear an Dlí Oideachais), lena mbunaítear an creat dlíthiúil le haghaidh líonra na Lárionad Scileanna Earnála	Forálacha sa ghníomh dlí nó sna gníomhartha dlí lena léirítear a dteacht i bhfeidhm				C3	2023	<p>Teacht i bhfeidhm na ngníomhartha dlí (lena n-áirítear an gníomh lena leasaítear an Dlí Oideachais) lena mbunófar an creat dlíthiúil le haghaidh líonra na Lárionad Scileanna Earnála, lena soláthrófar uas-sciliú agus athsciliú spriocdhírthe atá ábhartha do riachtanais mhargadh an tsaothair. Déanfar an leasú ar an Dlí Oideachais i gcomhairle leis na geallsealbhóirí, lena n-áirítear ionadaithe earnála, comhpháirtithe sóisialta agus údaráis réigiúnacha.</p> <p>Déanfar an méid seo a leanas leis na ngníomhartha dlí:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Plean forbartha a chur ar fáil do Líonra na Lárionad Scileanna; • Ról na Lárionad Scileanna sa chóras oideachais agus oiliúna a chinneadh; • Coinníollacha fostaíochta na foirne sna hIonaid Scileanna a chinneadh; • Forálacha a bhunú maidir le hathbheithnithe rialta chun maoirseacht ar na Lárionaid Scileanna Earnála a áirithiú; • Córas rialachais atá ann cheana a choigeartú le forálacha saincheaptha maidir le rialachas na Lárionad Scileanna, lena n-áirítear fostóirí (lena n-áirítear

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cusp óir	Ráithe	An Bhliain	
										<p>ionadaithe FBManna), comhpháirtithe sóisialta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile lena n-áirítear údaráis réigiúnacha agus áitiúla;</p> <ul style="list-style-type: none"> Socrúithe maoiniúcháin, coinníollacha oiliúna, forálacha maidir le gairmthreoir agus curaclaim a bhunú; agus Na cineálacha oiliúna a chuirtear ar fáil, na spriocghrúpaí, na cineálacha cáilíochtaí agus caighdeán, sásraí dearbhaithe cáilíochta agus fíoraithe a shaináithint, foráil a dhéanamh go mbeidh na hearnálacha nasctha leis na Lárionaid Scileanna. <p>Tabharfar aghaidh freisin ar chuimsiú daoine faoi mhíchumas.</p>
A42G	A3.1 Lucht saothair an gheilleagair nua-aimseartha: feabhas a chur ar mheaitseáil scileanna agus cáilíochtaí le riachtanais mhargadh an tsaothair	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na ngníomhartha dlí (lena n-áirítear an gníomh lena leasaítear Acht na Múinteoirí) lena gcumasaítear gairmoiliúint múinteoirí a chur chun feidhme sna Lárionaid Scileanna Eanála	Forálacha lena gcumasaítear gairmoiliúint múinteoirí a chur chun feidhme sna Lárionaid Scileanna Eanála				C3	2023	<p>Le teacht isteach na ngníomhartha dlí (lena n-áirítear an gníomh lena leasaítear Acht na Múinteoirí) beidh na Lárionaid Scileanna Eanála in ann gairmoiliúint múinteoirí a sholáthar, lena n-áirítear oiliúint múinteoirí chun teicneolaíochtaí nua a úsáid.</p> <p>Cinnfear leis na gníomhartha dlí an creat chun oiliúint a chur ar mhúinteoirí sna Lárionaid Scileanna.</p>
A43G	A3.1 Lucht saothair an gheilleagair nua-aimseartha: feabhas a	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an ghnímh dlíthiúil nó na ngníomhartha dlíthiúla	Forálacha sa ghníomh dlí nó sna ngníomhartha				C1	2025	Saineofar sa ghníomh dlíthiúil nó sna ngníomhartha dlíthiúla freagrachtaí na réigiún maidir le

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspíocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spíocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspíoc agus spíoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	chur ar mheaitseáil scileanna agus cáilíochtaí le riachtanais mhargadh an tsaothair		lena sainítear freagrachtaí na réigiún maidir le beartais scileanna	dlí lena sonraítear na dátaí teacht i bhfeidhm						beartais scileanna agus saineofar sainordú na bhFoirne um Chomhordú Réigiúnach, lena n-áirítear an oibleagáid faireachán a dhéanamh ar an mbeartas scileanna réigiúnach.
A44G	A3.1.1 Infheistíochtaí sa ghairmoiliúint nuaimseartha, san ardoideachas agus san fhoghlaim ar feadh an tsaoil	Cuspóir sonrath	T1 — Líonra d'Ionaid Scileanna Eanála a Bhunú lena soláthraítear uas-sciliú agus athsciliú		Uimhir	0	10	C1	2024	<p>10 nIonad Scileanna Eanála</p> <p>a bhunú chun oiliúint eanála sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint a chur ar fáil, lena n-áirítear d'fhoghlaimoírí, do mhic léinn, do mhúinteoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna agus do dhaoine fásta eile. Áireofar san fhaisnéis sin:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Lárionaid Scileanna a thógáil, a atógáil, a leathnú nó a athchóiriú; • trealamh a cheannach; • leagan amach institiúideach na Lárionad, lena n-áirítear rannpháirtíocht eagraíochtaí eanála; • foireann a fhostú; • sraith curaclam atá le soláthar ag an lár, agus cúrsaí roghnaithe ina bhfuil gnéithe glasa agus digiteacha do gach ionad. <p>Beidh tógáil foirgneamh nua i gcomhréir le caighdeán na bhFoirgneamh nach mór Neodrath ó thaobh Fuinnimh de, mar a leagtar amach sa Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh.</p>

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										Ba cheart staidéir indéantachta a dhéanamh sula gcuirfear an infheistíocht i gcrích.
A45G	A3.1.1 Infheistíochtaí sa ghairmoiliúint nua-aimseartha, san ardoideachas agus san fhoghlaim ar feadh an tsaoil	Cuspóir sonrath	T2 — Lárionaid Scileanna Earnála		Uimhir	10	120	C3	2025	<p>120 Lárionad Scileanna Earnála tógtha nó atógtha nó leathnaithe nó athchóirithe.</p> <p>Ceannóidh gach lárionad trealamh, arna fhiánu le liosta sonrath don trealamh a ceannaíodh.</p> <p>I gcás lárionaid scileanna earnála i réimse gairme an tionscail pheitricimiceán, soláthrófáir curaclaim chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’.</p>

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cusp óir	Ráithe	An Bhliain	
										Ní bhunófar ionaid scileanna earnála sna réimsí gairme seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> mianadóireacht faoi thalamh agus próiseáil antraicite; geolaíocht, tollpholl, mianadóireacht agus líonra gáis.
A49G	A3.1.1 Infheistíochtaí sa ghairmoiliúint nua-aimseartha, san ardoideachas agus san fhoghlaim ar feadh an tsaoil	Cuspóir sonrach	Foirne um Chomhordú Réigiúnach atá ag feidhmiú a chur ar bun lena gcomhordaítear an beartas maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil		Uimhir	0	14	C3	2022	Bunófar 14 Fhoireann um Chomhordú Réigiúnach ar a laghad, a mbeidh sé mar chuspóir foriomlán acu 16 Fhoireann um Chomhordú Réigiúnach (foireann amháin in aghaidh gach ‘comórtais’). Déanfaidh na Foirne um Chomhordú Réigiúnach, ar a mbeidh príomhpháirtithe leasmhara, beartais maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil a chomhordú, agus comhoibreoidh siad leis an ardoideachas i gcás inarb ábhartha agus má chomhaontaítear sin leis na hinstitiúidí ardoideachais lena mbaineann.
A50G	A3.1.1 Infheistíochtaí sa ghairmoiliúint nua-aimseartha, san ardoideachas agus san fhoghlaim ar feadh an tsaoil	Cuspóir sonrach	Cláir cur chun feidhme oibríochtúla a fhorbairt don Straitéis Scileanna Comhtháite ar an leibhéal réigiúnach ag na Foirne Comhordúcháin Réigiúnacha bunaithe don ghairmoideachas agus don ghairmoiliúint agus don fhoghlaim ar feadh an tsaoil		Uimhir	0	14	C3	2023	Forbrófar 14 chlár cur chun feidhme réigiúnacha ar a laghad arna n-oibríochtú, a mbeidh sé mar chuspóir foriomlán acu 16 chlár cur chun feidhme arna n-oibríochtú go réigiúnach (ceann amháin do gach ‘comhairle’). Leis na cláir cur chun feidhme oibríochtúla le haghaidh Straitéis Scileanna Comhtháite náisiúnta 2030, cumhdófar cineálacha éagsúla foghlama, lena n-áirítear comhordú

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cusp óir	Ráithe	An Bhliain	
										<p>an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna agus na foghlama ar feadh an tsaoil.</p> <p>Áireofar iontu pleananna chun gairmoideachas agus gairmoiliúint a fhorbairt sna réigiúin, agus an t-aistriú digiteach agus an t-aistriú glas á gcur san áireamh agus an nuálaíocht á cothú.</p> <p>Áireofar iontu sásraí faireacháin agus meastóireachta.</p>

A4 — AN MARGADH SAOTHAIR

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
A51G	A4.1 Athchóirithe struchtúracha ar institiúidí mhargadh an tsaothair	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm dlíthe nua maidir le seirbhísí poiblí fostaíochta, fostaíocht náisiúnach tríú tír, agus maidir le conarthaí poist áirithe a thabhairt i gcrích go leictreonach: — athruithe a thabhairt isteach ar sheirbhísí fostaíochta poiblí agus ar bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair chun rannpháirtíocht an lucht saothair a mhéadú — na bacainní riaracháin ar fhostaíocht eachtrannach a isliú — simpliú a dhéanamh ar an bpróiseas chun conarthaí áirithe a thabhairt i gcrích	Foráil sna dlíthe maidir le seirbhísí poiblí fostaíochta, fostaíocht náisiúnach tríú tír, agus maidir le conarthaí poist áirithe a thabhairt i gcrích go leictreonach lena léirítear an teacht i bhfeidhm				C2	2024	Teacht i bhfeidhm trí dhlí nua, lena dtabharfar isteach forálacha nua: 1. Maidir le Seirbhísí Poiblí Fostaíochta agus Beartais Ghníomhacha maidir leis an Margadh Saothair, chun rannpháirtíocht san fhostaíocht a mhéadú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: grúpa cliant oifigí fostaíochta a leathnú chun daoine atá neamhghníomhach go gairmiúil a áireamh; (II) daoine atá neamhghníomhach go heacnamaíoch a shainaithint agus teagmháil a dhéanamh leo, (iii) oibleagáid a thabhairt isteach d'fhostóirí ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach (d'fhiontraithe a úsáideann cistí poiblí, amhail trí pháirt a ghlacadh i dtairiscintí) tairiscintí poist a chur faoi bhráid an Bhunachair Sonraí Lárnaigh um Thairiscintí Poist; (IV) rochtain ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil a mhéadú do chuardaitheoirí poist trí chostais oiliúna agus deimhniú ar shealbhú eolais agus scileanna, lena n-áirítear cáilíochtaí gairmiúla, a mhaoiniú ón gCiste Saothair; (V) cineál nua tacaíochta (dearbhan le haghaidh oideachas leanúnach) a thabhairt isteach d'fhostaithe agus do dhaoine dífhostaithe araon. 2. Na bacainní riaracháin a laghdú agus nósanna imeachta a bhaineann le heachtrannaigh a fhostú a chuíchóiriú: beidh na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta in ann seirbhísí speisialaithe a chruthú laistigh de na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta (seachas oifig ar leithligh) chun tacú le heachtrannaigh ar mhargadh an tsaothair, do dhaoine fostaithe agus

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										<p>dífhostaithe aron; (II) méadófar ról na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta sa phróiseas chun ceadanna oibre a eisiúint d'eachtrannaigh, rud a fhágfaidh go mbeidh sé níos éifeachtúla; (III) tiocfaidh forálacha i bhfeidhm lena leagtar síos creat le haghaidh dhigitiú iomlán na nósanna imeachta a bhaineann le cead oibre a fháil d'eachtrannaigh; (IV) tiocfaidh creat don lánpháirtiú agus forálacha chun seirbhísí rialaithe a neartú chun faireachán a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na fostaíochta i bhfeidhm.</p> <p>3. Maidir le conarthaí áirithe a thabhairt i gcrích go leictreonach, chun an próiseas fruilithe a shimpliú. Tabharfar isteach le rialacháin dhlíthiúla an fhéidearthacht conarthaí fostaíochta áirithe a thabhairt i gcrích agus a shocrú ar bhealach leictreonach, atá comhtháite le córais slándála sóisialta agus cánach. Leis sin, éascófar an próiseas chun dul i mbun caidreamh fostaíochta. Féadfar foráil a dhéanamh sa dlí maidir le hidirthréimhse réasúnta chun na forálacha is gá a chur i bhfeidhm go héifeachtach chun an córas TF a fhorbairt.</p>
A52G	A4.1 Athchóirithe struchtúracha ar institiúidí mhargadh an tsaothair	Garspríoc	Foilsíú Phlean Forbartha na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta 2025-2027	Arna fhoilsíú ag an Aireacht Teaghlaigh, Saothair agus Beartais Shóisialta (MRiPS) de Phlean Forbartha na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta 2025-2027				R4	2024	Foilseofar Plean Forbartha na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta don tréimhse 2025-2027. Leagfar amach ann tosaíochtaí beartais mhargadh an tsaothair agus na bealaí ina gcuirfidh na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta chun feidhme iad.
A53G	A4.1 Athchóirithe struchtúracha ar	Garspríoc	Próiseas comhairliúcháin leis na comhpháirtithe	Tuarascáil maidir le comhairliúchán leis na comhpháirtithe				R4	2022	Is é is cuspóir don chomhairliúchán leis na comhpháirtithe sóisialta ról agus acmhainneacht na gcomhaontuithe

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	institiúidí mhargadh an tsaothair		sóisialta a chur i gcrích maidir leis an acmhainneacht le haghaidh comhaontuithe comhchoiteanna agus staidéar cuimsitheach a dhéanamh ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag conradh aonair saothair chun solúbthacht agus slándáil nua a thabhairt isteach i margadh saothair na Polainne	sóisialta foilsithe ag an Aireacht Teaghlaigh agus Beartais Shóisialta (MRiPS)						comhchoiteanna i margadh saothair na Polainne a leagan amach chun solúbthachtaí nua a sholáthar i gcomhréir le réaltachtaí nua atá ag athrú go tapa. Déanfar staidéar chun breathnú ar an bhféidearthacht go mbeadh conradh saothair aonair ann, chun bonn taca anailiseach agus dlíthiúil a sholáthar agus chun anailis chomparáideach a úsáid. Féadfar é a fhorbairt le tacaíocht ó eagraíochtaí idirnáisiúnta agus/nó le cúnaimh teicniúil tiomnaithe.
A54G	A4.1 Athchóirithe struchtúracha ar institiúidí mhargadh an tsaothair	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm an dlí/na ndlíthe agus torthaí an chomhairliúcháin maidir le comhaontuithe comhchoiteanna agus an staidéir ar chonradh saothair aonair sa Pholainn á gcur san áireamh	Foráil sa dlí/sna dlíthe lena léirítear a theacht i bhfeidhm				C3	2024	Teacht i bhfeidhm an dlí/na ndlíthe agus toradh an staidéir ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag an gconradh aonair saothair agus na torthaí seo a leanas ar a laghad ar an gcomhairliúchán maidir le comhaontuithe comhchoiteanna á gcur san áireamh: 1) Simpliú na nósanna imeachta maidir le comhaontuithe comhchoiteanna a chlárú; 2) Úsáid idirghabhála sa chaibidlíocht; Eintitis atá údaraithe chun comhaontuithe cómhargála a thabhairt i gcrích; Ábhair a chumhdaítear le comhaontuithe cómhargála.

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
A55G	A4.1.1 Infheistíocht chun tacú le hathchóiriú institiúidí mhargadh an tsaothair	Garspríoc	Digiteáil na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta (SPFanna)	Córais agus bonneagar TF nuachóirithe				C2	2026	Cuirfear 13 chóras TF nuachóirithe ar fáil do na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta (SPFanna) agus áireofar orthu: — iarratais chun cliant SPFanna a chlárú, chun ligean d'eachtrannaigh obair a dhéanamh sa Pholainn, chun liúntas a fháil, agus chun iontráil a dhéanamh i gclárlann nó — cuntais aonair chliant na dteidlíochtaí íocaíochta nó — an uirlis suirbhé ar shástacht custaiméirí do chliant SPF nó — feidhmiúlacht suíomhanna gréasáin SPF a leathnú le sásraí atá bunaithe ar an intleacht shaorga. Ceannófar bonneagar TF do SPFanna.
A56G	A4.1.1 Infheistíocht chun tacú le hathchóiriú institiúidí mhargadh an tsaothair	Garspríoc	Oiliúint maidir le nósanna imeachta nua a chur i bhfeidhm	Oiliúint maidir le cur i bhfeidhm nósanna imeachta nua a nglactar leo				C2	2026	Soláthróidh na húdaráis prótacail maidir le glacadh le hoiliúint a chuirtear ar fáil do 10025 rannpháirtí maidir leis na nósanna imeachta nua a leagtar amach (i) sa dlí nua maidir le margadh an tsaothair agus seirbhísí fostaíochta poiblí, nó (ii) sa dlí nua maidir le náisiúnaigh tríú tír a fhostú, nó (iii) sa dlí nua maidir leis an gcóras faisnéise chun cineálacha áirithe conarthaí a láimhseáil.
A57G	A4.2 Athchóiriú chun feabhas a chur ar staid na dtuismitheoirí sa mhargadh saothair trí rochtain ar chúram leanaí ar ardchaighdeán a mhéadú do leanaí suas go dtí trí bliana d'aois	Garspríoc	Caighdeán cháilíochta a ghlacadh le haghaidh cúram leanaí, lena n-áirítear caighdeán oideachais agus chúraim maidir le seirbhísí do leanaí suas le 3 bliana d'aois	Foráil sna dlíthe ábhartha lena sonraítear an teacht i bhfeidhm				C2	2024	Anailís neamhspleách ar na caighdeán cúraim agus oideachais atá ann cheana do leanaí suas le trí bliana d'aois agus rochtain ar chórais oideachais agus cúraim luath-óige atá ar ardchaighdeán agus inacmhainne. Déanfar an anailís agus an Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2019 maidir le Córais Oideachais agus Cúraim Luath-Óige ar Ardchaighdeán (2019/C 189/02) á chur san áireamh agus cuirfear i láthair í i dtuarascáil a fhoilseoidh an Aireacht Teaghlaigh, Saothair agus Beartais Shóisialta. Rachaidh an Aireacht Teaghlaigh, Saothair agus Beartais Shóisialta i gcomhairle agus i

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										<p>gcomhaontú go poiblí leis na geallsealbhóirí i ndáil le rialachán maidir le caighdeáin cháilíochta do chúram leanaí, lena n-áireofar caighdeáin oideachais agus chúraim seirbhísi do leanaí suas le trí bliana d'aois. Féadfar foráil a dhéanamh leis an dlí maidir le hidirthréimhse réasúnta chun go gcuirfidh seirbhísi cúraim leanaí na caighdeáin arna nglacadh i bhfeidhm go héifeachtach.</p> <p>Le teacht i bhfeidhm leasaithe ar Ghníomh an 4 Feabhra 2011 maidir le cúram leanaí suas le trí bliana d'aois, beidh na híoschaighdeáin ceangailteach ar sholáthraithe cúraim leanaí. Déanfar foráil sa dlí maidir leis an mbonn don Aireacht Teaghlaigh, Saothair agus Beartais Shóisialta chun tacú leis na bardais rialú cáilíochta a dhéanamh.</p>
A58G	A4.2 Athchóiriú chun feabhas a chur ar staid na dtuismitheoirí sa mhargadh saothair trí rochtain ar chúram leanaí ar ardchaighdeán a mhéadú do leanaí suas go dtí trí bliana d'aois	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm gnímh lena leasaítear an Gníomh maidir le cúram leanaí suas le 3 bliana d'aois lena n-áiríthítear maoiniú baile fadtéarmach na seirbhísi cúraim leanaí do leanaí suas le 3 bliana d'aois	Foráil sa ghníomh lena leasaítear Gníomh an 4 Feabhra 2011 maidir le cúram leanaí suas le trí bliana d'aois lena léirítear a theacht i bhfeidhm				C2	2024	Teacht i bhfeidhm gnímh lena leasaítear Gníomh an 4 Feabhra 2011 maidir le cúram leanaí suas le trí bliana d'aois lena n-áiríthítear maoiniú fadtéarmach ó acmhainní náisiúnta d'fheidhmiú na seirbhísi cúraim leanaí do leanaí suas le trí bliana d'aois.
A59G	A4.2 Athchóiriú chun feabhas a chur ar staid na dtuismitheoirí sa mhargadh saothair trí rochtain ar chúram leanaí a mhéadú do leanaí suas go dtí trí bliana d'aois	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm gnímh lena leasaítear an Gníomh maidir le cúram leanaí suas le trí bliana d'aois arb é is aidhm dó eagrú an chórais um chúram leanaí a mhaoiniú a athrú go dtí trí bliana d'aois d'fhonn córas comhtháite aonair um	Foráil sa ghníomh lena leasaítear Gníomh an 4 Feabhra 2011 maidir le cúram leanaí suas le trí bliana d'aois lena léirítear a theacht i bhfeidhm				C2	2022	Le teacht i bhfeidhm gnímh lena leasaítear Gníomh an 4 Feabhra 2011 maidir le cúram leanaí suas le trí bliana, déanfar an bainistiú ar mhaoiniú chruthú agus fheidhmiú na saoráidí cúraim leanaí a chuicóiriú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: — córas comhleanúnach aonair bainistíochta maoinithe a chur chun feidhme chun seirbhísi cúraim leanaí do leanaí suas go dtí trí bliana d'aois a chruthú agus a fheidhmiú;

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
			bainistiú maoinithe a chur chun feidhme chun seirbhísí cúraim leanaí do leanaí suas le trí bliana d'aois a chruthú agus a fheidhmiú							— bainistiú cistí a thagann ó fhoinsí maoinithe éagsúla faoi chlár Maluch+ a thabhairt isteach.
A60G	A4.2.1 Tacaíocht do shaoráidí cúraim leanaí do leanaí suas le 3 bliana d'aois faoi 'Leabharadóir Gníomhach' (Maluch+)	Garsprioc	Córas TF a chruthú chun maoiniú agus cruthú saoráidí cúraim leanaí do leanaí suas go dtí trí bliana d'aois a bhainistiú, ina gcomhcheanglófar foinsí éagsúla maoinithe cúraim leanaí	Córas TF lánfheidhmiúil				C2	2022	Córas TF oibríochtúil a chruthú agus a chur in úsáid (nó ceann de na córais atá ann cheana a leathnú), a úsáidfidh faighteoírí deiridh na tacaíochta airgeadais chun tacú le tionscadail, eadhon eintitis a chruthaíonn agus a reáchtálann institiúidí cúraim leanaí, ag gach céim dá gcur chun feidhme. Bainfidh institiúidí a dhéanann maoirseacht ar an athchóiriú agus a chuireann chun feidhme é úsáid as an gcóras freisin. Áireofar sa chóras faisnéis maidir le foinsí éagsúla maoinithe cúraim leanaí.
A61G	A4.2.1 Tacaíocht do shaoráidí cúraim leanaí do leanaí suas le 3 bliana d'aois faoi 'Leabharadóir Gníomhach' (Maluch+)	Cuspóir sonrath	Saoráidí cúraim leanaí a thógáil nó a athchóiriú nó a oiriúnú do leanaí suas le 3 bliana d'aois		Uimhir	0	1 060	C2	2026	Líon na saoráidí cúraim leanaí do leanaí suas le 3 bliana d'aois arna dtógáil nó arna n-athchóiriú nó arna n-oiriúnú.
A62G	A4.3 Cur chun feidhme an chreata dhlíthiúil d'eintitis an gheilleagair shóisialta	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm gnímh maidir leis an ngeilleagar sóisialta	Foráil sa ghníomh maidir leis an ngeilleagar sóisialta lena léirítear a theacht i bhfeidhm				C2	2022	Teacht i bhfeidhm gnímh maidir leis an ngeilleagar sóisialta lena rialófar na saincheisteanna bunúsacha a bhaineann leis an earnáil sin, lena n-áirítear go háirithe: an sainmhíniú ar fhiontar sóisialta, na prionsabail a bhaineann le fiontar an gheilleagair shóisialta a fheidhmiú agus tacú leis, samhlacha nua comhair idir fiontair an gheilleagair shóisialta agus an rialtas áitiúil i gcur chun feidhme na seirbhísí sóisialta, chomh maith leis na prionsabail a bhaineann le comhordú beartais i réimse fhorbairt an gheilleagair shóisialta.

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spr ioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
A63G	A4.3.1 Infheistíocht in eintitis an gheilleagair shóisialta	Cuspóir sonrach	Cinntí lena mbronntar stádas fiontair shóisialta		Uimhir	0	1 400	C2	2025	Cinntí lena ndéantar stádas fiontair shóisialta a dhámhachtain ar 1400 eintiteas.
A64G	A4.3.1 Infheistíocht in eintitis an gheilleagair shóisialta	Cuspóir sonrach	Líon na n-eintiteas sa gheilleagar sóisialta a fhaigheann tacaíocht airgeadais		Uimhir	0	1 000	R4	2025	Eiseofar cinntí deontais maidir le tacaíocht airgeadais a sholáthar do 1000 eintiteas de chuid an gheilleagair shóisialta ar a laghad. Áireofar sna comhaontuithe deontais le heintitis an gheilleagair shóisialta an coiníoll go gcoinneofar an fhostaíocht san eintiteas sin ar feadh 12 mhí ar a laghad.
A65G	A4.4 Cineálacha fostaíochta a dhéanamh níos solúbtha agus cianobair a thabhairt isteach	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an ghnímh lena leasaítear an Cód Saothair lena dtugtar isteach an bhuaninstiúid cianoibre d'fhorálacha an Chóid Saothair agus cineálacha solúbtha socrúithe maidir le ham oibre	Foráil sa ghníomh lena leasaítear an Cód Saothair lena léirítear a theacht i bhfeidhm				C3	2022	Teacht i bhfeidhm an ghnímh lena leasaítear an Cód Saothair, rud a chuideoidh le réiteach níos feara a dhéanamh idir freagrachtaí gairmiúla agus príobháideacha, freagairt don ghéarchéim, agus tacaíocht a chur ar fáil chun cabhrú le daoine neamhghníomhacha a bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch níos ísle acu fostaíocht bhuan a aimsiú. Is éard a bheidh san athchóiriú: <ul style="list-style-type: none"> — an fhéidearthacht cianobair a dhéanamh (go hiomlán nó go páirteach) lasmuigh den áit oibre a thabhairt isteach ar bhonn comhaontuithe idir an fostaí agus an fostóir arna ndéanamh ar thabhairt i gcrích an chonartha fostaíochta nó le linn fostaíochta; — rialacha maidir le cianobair a bhunú i gcomhaontú idir an fostóir agus ionadaithe na bhfostaíthe; — lena n-áirítear cásanna sonracha ina bhféadfaí cianobair a dhéanamh arna iarraidh sin don fhostóir (amháil le linn imthosca urghnácha); — oibleagáid a bhunú ar an bhfostóir na hábhair agus na huirlisí is gá a sholáthar chun cianobair a dhéanamh agus/nó chun trealamh príobháideach fostaíthe a úsáid; — cineálacha solúbtha socrúithe ama oibre a chur chun feidhme.

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspíocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spíocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspíoc agus spíoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
A67G	A4.5 Gairmréimeanna a shíneadh agus obair tar éis na haoise scoir reachtúla a chur chun cinn	Garspíoc	Teacht i bhfeidhm an ghnímh lena leasaítear an Gníomh maidir le cáin ioncaim phearsanta lena gcuirtear chun feidhme ó 2023 laghdú ar cháin ioncaim phearsanta dóibh siúd a bhfuil an aois scoir bainte amach acu ach atá ag leanúint de bheith ag obair	Foráil sa ghníomh lena leasaítear an Gníomh maidir le cáin ioncaim phearsanta lena léirítear a theacht i bhfeidhm				R4	2022	Teacht i bhfeidhm an ghnímh lena leasaítear an Gníomh maidir le cáin ioncaim phearsanta lena gcuirtear na hathruithe seo a leanas chun feidhme: tiomnófar laghdú ar cháin ioncaim phearsanta do cháiníocóirí a shroicheann an aois scoir reachtúil agus nach geinneann dul ar scor ach a leanann de bheith ag obair. Diolmhófar na hoibríthe sin ó cháin ioncaim chuig teorainn áirithe ioncaim (nach mó ná an chéad réim chánach ioncaim, PLN 85528 in 2021, agus nach mó ná an meán-ollphá sa gheilleagar náisiúnta sa Pholainn). Laghdófar ráta cánach ioncaim phearsanta na ndaoine sin os cionn na chéad réime. A bhí leis an dreasacht chánach sin, tuillefaidh cáiníocóirí méideanna breise a chomhfhreagraíonn do mhéid na cánach ioncaim neamhíoctha arb é is aidhm di iad a dhreasú chun síneadh a chur le gairmeacha beatha.
A68G	A4.5 Gairmréimeanna a shíneadh agus obair tar éis na haoise scoir reachtúla a chur chun cinn	Garspíoc	Tuarascáil chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchar na mbeart a glacadh chun an aois scoir iarbhír a ardú	Foilsíú na tuarascála meastóireachta ag an Aireacht Teaghligh, Saothair agus Beartais Shóisialta				R4	2024	Is é is cuspóir don tuarascáil seo meastóireacht a dhéanamh ar éifeacht na leasuithe ar an gcáin ioncaim phearsanta ar aois scoir iarbhír tar éis 2 bhliain ó tugadh isteach iad. Déanfar anailís leis sin ar an tionchar ar rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, ar inbhuanaitheacht chóras na bpínsean, ar airgeadas poiblí agus ar chomhionannas inscne.
A69G	A4.6 Rannpháirtíocht grúpaí áirithe sa mhargadh saothair a mhéadú trí chúram fadtéarmach a fhorbairt	Garspíoc	Athbhreithniú straitéiseach ar chúram fadtéarmach sa Pholainn d'fhonn tosaíochtaí athchóirithe a shainaitheint	Foilsíú na tuarascála anailise straitéise ag an Aireacht Teaghligh, Saothair agus Beartais Shóisialta (MRiPS) agus ag an Aireacht Sláinte				R4	2023	Anailís ar an gcóras cúraim fhadtéarmaigh sa Pholainn a thabhairt chun críche d'fhonn é a athchóiriú amach anseo agus tuarascáil ábhartha a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin Biuletyn Informacji Publicznej na hAireachta Teaghligh, Saothair agus Beartais Shóisialta agus ar shuíomh gréasáin Biuletyn Informacji Publicznej na hAireachta Sláinte. Déanfar measúnú san anailís, go háirithe, ar cé acu is féidir nó nach féidir an méid seo a leanas a dhéanamh: — cúram fadtéarmach sóisialta agus sláinte a

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spr ioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										<p>chomhtháthú,</p> <ul style="list-style-type: none"> — dlús a chur le dí-institiúidiú na seirbhísí sin, — iad a chur faoi aon údarás amháin, — ilroinnt an tsoláthair cúraim a laghdú, — athbhreithniú a dhéanamh ar na sochair a bhaineann le cúram chun gur féidir dul i mbun fostaíochta, — córas cobhsaí a chruthú chun maoiniú leordhóthanach a dhéanamh ar na seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh, go háirithe an cúram pobalbhunaithe agus an cúram baile, — creat cáilíochta a thabhairt isteach maidir le seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh (ceanglais don fhoireann, trealamh, soláthraithe cúraim fhadtéarmaigh a ligean isteach ar an margadh). <p>Déanfar an anailís i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear comhpháirtithe sóisialta a bhíonn ag déileáil le soláthar cúraim fhadtéarmaigh, cúramóirí neamhfhoirmiúla, daoine a fhaigheann cúram, iad siúd nach bhfaigheann cúram ach ar cheart dó é a fháil, agus údarais áitiúla.</p>
A70G	A4.6 Rannpháirtíocht grúpaí áirithe sa mhargadh saothair a mhéadú trí chúram fadtéarmach a fhorbairt	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm gníomhartha dlíthiúla agus glacadh doiciméad lena gcumhdaítear na tosaíochtaí athchóirithe mar a saináithníodh san athbhreithniú straitéiseach ar chúram fadtéarmach sa Pholainn	Foráil i ngníomh dlí nó i ngníomhartha dlí lena léirítear a theacht i bhfeidhm agus foilsíú doiciméad a bhaineann leis an athbhreithniú ar chaiteachas poiblí agus leis an gcreat cáilíochta cúraim fhadtéarmaigh				R4	2025	<p>Teacht i bhfeidhm gníomhartha dlíthiúla lena gcumhdaítear na tosaíochtaí athchóiriúcháin seo a leanas, mar a saináithníodh san athbhreithniú straitéiseach ar chúram fadtéarmach sa Pholainn:</p> <ol style="list-style-type: none"> 1) ‘cúram fadtéarmach’ a shainiú ar bhealach atá comhsheasmhach ar fud chóras cúraim na tíre ina iomláine; 2) na coincheapa ‘cúramóirí neamhfhoirmiúla’ agus ‘cúram neamhfhoirmiúil’ a shainmhíniú; 3) maoiniú an chórais cúraim fhadtéarmaigh a mhéadú tríd an ‘dearbhan sinsearach’ a thabhairt isteach; 4) na forálacha dlíthiúla a leasú nó forálacha nua a ghlacadh maidir le caighdeáin

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										<p>cháilíochta don chúram fadtéarmach sa chóras cúnaimh shóisialta agus cúraim sláinte;</p> <p>5) na comhlachtaí atá freagrach as comhordú an chórais cúraim fhadtéarmaigh, as faireachán agus meastóireacht fhoriomlán ar ghníomhaíochtaí cáilíochta agus faisnéise a shainiú.</p> <p>I dteannta na n-athruithe sa chreat dlíthiúil, déanfaidh an Pholainn na bearta seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • an t-athbhreithniú ar chaiteachas poiblí a ghlacadh chun meastóireacht a dhéanamh ar staid an airgeadais phoiblí le haghaidh cúram fadtéarmach; • doiciméad a ghlacadh ina moltar sainmhíniú comhchuibhithe ar cháilíocht an chúraim fhadtéarmaigh sna córais shóisialta agus cúraim sláinte agus córas comhtháite faireacháin agus meastóireachta cáilíochta, bailithe sonraí agus úsáide.
A71G	A4.7 Deighilt an mhargaidh saothair a theorannú	Garspríoc	Athchóiriú ar an gCigireacht Saothair Stáit	Foráil sa ghníomh reachtach lena léirítear a theacht i bhfeidhm				R4	2025	<p>Teacht i bhfeidhm gnímh reachtaigh lena ndéanfar foráil maidir leis an méid seo a leanas:</p> <ol style="list-style-type: none"> 1) Cumhacht a thabhairt don Chigireacht Saothair Stáit cinntí riaracháin a eisiúint lena n-athraítear conarthaí dlí shibhialta arna dtabhairt i gcrích faoi choinníollacha cóid saothair a bhfuil conarthaí fostaíochta ag gabháil leo; 2) Malartú sonraí a cheadú idir Cigireacht Saothair an Stáit, an Institiúid Árachais Shóisialta (ZUS) agus an Riarachán Náisiúnta Ioncaim (KAS) chun críoch cigireachta;

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										<p>3) An fhéidearthacht a thabhairt isteach go ndéanfadh an Chigireacht Saothair Stáit cianchigireachtaí;</p> <p>4) Oibleagáid a thabhairt isteach don Chigireacht Stáit ar Shaothar pleananna gníomhaíochta bliantúla agus fadtéarmacha a ullmhú le haghaidh na gcigireachtaí spriocdhírthe bunaithe ar anailís riosca;</p> <p>5) Uasmhéid na fineála is féidir leis an gCigireacht Saothair Stáit a fhorchur in imeachtaí um fhógra pionóis a mhéadú faoi dhó ar a laghad.</p>
A72G	A4.7 Deighilt an mhargaidh saothair a theorannú	Garspríoc	Bearta fothaithe acmhainneachta le haghaidh na Cigireachta Saothair Stáit	Glacadh na sraithe gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh acmhainneacht na Cigireachta Saothair Stáit a mhéadú				C2	2026	<p>Glacfar sraith gníomhaíochtaí chun acmhainneacht Chigireacht Saothair an Stáit a mhéadú, lena n-áirítear:</p> <p>1) Glacadh na straitéise ilbhliantúla maidir le fothú acmhainneachta agus dálaí oibre lena bhforáiltear don mhéid seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • aghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le folúntais gan líonadh; • uirlisí TF a chur i bhfeidhm a bheidh le húsáid le haghaidh cianchigireachtaí; • plean oiliúna don fhoireann maidir leis na dlíthe nua, na caighdeáin oibriúcháin nua agus na huirlisí TF nua; • modhanna bainistíochta agus uirlisí measúnaithe riosca chun na cigireachtaí a dhéanamh spriocdhírthe. <p>2) Buiséad na Cigireachta Saothair Stáit le haghaidh 2026 a ghlacadh, maille le méadú foriomlán 10 % ar a laghad i gcomparáid le 2025;</p>

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										<p>3) Tascfhórsa idirinstiúideach um measúnú riosca a bhunú le rannpháirtíocht ionadaithe ón gCigireacht Saothair Stáit, ón Institiúid Árachais Shóisialta agus ón Riarachán Náisiúnta Ioncaim;</p> <p>4) Cainéal malartaithe sonraí leictreonacha a sheoladh idir Cigireacht Saothair an Stáit (PIP), an Institiúid Árachais Shóisialta (ZUS) agus an Riarachán Náisiúnta Ioncaim (KAS);</p> <p>5) Iniúchadh a dhéanamh ar na córais slándála TF i gCigireacht Saothair an Stáit; agus</p> <p>6) Ordú an Phríomh-Chigire Saothair a ghlacadh maidir leis na modhanna bainistíochta agus na caighdeáin le haghaidh cigireachtaí saothair.</p>
A73G	A5.1 Ranníocaíocht le hUrrann an Bhallstáit faoi chlár InvestEU	Garspríoc	Síniú an Chomhaontaithe Ranníocaíochta idir rialtas na Polainne agus an Coimisiún Eorpach	Síniú an Chomhaontaithe Ranníocaíochta				R4	2025	Síniú an Chomhaontaithe Ranníocaíochta faoi InvestEU idir rialtas na Polainne agus an Coimisiún Eorpach ar mhéid EUR 339305938.
A74G	A5.1 Ranníocaíocht le hUrrann an Bhallstáit faoi chlár InvestEU	Cuspóir sonrath	Oibríochtaí maoiniúcháin nó infheistíochta arna bhformheas ag Coiste Infheistíochta InvestEU		Céatadán (%)	0	100 %	C3	2026	Beidh oibríochtaí maoiniúcháin nó infheistíochta arb ionann iad agus 100 % de mhéid iomlán na n-acmhainní a leithdháiltar ar an ionstraim formheasta ag Coiste Infheistíochta InvestEU.
A75G	A6.1 Ranníocaíocht dheonach le Clár an Aontais um Nascacht Shlán (IRIS ²)	Garspríoc	Síniú an Chomhaontaithe Ranníocaíochta idir rialtas na Polainne agus an Coimisiún Eorpach agus sannadh Ranníocaíochta	Síniú an Chomhaontaithe Ranníocaíochta				C2	2026	Síniú an Chomhaontaithe Ranníocaíochta idir an Pholainn agus an Coimisiún Eorpach. Áireofar sa Chomhaontú Ranníocaíochta sin na gníomhaíochtaí a chisteofaí faoin ranníocaíocht dheonach.

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
			Deonáí do Chlár an Aontais um Nascacht Shlán (IRIS ²)							Aistreoidh an Pholainn EUR 500000000 chuig Clár an Aontais um Nascacht Shlán (IRIS ²).

A.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na hiasachta

A2.5 Acmhainneacht earnáil an chultúir agus na dtionscal cultúrtha a neartú le haghaidh forbairt eacnamaíoch

Is é cuspóir uileghabhálach an athchóirithe seo creat a cheapadh agus a chruthú chun tacú le hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta (CCS) i ndiaidh phaindéim COVID-19. Is éard a bheidh san athchóiriú páipéar beartais a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo a leanas: (i) príomhdhúshláin mheántéarmacha agus fhadtéarmacha a shainaitint in CSS; (II) comhlíonadh phrionsabail chothrománacha an Aontais a áirithiú, lena n-áirítear comhionannas inscne agus neamh-idirdhealú; (III) an acmhainneacht atá ag uirlisí agus ardáin ghlasa agus dhigiteacha chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin a shainaitint; (IV) coincheapa a fhorbairt le haghaidh comhar agus aistriú eolais agus scileanna idir earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta agus le hearnálacha na heolaíochta, an oideachais, na teicneolaíochta agus an ghnó agus béim á leagan ar phrionsabail ghinearálta an Aontais lena n-áirítear comhionannas inscne agus neamh-idirdhealú (v) roghanna tosaíochta a shainaitint chun tacaíocht phoiblí a sholáthar do ghníomhaíochtaí in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

A2.5.1 Clár chun tacú le gníomhaíochtaí eintiteas i dtionscail an chultúir agus na cruthaitheachta

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo éifeachtaí diúltacha fadtéarmacha phaindéim COVID-19 a chosc agus an t-aistriú glas agus digiteach a spreagadh in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta (CCS). Is éard atá i gceist leis an mbeart seo an méid seo a leanas a sholáthar: (i) clár deontais le haghaidh tionscadail in earnáil an chultúir agus na cruthaitheachta (CCS) agus (ii) clár comhaltachta le haghaidh daoine aonair in CCS.

A2.6 Athchóiriú ar an gcóras náisiúnta seirbhísí faireacháin, táirgí, uirlisí anailíseacha, seirbhísí agus bonneagar tionlacain trí úsáid a bhaint as sonraí satailíte

Is é is cuspóir don athchóiriú úsáid sonraí satailíte a éascú.

Is éard atá i gceist leis an mbeart seo dlí nua a ghlacadh maidir le gníomhaíochtaí spáis.

A2.6.1 Infheistíocht sa Chóras Náisiúnta Faisnéise Satailíte (NSIS) agus i satailítí

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo úsáid fhaire satailíte na Cruinne sa Pholainn a éascú agus táirgeadh agus soláthar faisnéise próiseáilte um fhaire na Cruinne (EO) a áirithiú.

Is éard atá san infheistíocht ardán TF an Chórais Náisiúnta Faisnéise Satailíte (NSIS) chun faireachán a dhéanamh ar sheirbhísí a úsáideann faire satailíte na Cruinne agus chun ceithre shatailít a thógáil.

A2.7.1 Infheistíocht — An Ciste Slándála agus Cosanta

Is é is aidhm don bheart seo athléimneacht gheilleagar na Polainne a fheabhsú trí choigeartú struchtúrach a dhéanamh ar an leibhéal tacaíochta poiblí atá ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh agus neamhéifeachtúlachtaí in earnálacha slándála agus cosanta an gheilleagair.

Is éard a bheidh sa bheart instealladh cothromais EUR 5332333606 isteach i gcuideachta (an ‘Ciste’) chun infheistíochtaí cosanta agus slándála a mhaoiniú mar a leagtar amach thíos.

Tabharfar de chumhacht do Bank Gospodarstwa Krajowego (BGK) le dlí an Ciste a bhunú agus maoirseacht a dhéanamh air. Beidh na heilimintí seo a leanas san áireamh sa dlí:

- a. Sainiú ar chuspóirí an Chiste agus ar na réimsí infheistíochta incháilithe ar féidir leis an gCiste tacú leo: (i) foirgnimh chosanta agus bonneagar cosanta sibhialta a fhorbairt, (ii) bonneagar dé-úsáide a thógáil agus a nuachóiriú, (iii) infheistíochtaí sa chibearshlándáil agus (iv) nuachóiriú fiontar lena n-áirítear tacaíocht T & F.
- b. Sonrófar sa dlí go n-oibreoidh an Ciste i gcomhréir le cuspóirí na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta. Áireofar sa dlí freisin an ceanglas chun a áirithiú go mbeidh raon feidhme na n-infheistíochtaí atá le cur chun feidhme i gcomhréir leis an méid is féidir a mhaoiniú faoi bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear faoin gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.
- c. An ceanglas go mbeidh an Ciste ina fhochuideachta de BGK agus gurb é BGK an t-aon úinéir amháin ar an gCiste. Cuirfidh an Ciste cuid den chothromas a instealltar sa Chiste de chúram ar BGK as iasachtaí a sholáthar do na faighteoirí deiridh agus déanfaidh BGK na hidirbhearta iasachta sin a bhainistiú go díreach. Beidh an chuid eile den chothromas a instealltar tiomnaithe d’infheistíochtaí cothromais. Beidh baint ag BGK le cinntí infheistíochta an Chiste le haghaidh na n-infheistíochtaí cothromais sin.
- d. Struchtúr rialachais an Chiste, comhdhéanamh agus freagrachtaí na gcomhlachtaí rialachais éagsúla, na gcomhlachtaí bainistíochta agus na gcoistí infheistíochta ábhartha agus a módúlachtaí ainmniúcháin.
- e. An ceanglas go nglacfaidh na comhlachtaí iomchuí cinntí infheistíochta an Chiste agus go bhformheasfar iad le tromlach vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar Rialtas na Polainne.
- f. An ceanglas go gcuirfeadh an Ciste córas iniúchóireachta agus rialaithe BGK i bhfeidhm a ndearna an Coimisiún measúnú dearfach air i gcomhréir le hAirteagal 157 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.
- g. An ceanglas go n-úsáidfear an cothromas a instealltar sa Chiste bunaithe ar bheartas infheistíochta.

Áireofar na gnéithe seo a leanas sa bheartas infheistíochta maidir le húsáid an chothromais a instealltar sa Chiste:

1. An tuairisc ar na réimsí infheistíochta le haghaidh an Chiste, i gcomhréir leis na réimsí incháilithe arna mbunú leis an dlí.
2. An tuairisc ar na táirgí airgeadais, lena n-áirítear iasachtaí agus cothromas, cuspóirí an Chiste, an chaoi a soláthróidh an Ciste an tacaíocht agus na faighteoirí deiridh incháilithe a bhfuiltear ag súil leo agus a dtacóidh an Ciste leo ar dtús. Beidh na táirgí airgeadais sin i gcomhréir leis an dlí lena mbunaítear an Ciste, lena n-áirítear an méid is féidir a mhaoiniú faoi bhuiséad an Aontais.
3. An amlíne atá beartaithe le haghaidh na gcéimeanna chun na hinfeistíochtaí tosaigh a chur chun feidhme.
4. Cur i bhfeidhm an phrionsabail ‘*gan dochar suntasach a dhéanamh*’ mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01):
 - i. I gcás iasachtaí nó ionstraimí coibhéiseacha, eisífar an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas ó incháilitheacht sa bheartas infheistíochta: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach13,

¹³ Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscribhinn III a

(ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha¹⁴, (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola¹⁵ agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla¹⁶.

- ii. Maidir le cothromas, eisiafar ón mbeartas infheistíochta cuideachtaí a bhfuil fócas substaintiúil acu¹⁷ sna hearnálacha seo a leanas: (i) táirgeadh fuinnimh atá bunaithe ar bhreosla iontaise agus gníomhaíochtaí gaolmhara¹⁸; (II) tionscail dianfhuinnimh agus/nó tionscail a astaíonn go leor CO₂¹⁹; (III) feithiclí truaillitheacha a tháirgeadh, a ligean ar cíos nó a dhíol²⁰; (IV) bailiú dramhaíola, cóireáil dramhaíola agus diúscairt²¹ dramhaíola, (v) próiseáil breosla núicléach, táirgeadh fuinnimh núicléach. Thairis sin, ceanglófar leis an mbeartas infheistíochta go gcomhlíonfar reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha fhaighteoirí deiridh na Saoráide.

ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01); (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith le haghaidh an aistrihe thráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise; (C) aerárthaí a úsáidtear le haghaidh cosaint shibhialta nó comhrac dóiteáin agus feithiclí sainchuspóireacha atá bunaithe ar na leibhéil feidhmíochta comhshaoil is fearr atá ar fáil san earnáil; agus (d) naisc bhóthair, droichid agus/nó tolláin nua a thógáil ar lú ná 20 ciliméadar a bhfad aonair agus bóithre, droichid agus/nó tolláin a athchóiriú.

¹⁴ I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunáidh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

¹⁵ Níl feidhm ag an eisiáil sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaitheach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná sineadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

¹⁶ Níl feidhm ag an eisiáil sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná sineadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

¹⁷ Meastar go bhfuil ‘fócas substaintiúil’ ag Tairbhí Deiridh ar earnáil nó ar ghníomhaíocht ghnó más mó ná 50 % den ollioncam an t-ollioncam a ghintear ón earnáil nó ón ngníomhaíocht shrianta.

¹⁸ Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i ngníniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú thráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

¹⁹ Lena n-áirítear gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha. I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunáidh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

²⁰ Sainmhínítear feithiclí truaillitheacha mar feithiclí nach feithiclí astaíochtaí nialasacha iad. Níl feidhm ag an eisiáil sin maidir le haerárthaí a úsáidtear le haghaidh cosaint shibhialta nó comhrac dóiteáin agus feithiclí sainchuspóireacha atá bunaithe ar na leibhéil feidhmíochta comhshaoil is fearr atá ar fáil san earnáil.

²¹ Níl feidhm ag an eisiáil sin maidir le gníomhaíochtaí i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le gléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaitheach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná sineadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

A.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an iasacht

A2 — NUÁLAÍOCHT

Srait h UIM H.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cusp óir	Ráithe	An Bhliain	
A1L	A2.5 Acmhainneacht earnáil an chultúir agus na dtionscal cultúrtha a neartú le haghaidh forbairt eacnamaíoch	Garsprioc	Páipéar beartais a ghlacadh chun tacú le gníomhaíochtaí glasa agus digiteacha in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta (CCS)	Páipéar beartais a fhoilsiú				R4	2022	<p>Tar éis comhairliúcháin poiblí, ghlac an tAire atá freagrach as gnóthaí cultúrtha páipéar beartais chun tacú le hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta (CCS). Go háirithe, tabharfar aghaidh sa doiciméad ar na saincheisteanna seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> - Príomhdhúshláin mheántéarmacha agus fhadtéarmacha in CCS a shainaitheint, lena n-áirítear na ceachtanna a foghlaimíodh ó ghéarchéim Covid-19; - A áirithiú go dtabharfar aghaidh ar chomhlíonadh phrionsabail ghinearálta an Aontais, lena n-áirítear comhionannas inscne agus neamh-idirdhealú, sna tionscadaíl a dtabharfar tacaíocht dóibh; - An acmhainneacht atá ann d'uirlisí agus d'ardáin ghlasa agus dhigiteacha a shainaitheint chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin; - Coincheapa a fhorbairt le haghaidh comhar agus aistriú eolais agus scileanna idir earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta agus le hearnálacha na heolaíochta, an oideachais, na teicneolaíochta agus an ghnó agus béim á leagan ar phrionsabail ghinearálta an Aontais lena n-áirítear comhionannas inscne agus neamh-idirdhealú, glas agus digiteach.

Sraith UIM H.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										Roghanna tosaíochta a shainithint chun tacaíocht phoiblí a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta.
A2L	A2.5.1 Clár chun tacú le gníomhaíochtaí eintiteas i dtionscail an chultúir agus na cruthaitheachta chun a bhforbairt a spreagadh	Garsprioc	Critéir roghnúcháin chun tacú le tionscadail in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta (CCS)	Na critéir roghnúcháin a fhoilsiú agus an coiste roghnúcháin neamhspleách a chur ar bun				R4	2022	<p>Glacfaidh agus foilseoidh an Aireacht Cultúir agus Oidhreacht Náisiúnta na critéir roghnúcháin chun tacú le FBManna, institiúidí cultúrtha agus eagraíochtaí neamhrialtasacha tionscadail a chruthú laistigh d'earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta (CCS).</p> <p>Thairis sin, bunófar coiste roghnúcháin neamhspleách ar a mbeidh saineolaithe ó dhisciplíní éagsúla, lena n-áirítear ionadaithe ó eagraíochtaí agus institiúidí neamhspleácha CCS. Déanfaidh an coiste roghnúcháin cinneadh maidir le soláthar deontas agus comhaltachtaí.</p> <p>Leis na critéir maidir le roghnú na n-iarratas ar dheontais tionscadail ó institiúidí cultúrtha, ó eagraíochtaí neamhrialtasacha, ó FBManna agus ó mhicrifhiontair in CCS, a chomhfhreagraíonn do cheann d'earnálacha NACE mar atá sainithe ag Eurostat, déanfar an méid seo a leanas:</p> <p>a) tosaíocht a thabhairt do thionscadail ar dócha go mbeidh tionchar buan acu ar an aistriú digiteach agus ar an aistriú glas in CCS;</p> <p>(b) tosaíocht a thabhairt do na tairbhíthe sin a bhfuil plean gnó acu maidir leis an gcaoi a n-</p>

Srait h UIM H.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										<p>úsáidfean na deontais chun costais an tionscadail a mhaoiniú; tosaíocht a thabhairt do na tairbhíthe sin a bhfuil cuntas teiste acu maidir le gníomhaíochtaí nó tionscadail le 24 mhí anuas a bhaineann leis an togra tionscadail.</p> <p>Déanfar prionsabail ghinearálta an Aontais, lena n-áirítear comhionannas inscne agus neamh-idirdhealú, a mheas i ngach tionscadal.</p>
A3L	A2.5.1 Clár chun tacú le gníomhaíochtaí eintiteas i dtionscail an chultúir agus na cruthaitheachta	Cuspóir sonrath	Líon na gconarthaí sínithe le haghaidh tionscadal in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta (CCS)		Uimhir	0	1 873	R4	2025	Sineofar 1873 chonradh le haghaidh tionscadal in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta (CCS).
A4L	A2.5.1 Clár chun tacú le gníomhaíochtaí eintiteas i dtionscail an chultúir agus na cruthaitheachta	Cuspóir sonrath	Líon na gcomhaltachtaí a bronnadh in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta (CCS)		Uimhir	0	945	R4	2025	Bronnfar 945 chomhaltacht ar dhaoine aonair in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta (CCS).
A7L	A2.6 Athchóiriú ar an gcóras náisiúnta seirbhíse faireacháin, táirgí, uirlisí anailíseacha, seirbhíse agus bonneagar tionlacain trí úsáid a bhaint as sonraí satailíte	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm dlí maidir le gníomhaíochtaí spáis	Foráil sa dlí lena sonraítear a teacht i bhfeidhm				R4	2025	Éascóidh dlí nua, inter alia, úsáid sonraí satailíte ag an riarachán poiblí. Bunófar leis an dlí riarthóir náisiúnta sonraí satailíte. Bunófar leis an dlí an oibleagáid atá ar an riarthóir náisiúnta eolas faoi shonraí satailíte a scaipeadh, agus a n-úsáid a chur chun cinn, lena n-áirítear oiliúint a eagrú d'eintitis leasmhara. Bunófar leis an dlí freisin na rialacha agus na coinníollacha maidir le gníomhaíochtaí spáis a dhéanamh agus maoirseacht a dhéanamh orthu, dliteanas i leith damáiste arb é réad spáis is cúis leis, chomh maith leis na rialacha maidir le hoibriú an Chláir Náisiúnta um Réada Spáis.

Srait h UIM H.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhlíain	
A8L	A2.6.1 Infheistíocht sa Chóras Náisiúnta Faisnéise Satailíte (NSIS) agus i satailítí	Garsprioc	Córas Náisiúnta Faisnéise Satailíte (NSIS)	Infhaighteacht ar líne an Chórais Náisiúnta Faisnéise Satailíte (NSIS)				C2	2025	Beidh an Córas Náisiúnta Faisnéise Satailíte (NSIS) ar fáil ar líne.
A11L	A2.6.1 Infheistíocht sa Chóras Náisiúnta Faisnéise Satailíte (NSIS) agus i satailítí	Cuspóir sonrath	Ceithre shatailít a thógáil		Uimhir	0	4	C2	2026	Líon na satailítí a tógadh, mar aon le cuid na talún a sheachadadh agus íocaíocht as an lainseáil. Síneoidh an conraitheoir agus an tairbhí an conradh lainseála.
A12L	A2.7.1 An Ciste Slándála agus Cosanta	Garsprioc	An creat dlíthiúil don Chiste a bhunú	Foráil sa dlí lena sonraítear a teacht i bhfeidhm				C3	2025	Teacht i bhfeidhm an dlí lena mbunaítear an creat dlíthiúil don Chiste. Ionchorprófar sa dlí na heilimintí a áirítear sa tuairisc ar an mbeart.
A13L	A2.7.1 An Ciste Slándála agus Cosanta	Garsprioc	Glacadh an Bheartais Infheistíochta	Glacadh an Bheartais Infheistíochta				R4	2025	Glacfaidh BGK agus/nó an Ciste beartas infheistíochta chun an cothromas insteallta a úsáid. Ionchorprófar sa bheartas infheistíochta na heilimintí a áirítear sa tuairisc ar an mbeart.
A14L	A2.7.1 An Ciste Slándála agus Cosanta	Garsprioc	Instealladh cothromais	Deimhniú aistrithe				C3	2026	Déanfar EUR 5332333606 i gcothromas a instealladh isteach sa Chiste. Beidh aon chomhaontuithe riachtanacha arna mbunú sa dlí chun an beart seo a chur chun feidhme tagtha i bhfeidhm. Lasmuigh den instealladh cothromais sa Chiste arb ionann é agus infheistíocht RRF, tarchuirfidh an Pholainn tuarascáil ina leagfar amach na gníomhaíochtaí a rinne an Ciste

Srait h UIM H.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										faoin 16 Lúnasa 2026 chun an beartas infheistíochta a chur chun feidhme, lena n-áirítear na bearta a rinneadh chun na táirgí airgeadais a chur chun feidhme a bhfuiltear ag súil go dtacóidh an cothromas breise leo ar dtús, chomh maith leis na bearta a bhfuiltear ag súil leo chun na táirgí sin a chur chun feidhme tuilleadh.

B. COMHCHUID B: ‘FUINNEAMH GLAS AGUS DÉINE FUINNIMH A LAGHDÚ’

Is é is aidhm don chomhpháirt de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Polainne aghaidh a thabhairt ar roinnt dúshlán atá roimh earnáil fuinnimh na Polainne faoi láthair maidir le dícharbónú agus truailliú aeir. Ar an gcéad dul síos, tá spleáchas na Polainne ar ghual fós i bhfad níos airde ná mar atá i mBallstáit eile, rud a fhágann go bhfuil an t-aistriú fuinnimh i dtreo neodracht carbóin dúshlánach. Ar an dara dul síos, ní chomhlíonann thart ar 70 % de theaghaisí aonteaghlaigh agus go leor foirgneamh ilárasán agus poiblí caighdeáin éifeachtúlachta fuinnimh. Mar thoradh air sin, in éineacht le húsáid fhorleathan guail ar cháilíocht íseal i gcórais téimh aonair, bíonn cáilíocht an aeir íseal. Ar an tríú dul síos, is fadhb mhór iad leibhéil ísle choinneála agus ganntanas uisce (lena n-áirítear uisce óil) i gceantair thuaithe. Is é príomhchuspóir na comhpháirte an meascán fuinnimh a aistriú i dtreo teicneolaíochtaí ísealcharbóin trí úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh a éascú agus trí úsáid foinsí malartacha fuinnimh amhail hidrigin agus bithghás a mhéadú. Tá sé d’aidhm ag an gcomhpháirt freisin tomhaltas fuinnimh a laghdú trí athchóiriú domhain foirgneamh a chur chun cinn, lena n-áirítear nuachóiriú teirmeach; agus trí dhéine fuinnimh an tionscail agus na seirbhísí, chomh maith le teaghlaigh, a laghdú. Ar deireadh, is é is aidhm don chomhpháirt díriú freisin ar an tionchar daonna ar an gcomhshaol a laghdú, go háirithe trí infheistíochtaí i neodrú bagairtí agus in athshlánú limistéar díghrádaithe ar mhórsála agus Mhuir Bhailt.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar na Moltaí Tírshonracha chun beartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfeistíocht a dhíriú ar nuálaíocht, iompar, go háirithe ar a inbhuanaitheacht, ar a bhonneagar digiteach agus fuinnimh, ar chúram sláinte agus ar fhuinneamh níos glaine, agus éagothromaíochtaí réigiúnacha á gcur san áireamh (Moladh Tírshonrach 3 2019) agus chun infheistíocht a dhíriú ar na haistrithe glasa agus digiteacha, go háirithe bonneagar digiteach, táirgeadh agus úsáid fuinnimh atá glan agus éifeachtúil agus iompar inbhuanaithe, lena rannchuidítear le dícharbónú an gheilleagair de réir a chéile, lena n-áirítear i réigiúin ghuaile (Moladh Tírshonrach 3 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C 58/01) á cur san áireamh. Maidir le gach beart sa chomhpháirt seo a bhaineann le forbairt bonneagair, beidh gá le reachtaíocht an Aontais a chomhlíonadh chun dochar don chuspóir bithéagsúlachta a sheachaint. Ciallaíonn sé sin go sonrach Treoir MTC (2011/92/AE) agus, i gcás láithreáin/oibríochtaí atá suite i limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de nó gar dóibh, Airteagal 6(3) agus Airteagal 12 den Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/CEE), agus Airteagal 5 den Treoir maidir le hÉin (2009/147/CE).

B.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfeistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

B1.1 Aer Glan agus éifeachtúlacht fuinnimh

Is é cuspóir an athchóirithe astaíochtaí gás ceaptha teasa ó earnálacha eacnamaíochta roghnaithe a laghdú agus éifeachtúlacht fuinnimh na n-earnálacha sin a mhéadú. Tá sé d’aidhm aige freisin cáilíocht an aeir a fheabhsú trí dhlús a chur leis an bpróiseas chun foinsí truaillitheacha giniúna teasa agus cumhachta a ionadú.

Bainfear na cuspóirí sin amach, ar an gcéad dul síos, trí shraith beart lena mbarrfheabhsófar tacaíocht infheistíochta éifeachtúlachta fuinnimh, go príomha mar chuid den Scéim um Oibleagáid

Éifeachtúlachta Fuinnimh. Áireofar orthu sin úsáid Conarthaí Feidhmíochta Fuinnimh san earnáil phoiblí a éascú, an fhéidearthacht d'eintitis a chumhdaítear leis an Scéim um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh a n-oibleagáidí coigilte fuinnimh a shocrú faoi chuimsiú clár fóirdheontais mar a thugtar orthu, agus rannpháirtíocht na gCuideachtaí Seirbhísí Fuinnimh sa Scéim um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh a chumasú. Bainfear é sin amach trí leasú a dhéanamh ar an Acht um Éifeachtúlacht Fuinnimh i gcomhar le leasuithe ar an dlí maidir le tacú le nuachóiriú agus athchóiriú teirmeach agus ar an gclár lárnach astaíochtaí foirgneamh; an dlí maidir le tacaíocht airgeadais chun áitribh chónaithe a chruthú ar cíós; an dlí maidir le cineálacha áirithe tacaíochta tithíochta; agus an dlí maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh. Bhí na gníomhartha dlí sin le teacht i bhfeidhm faoin 31 Márta 2022.

Ar an dara dul síos, bainfear amach cuspóirí an athchóirithe 'Aer Glan agus éifeachtúlacht fuinnimh' trí Chlár Tosaíochta Aeir Ghlain a fhorbairt i gcomhréir le straitéis athchóirithe fhadtéarmach faoin Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (2010/31/AE), a bheidh ina phríomhuirlis do bhearta éifeachtúlachta fuinnimh i bhfoirgnimh. Ar an gcaoi sin, méadófar éifeachtúlacht chur chun feidhme an Chláir d'Aer Glan atá ann faoi láthair trí nósanna imeachta iarratais a chuíchóiriú. Forbróidh sé tacaíocht shonrach a bheidh dírithe ar theaghlaigh ar ioncam is ísle, ar theaghlaigh ar ioncam íseal agus ar theaghlaigh ar ioncam níos airde, i gcás na dteaghlach sin, go háirithe trí rannpháirtíocht na hearnála baincéireachta a chuireann iasachtaí ar fáil in éineacht le deontais. Leis na hathruithe sin, réiteofar an bealach chun tacaíocht a chur in úsáid faoi infheistíocht B1.1.2 *'Foinsí teasa a athsholáthar agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú i bhfoirgnimh chónaithe teaghlaigh aonair'*, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann ráta na n-athchóirithe foirgneamh agus an athsholáthar téitheora a dtacaítear leo faoin gclár sin a mhéadú go suntasach. Glacfar na nuashonruithe ar an gClár Tosaíochta 'Aer Glan' faoin 31 Márta 2023.

Nuashonrú ar an gClár Náisiúnta um Chosaint Aeir a bheidh sa trío gné a bheidh mar bhonn taca faoin athchóiriú seo. Saineofar sa chlár sraith chuimsitheach fhadtéarmach ceanglas agus coinníollacha cumasúcháin d'údarais réigiúnacha agus áitiúla chun feabhas ar cháilíocht an aeir a áirithiú. Tabharfar sainordú do na húdarais sin bearta sonracha a dhéanamh chun leibhéal na dtuailleán aeir a astaítear ó théamh agus iompar teaghlaigh a ísliú nuair a sháraítear tairseach aerthruaillithe ar leith. Leithdháilfear buiséad sonracha ar na húdarais áitiúla agus réigiúnacha freisin chun rialacha maidir le cosaint an aeir a fhorfheidhmiú, go háirithe mar chuid de na 'rúin i gcoinne an toitcheo', mar a thugtar orthu. Leis an gClár Náisiúnta nuashonraithe um Chosaint an Aeir, tabharfar sainordú maidir le deireadh a chur le haon tacaíocht phoiblí d'infheistíochtaí i dtéitheoirí nua gualbhreoslaithe faoin 31 Nollaig 2021.

Rialachán Leasaithe ón Aire Aeráide agus Comhshaoil lena leagtar síos caighdeán do bhreoslaí soladacha a bheidh sa cheathrú gné den athchóiriú. I gcás breoslaí soladacha bithmhaise, leagfar síos leis an rialachán caighdeán cháilíochta dóibh siúd atá beartaithe lena n-úsáid sa teaghlach, lena n-áirítear millíní adhmaid, agus dóibh siúd amháin. Sa bhreis ar thoirmeasc a chur ar ghual ar cháilíocht íseal le haghaidh téamh baile a achtaíodh in 2018, leagfar síos leis an leasú seo íoschaighdeán maidir le breoslaí soladacha.

B1.1.1 Infheistíocht i bhfoinsí teasa i gcórais téimh ceantair

Is é is cuspóir don infheistíocht seo téamh ceantair a nuachóiriú agus a astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Is éard atá san infheistíocht sin comhaontuithe a síníodh le haghaidh suiteálacha giniúna teasa le haghaidh téamh ceantair.

B1.1.2 Athsholáthar foinsí teasa agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe aonteaghlaigh

Is é cuspóir na hinfheistíochta éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe teaghlaigh aonair a mhéadú. Is éard atá san infheistíocht tacaíocht do (i) athsholáthar foinsí teasa; nó (ii) nuachóiriú teirmeach foirgneamh aonteaghlaigh; nó (iii) suiteáil foinsí fuinnimh in-athnuaite.

B1.1.3 Nuachóiriú teirmeach ar institiúidí oideachais

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo éifeachtúlacht fuinnimh na n-institiúidí oideachais a mhéadú. Is éard atá sa bheart seo conarthaí a síníodh le haghaidh suiteálacha nó nuachóiriú foinsí teasa, suiteálacha foinsí fuinnimh in-athnuaite, nó nuachóiriú teirmeach i bhfoirgnimh institiúidí oideachais.

B1.1.4 Éifeachtúlacht fuinnimh saoráidí gníomhaíochta sóisialta a mhéadú

Is é is cuspóir don infheistíocht seo éifeachtúlacht fuinnimh saoráidí gníomhaíochta sóisialta a mhéadú. Is éard atá i gceist leis an mbeart sin nuachóiriú teirmeach a dhéanamh ar shaoráidí gníomhaíochta sóisialta (leabharlanna, ionaid chultúrtha nó phobail), ar féidir suiteáil foinsí teasa agus/nó foinsí fuinnimh in-athnuaite a áireamh iontu.

B1.1.5 Infheistíochtaí in éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh cónaithe ilárasán

Is é is cuspóir don infheistíocht seo éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh ilárasán a mhéadú. Is éard atá san infheistíocht (i) nuachóiriú teirmeach foirgneamh cónaithe ilárasán; nó (ii) foinsí fuinnimh in-athnuaite a shuiteáil i bhfoirgnimh den sórt sin.

B2.1 Feabhas a chur ar na dálaí chun teicneolaíochtaí hidrigine agus gáis dhícharbónaithe eile a fhorbairt

Is é is cuspóir don athchóiriú margadh a fhorbairt le haghaidh hidrigin in-athnuaite agus ísealcharbóin agus breoslaí malartacha eile.

Tá dhá ghníomhaíocht sa bheart. Is é is aidhm don chéad cheann creat rialála a chruthú maidir le feidhmiú hidrigine mar bhreosla malartach don iompar trí fhorálacha a thabhairt isteach maidir le stáisiúin hidrigine a thógáil, a oibriú go sábháilte agus a uasghrádú chomh maith leis na húdaráis atá freagrach as úsáid stáisiún hidrigine a údarú agus an chigireacht theicniúil is gá a dhéanamh orthu. Leagfar amach ann freisin córas chun faireachán agus rialú a dhéanamh ar cháilíocht na mbreoslaí hidrigine a úsáidtear chun feithiclí a thiomáint. Bhí cur chun feidhme na gníomhaíochta le bheith curtha i gcrích faoin 30 Nollaig 2021.

Is é is aidhm don dara gníomhaíocht bonneagar hidrigine agus dearadh margáí a bhunú arb é is aidhm dó tacú le glacadh margaidh hidrigine in-athnuaite agus ísealcharbóin, táirgeadh hidrigine a chomhtháthú i margáí fuinnimh eile chomh maith le bonneagar atá ann cheana agus atá tiomnaithe, arb é is aidhm dó intuarthacht rialála a chruthú d'infheisteoirí agus tacú le glacadh hidrigine in-athnuaite agus ísealcharbóin. Comhlíonfaidh na hathchóirithe an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C 58/01) lena n-áiríteofar nach bhfágfaidh an t-athchóiriú go mbeidh úsáid agus margú hidrigine in-athnuaite níos deacra ná foinsí eile hidrigine. Is é is aidhm don athchóiriú hidrigin in-athnuaite nó hidrigin a tháirgtear ó leictrealóirí a fhorbairt agus hidrigin ísealcharbóin a chomhlíonann straitéis hidrigine an Aontais a chur chun cinn.

Tabharfar cur chun feidhme na gníomhaíochta seo chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

B2.1.1 Infheistíocht i hidrigin, monarú, stóráil agus iompar hidrigine

Is é cuspóir na hinfheistíochta tionscal hidrigine a chruthú sa Pholainn agus úsáid hidrigine in-athnuaite agus ísealcharbóin a mhéadú. Tá dhá ghníomhaíocht san infheistíocht.

Ar an gcéad dul síos, infheistíocht arb é atá inti fréamhshamhail feithiclí paisinéirí iarnróid faoi thiomáint hidrigine a dhearadh agus a thógáil agus/nó acmhainneacht táirgeachta feithiclí faoi thiomáint hidrigine a leathnú.

Ar an dara dul síos, déanfar infheistíocht phoiblí i scéim fóirdheontais, chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus chun rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú in earnáil táirgthe hidrigine in-athnuaite agus ísealcharbóin na Polainne. Oibreoidh an Scéim trí fhóirdheontais a sholáthar go díreach don earnáil phríobháideach. Ar bhonn infheistíocht STA, tá sé d'aidhm ag an Scéim fóirdheontais dar luach EUR 514105514 ar a laghad a sholáthar ar dtús.²²

Is é Bank Gospodarstwa Krajowego (BGK) a bhainisteoidh an Scéim mar chomhpháirtí cur chun feidhme.

Áireofar an líne táirgí seo a leanas sa Scéim:

- Fóirdheontais dhíreacha d'eintitis phríobháideacha nó d'eintitis san earnáil phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla chun a n-infheistíochtaí in acmhainneacht táirgeachta hidrigine in-athnuaite agus ísealcharbóin a mhaoiniú, lena n-áirítear leictrealóirí, agus bonneagar gaolmhar.

Chun an infheistíocht sa Scéim a chur chun feidhme, síneoidh an Pholainn agus BGK Comhaontú Cur Chun Feidhme ina mbeidh an t-ábhar seo a leanas:

1. Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na Scéime: Déanfaidh coiste infheistíochta nó comhlacht ceannais coibhéiseach iomchuí eile cinneadh dámhachtana deiridh na Scéime agus formheasfar é le tromlach na vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar an rialtas.
2. Príomhcheanglais an bheartais fóirdheontais ghaolmhair, lena n-áireofar:
 - a. An tuairisc ar na fóirdheontais a soláthraíodh agus ar na tairbhíthe deiridh incháilithe agus aird á tabhairt ar an gcuspóir go mbeidh acmhainneacht táirgeachta shuiteáilte 315 MW ar a laghad de hidrigin in-athnuaite agus ísealcharbóin mar thoradh ar na comhaontuithe fóirdheontais a tugadh i gcrích idir an Scéim agus na tairbhíthe deiridh.
 - b. Tá an ceanglas go mbeadh na hinfheistíochtaí uile a fhaigheann tacaíocht inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de.
 - c. An ceanglas maidir leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH ((2023) 6454 final). Go háirithe, eisiafar an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas ó incháilitheacht sa bheartas infheistíochta: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach²³, (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi

²² Ní hé an costas an luach sin per se, ach is é an méid infheistíochta spriocdhírithé é. D'fhéadfadh sé sin a bheith cothrom leis an gcostas nó gan a bheith cothrom ag brath ar an gcaoi a bhfuil an ionstraim struchtúrtha, ar cé acu a bhainfeadh nó nach mbainfeadh gearáil amach, agus ar cé acu atá nó nach bhfuil aon chostas/táille a ghearrtar ag an gComhpháirtí Cur Chun Feidhme.

²³ Cé is moite de (a) tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar gaolmhar tarchurtha agus dáileacháin, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith le haghaidh an aistriú thráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise; (C) saoráidí hidrigine ísealcharbóin a chomhlíonann an ceanglas maidir le laghdú 73.4 % ar astaíochtaí saolré GCT le haghaidh hidrigine, as a n-eascaíonn

Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha²⁴, (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí²⁵ agus gléasraí cóireála bitheolaíocha meicniúla²⁶ agus iv) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le mianadóireacht.

- d. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhíthe deiridh na Scéime tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.
3. An méid a chumhdaítear leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme, struchtúr táillí an Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme agus an ceanglas aon fháltais ón scéim nár úsáideadh a úsáid, lena n-áirítear tar éis 2026, chun na gcríoch beartais céanna.
 4. Ceanglais faireacháin, iniúcháireachta agus rialaithe, lena n-áirítear:
 - a. An tuairisc ar chóras faireacháin an chomhpháirtí cur chun feidhme chun tuairisciú a dhéanamh ar na fóirdheontais arna slógadh.
 - b. An tuairisc ar nósanna imeachta an chomhpháirtí cur chun feidhme lena n-áiritheofar calaóis, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.
 - c. An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Chomhaontú Cur Chun Feidhme sula ndámhfar fóirdheontas d'oibríocht.
 - d. An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plan iniúcháireachta BGK. Fíorófar leis na hiniúchtaí sin i) go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaóis, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; II) comhlíonadh an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh', na rialacha maidir le Státchabhair; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas nach bhfuair tairbhíthe deiridh na Scéime tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go

astaíochtaí saolré GCT níos ísle ná 3 tCO₂eq/tH₂) agus 70 % le haghaidh breoslaí sintéiseacha hidriginbhunaithe, i gcoibhneas le táirge comparáide breoslaí iontaise de 94 g CO₂e/MJ, as a n-eascraíonn 2.256 tCO₂eq/tH₂, i gcomparáid leis an gcur chuige a leagtar amach in Airteagal 25(2) de Threoir (AE) 2018/2001 agus in Iarscríbhinn V a ghabhann léi. Déanfar laghdúithe ar astaíochtaí saolré GCT a ríomh trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht dá dtagraítear in Airteagal 28(5) de Threoir (AE) 2018/2001 nó, ina ionad sin, trí úsáid a bhaint as ISO 14067:2018 nó ISO 14064-1:2018.

²⁴ I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná

ba cheart míniú a thabhairt ar thagarmharcanna ábhartha ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna bunaithe

le haghaidh leithdháileadh saor in aisce do ghníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach sa Choimisiún

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447.

²⁵ Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luathreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

²⁶ Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

bhfuil coinníollacha an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme agus na gcomhaontuithe fóirdheontais is infheidhme á n-urramú.

B2.2.3 Bonneagar críochoirt amach ón gcósta a thógáil

Is é is cuspóir don infheistíocht sin forbairt bonneagair gaoithe amach ón gcósta a éascú. Is éard atá san infheistíocht críochoirt nua a thógáil le haghaidh suiteálacha gaoithe amach ón gcósta agus saoraidí i gcalafoirt Łeba, Ustka agus Darłowo a uasghrádú nó a leathnú chun suiteálacha gaoithe amach ón gcósta a sheirbhísiú agus a chothabháil.

B3.1 Tacaíocht do bhainistiú inbhuanaithe uisce agus fuíolluisce i gceantair thuaithe

Is é is cuspóir don athchóiriú a áirithiú go ndéanfar faireachán, cothabháil agus rialú cuí ar réitigh mhalartacha bainistithe uisce agus fuíolluisce, amhail gléasraí cóireála aonair nó umair sheipteacha, chun meathlú a chosc.

Is éard a bheidh san athchóiriú oibleagáid a thabhairt isteach ar bhardais ionstraimí a úsáid chun diúscairt mhíchuí séarachais a chosc agus sásra na feidhmíochta ionadaí, mar a thugtar uirthi, i.e. folmhú umar séarachais ag an mbardas a eagrú, rud is infheidhme maidir le húinéirí maoine nach bhfuil conarthaí tugtha i gcrích acu chun umair sheipteacha a fholmhú. Tabharfar isteach leis freisin oibleagáid chun rialuithe rialta a chur i gcrích agus sásra forfheidhmithe éifeachtach a thabhairt isteach.

Tabharfar cur chun feidhme na gníomhaíochta sin chun críche faoin 30 Meitheamh 2022.

Bunófar leis an athchóiriú freisin critéir chríoachacha chun tairbhíthe na tacaíochta don soláthar uisce nó d'infheistíochtaí fuíolluisce i gceantair thuaithe a roghnú. Leis na critéir roghnúcháin, tabharfar tosaíocht do bhardais a bhfuil an cumas is lú acu infheistíochtaí a mhaoiniú óna n-acmhainní dílse agus do thionscadail a bhfuil an acmhainneacht is mó acu tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol atá ann cheana a mhaolú.

Bhí cur chun feidhme na gníomhaíochta sin le bheith curtha i gcrích faoin 31 Nollaig 2021.

B3.1.1 Infheistíochtaí i mbonneagair fuíolluisce nó soláthair uisce i gceantair thuaithe

Is é is cuspóir don infheistíocht seo infhaighteacht an bhonneagair uisce agus séarachais i gceantair thuaithe a mhéadú. Is éard atá i gceist leis an mbeart seo tacú le córais soláthair uisce nó diúscairthe fuíolluisce a thógáil nó a leathnú nó a nuachóiriú.

B. COMHCHUID B: ‘FUINNEAMH GLAS AGUS DÉINE FUINNIMH A LAGHDÚ’

B.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
B1G	B1.1 Aer glan agus éifeachtúlacht fuinnimh	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm gnímh lena leasaítear an tAcht um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus gníomhartha reachtacha gaolmhara	Foráil sa ghníomh lena leasaítear an tAcht um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus na gníomhartha reachtacha gaolmhara lena léirítear a theacht i bhfeidhm				C1	2022	Teacht i bhfeidhm gnímh lena leasaítear an tAcht um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus na gníomhartha reachtacha gaolmhara (dlí maidir le tacú le nuachóiriú agus athchóiriú teirmeach agus maidir leis an gclár lárnach astaíochtaí foirgneamh; an dlí maidir le tacaíocht airgeadais chun áitribh chónaithe a chruthú ar cíos; an dlí maidir le cineálacha áirithe tacaíochta tithíochta; agus an dlí maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh) lena gcuirfear ar chumas eintiteas a chumhdaítear leis an Scéim um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh oibleagáidí coigilte fuinnimh a shocrú faoi chuimsiú clár fóirdheontais, mar a thugtar orthu. Soiléireoidh sé na féidearthachtaí a bhaineann le Conarthaí Feidhmíochta Fuinnimh a úsáid san earnáil phoiblí. Cuirfidh sé ar chumas Cuideachtaí Seirbhísí Fuinnimh páirt a ghlacadh sna Scéimeanna um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh.
B2G	B1.1 Aer glan agus éifeachtúlacht fuinnimh	Garsprioc	Nuashonrú ar an gClár Tosaíochta ‘Aer Glan’	Glacadh leasuithe ar an gClár Tosaíochta ‘Aer Glan’ ag an gCiste Náisiúnta um Chosaint an Chomhshaoil, lena				C1	2023	Glacfaidh an Ciste Náisiúnta um Chaomhnú an Chomhshaoil leasuithe ar an gClár Tosaíochta ‘Aer Glan’ i gcomhréir le straitéis athchóirithe fhadtéarmach faoin Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh, lena n-áirítear tacaíocht thiomnaithe atá dírithe

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
				n-áirítear forálacha maidir le tacaíocht atá dírithe ar (a) teaghlaigh ardioncaim, go háirithe le rannpháirtíocht na hearnála baincÉireachta a chuireann iasachtaí ar fáil in éineacht le deontais; (b) teaghlaigh ar ioncam íseal; (C) teaghlaigh ar an ioncam is ísle.						ar (a) teaghlaigh ardioncaim go háirithe le rannpháirtíocht na hearnála baincÉireachta a chuireann iasachtaí ar fáil in éineacht le deontais; (b) teaghlaigh ar ioncam íseal; (C) teaghlaigh ar an ioncam is ísle (i gcomhréir leis na sainmhínte is infheidhme faoin gClár Tosaíochta 'Aer Glan'. Faoin 31 Márta 2023, beidh na forálacha lena dtugtar tacaíocht spriocdhírith do na grúpaí a luaitear lánoibriochtúil agus beidh rochtain ag faighteoír ar an tacaíocht sin.
B3G	B1.1 Aer glan agus éifeachtúlacht fuinnimh	Garsprioc	Nuashonrú ar an gClár Náisiúnta um Chosaint an Aeir	Glacadh an Chláir Náisiúnta nuashonraithe um Chosaint an Aeir ag an Aire Aeráide agus Comhshaoil				R4	2021	Saineoidh an Clár Náisiúnta um Chosaint Aeir cúraimí nua atá le cur chun feidhme faoi 2025, 2030 agus 2040 ar an leibhéal náisiúnta, cúigeach agus bardasach: (1) Caighdeáin a bhunú le haghaidh criosanna astaíochtaí ísle do bhordais inar sáraíodh na leibhéil NO2 incheadaithe; (2) Tiomantas 'ceantair' chun rúin in aghaidh toitcheo a ghlacadh i mbailte nach n-urramaítear caighdeáin áirithe maidir le cáilíocht an aeir iontu; (3) tacaíocht airgeadais d'údarás réigiúnacha agus áitiúla chun na gníomhaíochtaí a shonraítear sna rúin i gcoinne an toitcheo a chur chun cinn agus chun pointí faisnéise a ullmhú do chónaitheoirí atá ag cur isteach ar chistiú faoin gClár um Thosaíocht Aeir Ghlain; (4) Tabhairt isteach an chúraim arb é atá ann neartú a dhéanamh ar na forálacha maidir leis an

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										gcóras rialaithe le haghaidh fhorfheidhmiú chur chun feidhme na gcúraimí a shonraítear i rúin i gcoinne toitcheo; (5) Téitheoirí nua gualbhreoslaithe a eisiamh ó chlár tacaíochta poiblí amhail ón 1 Eanáir 2022.
B4G	B1.1 Aer glan agus éifeachtúlacht fuinnimh	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm leasaithe ar an Rialachán ón Aire Aeráide agus Comhshaoil maidir le caighdeáin cháilíochta le haghaidh breoslaí soladacha	Foráil sa leasú ar an Rialachán maidir le caighdeáin cháilíochta le haghaidh breosla soladach lena léirítear a theacht i bhfeidhm				R4	2022	Ar bhonn moltaí maidir le hathruithe reachtacha riachtanacha nó molta arna n-ullmhú ag foireann idir-aireachta agus ina dhiaidh sin comhairliúcháin ar na tograí le dlísheomraí na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha agus na hearnála guail, tiocfaidh an leasú ar an rialachán maidir le breoslaí soladacha gualbhunaithe i bhfeidhm. Cuirfidh sé cosc ar tháirgeoirí breoslaí soladacha guail brandáil mhíthreorach a úsáid.
B5G	B1.1 Aer glan agus éifeachtúlacht fuinnimh	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an rialacháin lena leagtar síos caighdeáin cháilíochta le haghaidh breoslaí soladacha bithmhaise	Foráil sa Rialachán maidir le caighdeáin cháilíochta le haghaidh breoslaí soladacha bithmhaise lena léirítear a theacht i bhfeidhm				C3	2023	Leagfar síos leis an rialachán caighdeáin cháilíochta le haghaidh breoslaí soladacha bithmhaise atá beartaithe lena n-úsáid sa teaghlach, lena n-áirítear millíní adhmaid.
B7G	B1.1.1 Infheistíochtaí i bhfoinsí teasa i gcórais téimh ceantair	Cuspóir sonrath	T1 — Foinsí teasa i gcórais téimh ceantair		Uimhir	0	23	C2	2026	Comhaontuithe arna síniú le haghaidh suiteálacha giniúna teasa le haghaidh téamh ceantair. Léireofar comhlíonadh an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ leis na forálacha seo a leanas sna comhaontuithe: — Ní sháróidh suiteálacha giniúna teasa

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										dá dtugtar tacaíocht tairseach 250 g CO ₂ /kWh d'fhuinneamh. — I gcás suiteálacha a úsáideann bithfhuinneamh, comhlíonfaidh siad sin Airteagal 29(2) go hAirteagal 29(7) de Threoir 2018/2001. — Ní úsáidfidh aon suiteáil dá dtugtar tacaíocht breosla a dhíorthaítear ó dhramháil.
B8G	B1.1.2 Athsholáthar foinsí teasa agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe aonteaghlaigh	Cuspóir sonrath	T1 — Ionadú foinsé teasa i bhfoirgnimh aonteaghlaigh		Uimhir	0	250 000	C3	2023	Líon na bhfoinsí teasa suiteáilte. Tacófar le hinfeistíochtaí faoin gClár um Thosaíocht Aeir Ghlain, i gcomhréir leis an straitéis athchóirithe fhadtéarmach faoin Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh I gcás tacaíocht do choirí gásadhainte, úsáidfead iad sin i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann le Treoir Theicniúil an Choimisiúin maidir le DNSH (2021/C58/021) agus beidh laghdú suntasach ar astaíochtaí GCT mar thoradh orthu agus é mar chuspóir feabhas suntasach a chur ar an gcomhshaol agus ar an tsláinte phoiblí, go háirithe mar gheall ar laghdú truaillithe, go háirithe i réimsí ina sáraítear caighdeán an Aontais maidir le cáilíocht an aeir a leagtar síos le Treoir 2008/50/AE nó ina bhfuil baol ann go sárófar iad.
B9G	B1.1.2 Athsholáthar foinsí teasa agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh	Cuspóir sonrath	Foinsí teasa a athsholáthar, foinsí fuinnimh in-athnuaite suiteáilte agus nuachóiriú teirmeach		Uimhir	0	465 000	C2	2026	Líon na bhfoirgneamh aonteaghlaigh a bhfuil foinsí teasa athsholáthraithe acu; nó foinsí in-athnuaite fuinnimh atá suiteáilte; nó nuachóirithe go teirmeach. Ina theannta sin, ar leibhéal na hinfeistíochta, ní bheidh níos mó ná

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	chónaithe aonteaghlaigh									40 % de líon foriomlán na bhfoinsí teasa athsholáthair i gcoirí gásadhainte.
B10G	B1.1.2 Athsholáthar foinsí teasa agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe aonteaghlaigh	Cuspóir sonrach	T1 — Nuachóiriú teirmeach agus suiteáil foinsí fuinnimh in-athnuaite i bhfoirgnimh chónaithe aonteaghlaigh		Uimhir	0	190 000	C3	2023	Líon na dtithe aonteaghlaigh teirmea-nuachóirithe a chomhlíonann caighdeán éifeachtúlachta fuinnimh. Tacófar le hinfeistíochtaí faoin gClár um Thosaíocht Aeir Ghlain.
B12G	B1.1.3 Nuachóiriú teirmeach ar institiúidí oideachais	Cuspóir sonrach	Líon foirgneamh institiúidí oideachais a bhfuil conarthaí sínithe acu le haghaidh suiteálacha nó nuachóiriú foinsí teasa, suiteálacha foinsí fuinnimh in-athnuaite, nó nuachóiriú teirmeach.		Uimhir	0	492	C2	2026	Líon foirgneamh institiúidí oideachais a bhfuil conarthaí sínithe acu le haghaidh suiteálacha nó nuachóiriú foinsí teasa, suiteálacha foinsí fuinnimh in-athnuaite, agus/nó nuachóiriú teirmeach. Eisiafar sa ghlaó foinsí teasa breosla iontaise ó chur chun feidhme tionscadal.
B15G	B1.1.4 Éifeachtúlacht fuinnimh saoráidí gníomhaíochta sóisialta a mhéadú	Cuspóir sonrach	Saoráidí gníomhaíochta sóisialta a nuachóiriú go teirmeach		Uimhir	0	150	C2	2026	An líon saoráidí gníomhaíochta sóisialta teirmea-nuachóirithe (leabharlanna, ionaid chultúrtha nó phobail). D'fhéadfaí a áireamh leis sin foinsí teasa agus/nó foinsí fuinnimh in-athnuaite a shuiteáil. Sonrófar sna rialacha nós imeachta maidir le tionscadail a roghnú nach bhfuil sé incháilithe foinsí teasa a athsholáthar le haghaidh coirí gáis.
B16G	B2.1 Feabhas a chur ar na dálaí chun teicneolaíochtaí hidrigine agus gáis dhícharbónaithe eile a fhorbairt	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm gníomhartha lena leasaítear na gníomhartha reachtacha maidir le hidrigin mar bhreosla malartach don iompar	Forálacha sna gníomhartha reachtacha leasaitheacha lena léirítear a dteacht i bhfeidhm				R4	2021	1. Leasú ar an Acht leictrea-shoghluasteachta (Eanáir 11, 2018; Dz. U. z 2018 r. poz. 317) tabharfar isteach na sainmhínte ar an mbonneagar athbhreoslaithe hidrigine; na ceanglais ghinearálta sábháilteachta agus theicniúla a leagan síos maidir leis na stáisiúin

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										<p>athbhreoslaithe (de réir na Treorach maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha) agus na nósanna imeachta agus na húdaráis inniúla atá ábhartha chun cigireacht a dhéanamh ar an mbonneagar sin a chinneadh.</p> <p>2. Leasú ar an Acht maidir leis an gcóras chun faireachán agus rialú a dhéanamh ar cháilíocht breoslaí (Lúnasa 25, 2006; Dz.U. Uimh. 169, poz. 1200) coincheap na hidrigine a thabhairt isteach de réir chód ainmníocht chomhcheangailte AC 2804 10 00; leagtar síos na nósanna imeachta maidir le faireachán agus rialú a dhéanamh ar cháilíocht na hidrigine; cinneann sé na húdaráis ábhartha. Beidh coincheap na hidrigine i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C 58/01). Ní fhágfaidh an t-athchóiriú go mbeidh sé níos deacra hidrigin in-athnuaite a úsáid agus a mhargú ná foinsí eile hidrigine. Beidh sé d’aidhm ag an athchóiriú go príomha hidrigin in-athnuaite nó hidrigin a tháirgtear ó leictrealóirí a fhorbairt.</p>
B17G	B2.1 Feabhas a chur ar na dálaí chun teicneolaíochtaí hidrigine agus gáis dhícharbónaithe eile a fhorbairt	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an dlí lena leagtar síos rialacha maidir le hidrigin	Foráil sa dlí lena sonraítear a teacht i bhfeidhm				R4	2023	Teacht i bhfeidhm an dlí lena sainítear rialacha maidir le bonneagar hidrigine agus dearadh margaidh arb é is aidhm dóibh tacú le glacadh margaidh hidrigine in-athnuaite agus ísealcharbóin, táirgeadh hidrigine a chomhtháthú i margaidh fuinnimh eile chomh maith le bonneagar atá ann cheana agus atá tiomnaithe, arb é is aidhm dó intuarthacht rialála a chruthú d’infheisteoirí agus tacú le glacadh hidrigine in-athnuaite agus ísealcharbóin.

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										Beidh an dlí i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C 58/01). Ní fhágfaidh an t-athchóiriú go mbeidh sé níos deacra hidrigin in-athnuaite a úsáid agus a mhargú ná foinsí eile hidrigine. Beidh an t-athchóiriú i gcomhréir le straitéis hidrigine an Aontais.
B20G	B2.1.1 Infheistíocht i hidrigin, monarú, stóráil agus iompar hidrigine	Cuspóir sonrach	Tionscadal/tionscadail taighde agus nuálaíochta		Uimhir	0	1	C2	2026	Is éard a bheidh san infheistíocht fréamhshamhaíl feithiclí paisinéirí iarnróid faoi thiomáint hidrigine a dhearadh agus a thógáil agus/nó acmhainneacht táirgeachta feithiclí faoi thiomáint hidrigine a leathnú.
B21aG	B2.1.1 Infheistíocht i hidrigin, monarú, stóráil agus iompar hidrigine	Garsprioc	Comhaontú Cur Chun Feidhme	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme				C2	2024	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme.
B21dG	B2.1.1 Infheistíocht i hidrigin, monarú, stóráil agus iompar hidrigine	Cuspóir sonrach	Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhíthe deiridh		Céatadáin	0	100 %	C3	2025	Beidh comhaontuithe fóirdheontais dhlíthiúil déanta ag BGK le tairbhíthe deiridh le haghaidh méid is gá chun 100 % d’infheistíocht RRF sa scéim a úsáid (agus táill bainistíochta á gcur san áireamh).
B21eG	B2.1.1 Infheistíocht i hidrigin, monarú, stóráil agus iompar hidrigine	Garsprioc	Tá an infheistíocht curtha i gcrích ag an Aireacht	Deimhniú aistrithe				R4	2025	Aistroidh an Pholainn EUR 514105514 chuig BGK le haghaidh na Scéime.
B37G	B2.2.3 Bonneagar críochfoirt amach ón gcósta a thógáil	Garsprioc	Críochfort nua a thógáil le haghaidh suiteálacha gaoithe amach ón gcósta	Oibreacha foirgníochta agus comhaontú réamhléasa críochfoirt				C3	2026	Soláthrófar cóip d’iontráil an bhainisteora láithreáin sa logleabhar láithreáin lena ndeimhnítear go ndearnadh oibreacha foirgníochta, nó cóip den phrótaic glactha deiridh arna shíniú ag an gconraitheoir/na conraitheoirí agus ag an eintiteas conarthach/na heintitis

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										<p>chonarhacha le haghaidh oibreacha foirgníochta an chríochfoirt nua le haghaidh suiteálacha gaoithe amach ón gcósta (lena bhfreastalaítear ar dhá shoitheach dá leithéid ar a laghad).</p> <p>Síneofar réamh-chomhaontú léasa nó réamh-chomhaontuithe léasa atá ceangailteach ó thaobh dlí, lena n-áirítear príomhúsáid an chríochfoirt chun suiteálacha gaoithe amach ón gcósta a shuiteáil.</p>
B38G	B2.2.3 Bonneagar críochfoirt amach ón gcósta a thógáil	Cuspóir sonrach	Oibreacha tógála chun saoráidí a uasghrádú/a leathnú i gcalafoirt Łeba, Ustka agus Darłowo		Uimhir	0	3	C2	2026	<p>Soláthrófar cóip d'iontráil an bhainisteora láithreáin sa logleabhar láithreáin lena ndeimhnítear go ndearnadh oibreacha foirgníochta, nó cóip den phrótaic glactha deiridh arna shíniú ag an gconraitheoir nó ag na conraitheoirí agus ag an eintiteas conarthach nó ag na heintitis chonarhacha chun oibreacha saoráidí i gcalafoirt Łeba, Ustka, agus Darłowo a uasghrádú nó a leathnú chun suiteálacha gaoithe amach ón gcósta a sheirbhísiú agus a chothabháil.</p> <p>Tabharfar socrú nó socruithe atá ceangailteach ó thaobh dlí i gcrích chun saoráidí calafoirt a úsáid (lena n-áirítear ceann amháin ar a laghad díobh seo a leanas: talamh, críochfoirt, nó beartanna) le forbróirí feirmeacha gaoithe amach ón gcósta, chun suiteálacha gaoithe amach ón gcósta a sheirbhísiú agus a chothabháil.</p>
B39G	B3.1 Tacú le bainistiú	Garsprioc	Forbairt rialacha maidir le críochú na	Treoirilínte arna nglacadh ag an				R4	2021	Critéir chríochacha a ghlacadh chun tairbhíthe a roghnú.

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	inbhuanaithe uisce agus fuíolluisce i gceantair thuaithe		tacaíocht do sholáthar uisce nó d'infheistíochtaí séarachais RRP i gceantair thuaithe	Aire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe						Leis na critéir roghnúcháin, tabharfar tosaíocht do bhordais a bhfuil an cumas is lú acu infheistíochtaí a mhaoiniú óna n-acmhainní dílse. Beidh féinrialtais na cúige rannpháirteach sa phróiseas chun na critéir a shainiú chun tairbhithe a roghnú.
B40G	B3.1 Tacú le bainistiú inbhuanaithe uisce agus fuíolluisce i gceantair thuaithe	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an ghnímh dlí lena mbunaítear oibleagáid chun faireachán agus rialú rialta a dhéanamh ar chórais aonair iomchuí	Foráil sa ghníomh dlí lena léirítear a theacht i bhfeidhm				C2	2022	Teacht i bhfeidhm gnímh dlí lena dtabharfar isteach an oibleagáid ar bhordais faireachán agus rialú a dhéanamh ar dhiúscairt séarachais agus ionstraimí a úsáid chun diúscairt mhíchú a chosc, lena n-áirítear sásra na feidhmíochta ionadaí, mar a thugtar air, i.e. folmhú umar séarachais ag an gcumann a eagrú d'úinéirí maoiné nach bhfuil conarthaí tugtha i gcrích acu chun umair sheipteacha a fholmhú.
B41G	B3.1.1 Infheistíochtaí i mbonneagair fuíolluisce nó soláthair uisce i gceantair thuaithe	Cuspóir sonrath	Tacaíocht do sholáthar fuíolluisce nó uisce		Uimhir	0	150	R4	2025	Prótacal glactha arna eisiúint chun córais soláthair uisce nó diúscairthe fuíolluisce a thógáil, a leathnú nó a nuachóiriú.
B41aG	B3.1.1 Infheistíochtaí i mbonneagair fuíolluisce nó soláthair uisce i gceantair thuaithe	Cuspóir sonrath	Tacaíocht do sholáthar fuíolluisce nó uisce		Uimhir	150	467	C2	2026	Prótacal glactha arna eisiúint chun córais soláthair uisce nó diúscairthe fuíolluisce a thógáil, a leathnú nó a nuachóiriú.
B42G	B1.1.5 Feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe ilárasán	Cuspóir sonrath	T1 — Suiteálacha fuinnimh in-athnuaite agus teirminuachóirithe i bhfoirgnimh ilárasán		Uimhir	0	632	C3	2023	Líon na bhfoirgneamh ilárasán atá teirmea-nuachóirithe nó atá feistithe le suiteálacha fuinnimh in-athnuaite.

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										Tacófar le hinfeistíochtaí faoi chlár TERMO.
B43G	B1.1.5 Infheistíochtaí in éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh cónaithe ilárasán	Cuspóir sonrath	T2 — Suiteálacha fuinnimh in-athnuaite nó nuachóiriú teirmeach i bhfoirgnimh ilárasán		Uimhir	632	5 756	C2	2026	Líon na bhfoirgneamh ilárasán atá teirmea-nuachóirithe nó atá feistithe le suiteálacha fuinnimh in-athnuaite.

B.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht iasachta

B1.2 An oibleagáid maidir le coigilteas fuinnimh a éascú do chuideachtaí fuinnimh

Is é is cuspóir don athchóiriú an scéim um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh a shimpliú agus a leathnú.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme trí shraith chaighdeánach luachanna tagartha a chruthú le haghaidh cineálacha éagsúla beart coigilte fuinnimh. Ní gá na bearta sin a iniúchadh a thuilleadh, rud a éascóidh rannpháirtíocht eintiteas níos lú sa scéim. Gné eile den athchóiriú is ea cuideachtaí breosla a chuireann breoslaí leachtacha a úsáidtear le haghaidh iompair ar an margadh a áireamh sa scéim um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh. Cuirfidh na cuideachtaí sin tionscadail feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh chun feidhme, cealóidh siadropria te number of white certificates, nó íocfaidh siad táille ionaid faoi choinníollacha áirithe. Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2022.

B1.2.1 Éifeachtúlacht fuinnimh agus foinsí in-athnuaite fuinnimh i gcuideachtaí — infheistíochtaí ag a bhfuil an acmhainneacht laghdaithe gás ceaptha teasa is airde

Is é is aidhm don infheistíocht tomhaltas deiridh fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa cuideachtaí a laghdú.

Is é is aidhm do chur chun feidhme réiteach glas i bhfiontair díriú ar phróisis thionsclaíochta agus fuinnimh a fheabhsú chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus déine fuinnimh a laghdú, as a dtiocfaidh laghdú — agus éifeachtúlacht níos airde — ar thomhaltas fuinnimh, mar aon le hinfheistíochtaí i bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite agus ísealcharbóin i bhfiontair.

Tacóidh an infheistíocht, go háirithe, (i) le tógáil, leathnú nó nuachóiriú suiteálacha tionsclaíochta agus táirgthe, trealaimh thionsclaíoch agus suiteálacha leictreachais atá ann cheana agus atá dírithe ar a n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú; (II) tógáil agus suiteáil a bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite féin i gcuideachtaí, lena n-áirítear tuirbíní gaoithe, tiomsaitheoirí gréine, painéil fhótavoltacha, córais gheoiteirmeacha, teaschaidéil; (III) saoráidí stórála fuinnimh a thógáil i gcuideachtaí i dtaca le fuinneamh a tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite; (IV) a bhfoinsí fuinnimh ísealcharbóin féin (inmheánacha) a thógáil/a uasghrádú, lena n-áirítear comhghiniúint; (V) sciar na mbreoslaí astaíochtaí ísle nó astaíochtaí nialasacha i bpróisis mhonaraíochta a mhéadú, agus na caighdeáin astaíochtaí is airde á n-urramú; (VI) foinsí teasa atá níos tíosaí ar fhuinneamh a chur in ionad foinsí teasa ísealfhuinnimh trí úsáid a bhaint as breoslaí (soladach, leachtach, gás) nó leictreachas; (VII) teirmi-nuachóiriú foirgneamh agus saoráidí a úsáidtear i bpróisis thionsclaíochta. Roghnófar tionscadail ar bhonn comórtas oscailten, agus na critéir seo a leanas á gcur san áireamh: (i) ullmhacht — aibíocht an tionscadail le haghaidh cur chun feidhme; (II) comhsheasmhacht leis na pleananna atá ann cheana maidir le haeráidneodracht; (III) méid an laghdaithe ar astaíochtaí CO₂ agus PM_{2,5} agus PM₁₀; (IV) méid an laghdaithe ar ídiú fuinnimh phríomhúil.

Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C 58/01), eisiafar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna ar thionscadail atá le teacht: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach²⁷; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos

²⁷ Seachas tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar gaolmhar tarchurtha agus dáileacháin, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C 58/01).

isle ná na tagarmharcanna ábhartha²⁸; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola²⁹ agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla³⁰; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ina theannta sin, ceanglófar leis na téarmaí tagartha nach roghnófar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil ábhartha náisiúnta. Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

B2.3 Tacaíocht d'infheistíocht i bhfeirmeacha gaoithe amach ón gcósta

Is é is cuspóir don athchóiriú tacú le fuinneamh gaoithe amach ón gcósta agus tionchar na srianta leithdháilte ar an margadh leictreachais a laghdú. Is éard atá sa bheart seo: (i) rialacháin a ghlacadh maidir le stáisiúin chumhachta amach ón gcósta, (ii) foilsiú thorthaí an cheant/na gceantanna difríochta le haghaidh leictreachais ó thoilleadh gaoithe amach ón gcósta, (iii) leasuithe ar rialacha an mhargaidh cothromúcháin chun soláthar sainráite acmhainneachtaí cothromúcháin (cúlchistí) roimh an gcúpláil lá amháin roimh ré (SDAC) a áireamh agus (iv) staidéar ar bhearta chun srianta leithdháilte i gcóras leictreachais na Polainne a theorannú.

B2.4 Creat dlíthiúil chun saoráidí stórála fuinnimh a fhorbairt

Is é is cuspóir don athchóiriú deireadh a chur leis na bacainní dlíthiúla atá ann cheana ar fhorbairt teicneolaíochtaí stórála agus timpeallacht dhlíthiúil chobhsaí a chruthú chun gnó stórála a oibriú.

Leis an athchóiriú, déanfar, inter alia, stóráil leictreachais a dhíolmhú ón oibleagáid taraife agus déanfar muirearú dúbailte ar mhuirir ghréasáin a bhaint. Fágfaidh sé go mbeidh an oibleagáid lamháltas/iontráil a fháil sa chlár ag brath ar an acmhainneacht stórála leictreachais suiteáilte iomlán, gan beann ar a toilleadh. Beidh an creat taraifí atá beartaithe le haghaidh stórála neamhidirdhealaitheach agus costas-léiritheach.

Bhí cur chun feidhme an athchóirithe le tabhairt chun críche faoin 30 Meitheamh 2021.

B3.2 Tacaíocht d'athchóiriú comhshaoil agus cosaint ar shubstaintí guaiseacha

Is é is cuspóir don athchóiriú an tionchar diúltach a bhíonn ag limistéir iarthionsclaíocha ar mhórsála agus ag ábhair ghuaiseacha a mhaireann i limistéir mhuirí na Polainne ar an gcomhshaol a laghdú. Is éard atá sa bheart sin athruithe dlíthiúla chun díothú cuimsitheach an tionchair dhiúltaigh ar an gcomhshaol atá ag limistéir iarthionsclaíocha shonracha ar mhórsála a éascú chomh maith le hathruithe dlíthiúla sa réimse a bhaineann le hábhair ghuaiseacha a láimhseáil.

²⁸ I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, tabharfar míniú ar na cúiseanna nach bhfuil sé sin indéanta. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

²⁹ Níl feidhm ag an eisiámh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

³⁰ Níl feidhm ag an eisiámh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibriochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdramhaíl múirin agus díleá anaeróbach bithdramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

B3.2.1 Infheistíochtaí i neodrú riosca agus in athchóiriú láithreán ar tír agus amach ón gcósta

Is é cuspóir na hinfeistíochta deireadh a chur leis an mbagairt ar shláinte agus ar bheatha an duine a bhaineann le truailléin nó substaintí guaiseacha a bheith i láithreáin ar tír agus amach ón gcósta. Is éard atá sa bheart seo foilsiú doiciméadachta le haghaidh infheistíochtaí a bhaineann le láithreáin réamhshainithe ar tír agus amach ón gcósta i bPoblacht na Polainne atá neamhchosanta ar thruailléin nó ar shubstaintí guaiseacha a bheith ann.

B3.3 Tacaíocht do bhainistiú inbhuanaithe acmhainní uisce sa talmhaíocht agus i gceantair thuithe

Is é is cuspóir don athchóiriú feabhas a chur ar na dálaí le haghaidh infheistíocht i gceantair thuithe i mbainistiú uisce agus in éifeachtúlacht acmhainní. Rannchuideoidh an t-athchóiriú le hathléimneacht na talmhaíochta in aghaidh triomaigh agus cosc ar thuilte i limistéir thalmhaíochta a mhéadú; éifeachtúlacht uisce a fheabhsú trí chaidreamh uisce i limistéir thalmhaíochta a rialáil i gceart agus rith chun srutha a laghdú; agus coinneáil uisce a mhéadú.

Is éard a bheidh san athchóiriú leasuithe ar an reachtaíocht náisiúnta is gá chun feabhas a chur ar na dálaí le haghaidh bainistiú athléimneach uisce ilimistéir uibhe agus thuithe. Leis na leasuithe, éascófar ullmhú agus cur chun feidhme infheistíochtaí maidir le coinneáil uisce agus cuirfear stop lena dhraenáil ó thailte talmhaíochta, lena n-áirítear go háirithe infheistíochtaí a bhaineann le hatógáil agus atógáil feistí draenála ionas go gcomhlíonfaidh siad feidhm na coinneála agus, ar an gcaoi sin, go gcosnófar talamh talmhaíochta ar thriomach agus go gcuirfear teorainn leis an riosca tuilte.

Comhlíonfaidh an t-athchóiriú na ceanglais a leagtar síos sa Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C 58/01), go háirithe, áiríteoidh sé go gcomhlíonfar reachtaíocht chomhshaoil an Aontais, lena n-áirítear Treoir MTC (2011/92/AE) agus an Treoir Réime maidir le hUisce (2000/60/CE).

Ní bheidh aon mheath ar leibhéal comhlíontachta reachtaíocht chomhshaoil an Aontais mar thoradh ar na leasuithe, go háirithe maidir le hinfeistíochtaí a mheastar a bheith ina n-infheistíochtaí suntasacha nó a d’fhéadfadh a bheith ina n-infheistíochtaí suntasacha de bhun rialachán Chomhairle na nAirí maidir le tionscadail ar dócha go mbeidh tionchar suntasach acu ar an gcomhshaol agus infheistíochtaí i limistéir Natura 2000 nó a dhéanann difear dóibh. Thairis sin, ní athróidh na hathruithe na rialacha atá ceangailteach faoi láthair maidir le hiontógáil uisce.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2022.

B3.3.1 Infheistíochtaí chun acmhainneacht an bhainistithe inbhuanaithe uisce i gceantair thuithe a mhéadú

Is é cuspóir na hinfeistíochta tacú le hinfeistíochtaí i gceantair thuithe chun bainistiú uisce agus éifeachtúlacht acmhainní a fheabhsú.

Rannchuideoidh an infheistíocht le hathléimneacht na talmhaíochta in aghaidh triomaigh agus cosc ar thuilte i limistéir thalmhaíochta a mhéadú; éifeachtúlacht uisce a fheabhsú trí chaidreamh uisce i limistéir thalmhaíochta a rialáil i gceart agus rith chun srutha a laghdú; agus coinneáil uisce a mhéadú, ar choinníoll go bhfuil údar cuí lena riachtanas agus lena gcineál. Tabharfar tosaíocht do réitigh atá athléimneach ó thaobh an athraithe aeráide de agus atá bunaithe ar an dúlra. Beidh tionscadail faoin mbeart seo faoi réir measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol (MTC) agus comhlíonfaidh siad na ceanglais a leagtar síos sa Treoir Theicniúil maidir le DNSH (C(2023) 6454 final). Áiríteofar go gcomhlíonfar reachtaíocht chomhshaoil an Aontais, lena n-áirítear Treoir MTC (2011/92/AE) agus an Treoir Réime maidir le hUisce (2000/60/CE). Na tionscadail infheistíochta uile a mhaoinítear faoin

gcomhpháirt sin lena gceanglaítear cinneadh MTC, comhlíonfaidh siad Treoir 2011/92/AE arna leasú le Treoir 2014/52/AE. Go sonrach, údarófar gach tionscadal nua lena n-éilítear MTC faoin Acht maidir le faisnéis a sholáthar faoin gcomhshaoil agus faoina chosaint, faoi rannpháirtíocht an phobail i gcosaint an chomhshaoil agus i measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaoil, arna leasú le hAcht an 30 Márta 2021 lena leasaítear an tAcht sin agus le gníomhartha áirithe eile. Forálacha na ‘Treoirínte maidir le gníomhaíochtaí feabhais le haghaidh tionscadail arna gcómhainiú ag Cistí an Aontais a ndéanann an sárú 2016/2046 difear dóibh’, mar a cuireadh in iúl don Pholainn an 23 Feabhra 2021 (tag. Ares(2021)1423319), cuirfeadh san áireamh iad i gcur chun feidhme na dtionscadal infheistíochta uile ar iarradh cinneadh comhshaoil nó cead tógála nó forbartha ina leith roimh theacht i bhfeidhm Ghníomh an 30 Márta 2021. Ní thacófar ach le tionscadail nach dtagann meathlú ar stádas na n-uiscí dromchla agus an screamhuisce astu agus nach gcuireann cosc ar fheabhas a chur ar stádas éiceolaíoch ná ar acmhainneacht na ndobharlach a ndéantar difear dóibh.

Déanfar aon infheistíocht a bhfuil éifeachtaí diúltacha aici ar an dúlra a eisiáimh ón tacaíocht. I gcás ina ndéantar uisce a astarraingt, ní mór don údarás ábhartha cead ábhartha a dheonú, lena n-áirítear go bhfuil dea-stádas éiceolaíoch ag na dobharlaigh dá ndéantar difear agus lena sonraítear coinníollacha chun meathlú orthu a sheachaint, i gcomhréir le ceanglais Threoir 2000/60/CE agus leis an Treoir theicniúil maidir le DNSH agus arna bhfianú leis na sonraí tacaíochta ábhartha is déanaí. Seachnófar astarraingt uisce i gcás nach bhfuil stádas maith nó acmhainneacht mhaith ag na dobharlaigh lena mbaineann (uiscí dromchla nó screamhuisce) nó i gcás ina réamh-mheastar nach mbeidh stádas maith nó acmhainneacht mhaith ag na dobharlaigh sin (i gcomhthéacs an t-athrú aeráide a ghéarú). Comhlíonfaidh na bearta freisin forálacha Threoir 2009/147/CE maidir le héin fhiáine a chaomhnú (an Treoir maidir le hÉin) agus forálacha na Treorach maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine 92/43/CEE a chaomhnú (an Treoir maidir le Gnáthóga).

Beidh cur chun feidhme na hinfeistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

B3.4 Creat cumasúcháin le haghaidh infheistíochtaí san aistriú glas i limistéir uirbeacha

Is é is cuspóir don athchóiriú tacú le hacmhainneacht cathracha tosaíocht a thabhairt do thionscadail infheistíochta atá dírithe ar mhaolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, agus na tionscadail sin a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus a mhaoiniú. Is é is aidhm don athchóiriú agus do na hinfeistíochtaí gaolmhara go háirithe sciar na limistéar glas i gcathracha a mhéadú.

Áiríteofar le sraith athruithe reachtacha go ndéanfar gnéithe inbhuanaitheachta a chomhtháthú sna nósanna imeachta pleanála uirbí agus go rachfar i gcomhairle le geallsealbhóirí mar chuid de na nósanna imeachta sin. Thairis sin, áiríteofar go bhfaighidh údarais áitiúla tacaíocht acmhainneachta iomchú chun tionscadail maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide a chur in ord tosaíochta, a phleanáil agus a chur i gcrích. Comhlánófar na gnéithe rialála agus fothaithe acmhainneachta sin trí ionstraim thiomnaithe a bhunú a bheidh dírithe ar mhaoiniú a chur ar fáil d’infheistíochtaí san aistriú glas i limistéir uirbeacha.

Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01), eisiafar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta le haghaidh tionscadal: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach³¹; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha³²;

³¹ Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscribhinn III den Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

³² I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, tabharfar míniú ar na cúiseanna nach bhfuil sé sin indéanta. Tagarmharcanna a bunaíodh le

(III) gníomhaíochtaí a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola³³ agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla³⁴; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha a roghnú.

Cuirfear an Ciste um Aistriú Uirbeach Glas ar bun faoin 30 Meitheamh 2022.

B3.4.1 Infheistíochtaí i gclaoclú glas cathracha

Is é cuspóir na hinfeistíochta tacú leis an aistriú glas i limistéir uirbeacha. Is éard atá sa bheart seo tacaíocht a thabhairt do thionscadail i gcathracha faoin Ionstraim um Chlaoclú Uirbeach Glas.

B3.5 Tógáil tithíochta a athchóiriú do dhaoine a bhfuil ioncam íseal agus meánioncam acu, agus éifeachtúlacht fuinnimh níos airde foirgneamh á cur san áireamh

Is é cuspóir an athchóirithe soláthar tithíochta atá tíosach ar fhuinneamh a mhéadú do theaghlaigh ar ioncam íseal agus ar mheánioncam.

Bainfear an cuspóir sin amach trí ráta an chómhaoinithe phoiblí d'fhoirgnimh a chomhlíonann caighdeán éifeachtúlachta fuinnimh a mhéadú 20 % níos uailmhianaí ná an t-íoschaighdeán éifeachtúlachta fuinnimh atá i bhfeidhm sa Pholainn (caighdeán na bhFoirgneamh nach mór Neodrach ó thaobh Fuinnimh de, NZEB).

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 30 Meitheamh 2022.

B3.5.1 Infheistíocht i dtionscadail tithíochta

Is é cuspóir na hinfeistíochta an soláthar tithíochta a mhéadú.

Is éard atá i gceist leis an mbeart seo tógáil nó athchóiriú foirgneamh atá mar chuid de stoc cónaithe na mbardas, teaghaisí faoi chosaint agus árasáin ar cíos arna gcruthú le rannpháirtíocht bardais nó comhlachais idirbhardasaigh ag infheisteoirí seachas an bardas.

B3.6 Feabhas a chur ar na dálaí chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a fhorbairt

Is é is cuspóir don athchóiriú feabhas a chur ar an timpeallacht rialála le haghaidh fuinneamh dáihte agus fuinneamh is tomhaltóir, an slabhra soláthair le haghaidh fuinneamh gaoithe amach ón gcósta a fhorbairt, córais bainistithe fuinnimh a chur chun feidhme, acmhainneacht shuiteáilte foinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus sciar an fhuinnimh ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú.

Is éard a bheidh san athchóiriú leasuithe ar an Acht um Fhuinneamh In-athnuaite ('an tAcht maidir le Fuinneamh In-athnuaite') amhail coinníollacha níos fearr a thabhairt isteach maidir le braislí fuinnimh a oibriú, samhlacha comhchoiteanna de tháirgeoirí is tomhaltóirí fuinnimh a chur chun

haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

³³ Níl feidhm ag an eisiámh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loisceithe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

³⁴ Níl feidhm ag an eisiámh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfhéistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdramhaíl múirin agus díleá anaeróbach bithdramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

feidhme, forálacha maidir le comhphobail nua fuinnimh in-athnuaite a chur chun feidhme, forálacha a thabhairt isteach lena sonraítear prionsabail na n-oibríochtaí do cheann amháin de shamhlacha an chomhphobail fuinnimh in-athnuaite agus glacadh na bprionsabal maidir le gnó a reáchtáil d'earnáil an bhithmheatáin.

Tabharfar cur chun feidhme na gníomhaíochta chun críche faoin 30 Márta 2023.

Leis an athchóiriú, leasófar freisin an tAcht maidir le hinfheistíochtaí i gcumhacht ghaoithe ar talamh chun an fhéidearthacht infheistíochtaí fuinnimh gaoithe ar talamh a éascú i mbardais ar mian leo suiteálacha den sórt sin a lonnú trí níos mó cumhachta a thabhairt do na húdaráis bhargasacha suíomh na n-infheistíochtaí aonair a chinneadh agus chun gur féidir an gléasra a lonnú níos gaire d'fhoirgnimh chónaithe ná an t-achar íosta reatha 10 n-oiread airde na suiteála.

Críochnófar cur chun feidhme na gníomhaíochta faoin 30 Meitheamh 2022.

Beidh teacht i bhfeidhm rialacháin ag gabháil leis an athchóiriú thuas lena gcuirfear plean ar fáil do cheantanna foinsí in-athnuaite fuinnimh in aghaidh na teicneolaíochta (lena n-áirítear d'fheirmeacha gaoithe nua ar talamh). Socrófar sa phlean buiséad agus méid leictreachais a bheidh ar fáil le haghaidh gach ceant iomaíoch don tréimhse 2022-2027. Foilseofar an rialachán faoin 30 Meán Fómhair 2022.

Thairis sin, déanfaidh an Pholainn acmhainneacht shuiteáilte feirmeacha gaoithe ar talamh agus suiteálacha fótavoltacha a mhéadú de réir a chéile chun rannchuidiú leis an aistriú glas. Sroichfidh an toilleadh suiteáilte gaoithe ar talamh agus fótavoltach 23.5 GW faoin 30 Meán Fómhair 2023.

Maidir le feirmeacha gaoithe amach ón gcósta a fhorbairt, tabharfar isteach leis an athchóiriú rialacha mionsonraithe maidir leis an táille lamháiltais a íoc le hUachtarán na hOifige Rialála Fuinnimh arna leathnú chuig eintitis a bhfuil baint acu le giniúint leictreachais i bhfeirmeacha gaoithe amach ón gcósta.

Tabharfar cur chun feidhme na gníomhaíochta sin chun críche faoin 30 Meitheamh 2022.

Thairis sin, rialófar leis an athchóiriú freisin na cineálacha sreafaí airgid atá le cur san áireamh agus an praghas coigeartaithe agus an modh mionsonraithe chun an praghas coigeartaithe a ríomh á ríomh.

Tabharfar cur chun feidhme na gníomhaíochta seo chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

B.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an iasacht

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
B1L	B1.2 Cur chun feidhme na hoibleagáide coigilte fuinnimh a éascú do chuideachtaí fuinnimh	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an rialacháin cur chun feidhme a ghabhann leis an Acht um Éifeachtúlacht Fuinnimh	Foráil sa rialachán cur chun feidhme a ghabhann leis an Acht um Éifeachtúlacht Fuinnimh lena léirítear a theacht i bhfeidhm				C2	2022	Teacht i bhfeidhm an rialacháin cur chun feidhme a ghabhann leis an Acht um Éifeachtúlacht Fuinnimh lena mbunófar luach tagartha coigiltis fuinnimh do thionscadail lena bhfeabhsaítear éifeachtúlacht fuinnimh; agus modheolaíocht a leagan amach chun coigilteas fuinnimh a ríomh do thionscadail in earnáil an iompair.
B2L	B1.2.1 Éifeachtúlacht fuinnimh agus foinsí in-athnuaite fuinnimh i gcuideachtaí — infheistíochtaí ag a bhfuil an acmhainneacht laghdaithe gás ceaptha teasa is airde	Garsprioc	Treoracha maoiniúcháin (lena n-áirítear critéir incháilitheachta agus roghnúcháin) don scéim tacaíochta lena ndírítear ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh i gcuideachtaí, lena n-áirítear iad siúd a chumhdaítear le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais	An scéim tacaíochta a fhoilsíú				R4	2022	Áireofar i mbeartas infheistíochta na scéime na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin tionscadail seo a leanas ar a laghad: (i) cuspóir an phraghais is ísle in aghaidh an tona den ghás ceaptha teasa a shábháiltear; (II) comhlíonadh Threoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) a áirithiú tríd an liosta eisiaimh a úsáid agus trí dhlíthe comhshaoil an Aontais agus dlíthe comhshaoil náisiúnta a chomhlíonadh agus (iii) spriocanna dícharbónaithe a shonrú.
B3L	B1.2.1 Éifeachtúlacht fuinnimh agus foinsí in-athnuaite fuinnimh i gcuideachtaí — infheistíochtaí ag a	Cuspóir sonrach	Dámhachtain na gconarthaí uile chun éifeachtúlacht fuinnimh agus foinsí in-athnuaite fuinnimh a chur chun feidhme i bhfiontair		Uimhir	0	13	R4	2023	Líon na gconarthaí arna ndámhachtain ar thionscadail infheistíochta a bhaineann le feabhas a chur ar phróisis thionsclaíochta agus fuinnimh chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus déine fuinnimh a laghdú, as a dtiocfaidh laghdú agus cuíchóiriú ar thomhaltas fuinnimh le hinfeistíochtaí i bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite agus ísealcharbóin i

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	bhfuil an acmhainneacht laghdaithe gás ceaptha teasa is airde									bhfontair. Úsáidfean an scéim i gcomhréir lena treoracha maoiniúcháin, mar a thuairiscítear faoi B2L. Cuirfean an scéim i bhfeidhm trí phróiseas neamh-idirdhealaitheach, trédhearcach agus oscailte, a bheidh oscailte do gach eanáil thionsclaíoch.
B4L	B2.3 Tacaíocht d'infheistíocht i bhfeirmeacha gaoithe amach ón gcósta	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm rialachán cur chun feidhme a eascraíonn as an nGníomh maidir le giniúint leictreachais a chur chun cinn i bhfeirmeacha gaoithe amach ón gcósta	Forálacha sna rialacháin lena sonraítear a dteacht i bhfeidhm				C2	2024	Tiocfaidh dhá rialachán cur chun feidhme i bhfeidhm: 1. Rialachán ón Aire Aeráide agus Comhshaoil maidir leis na ceanglais le haghaidh eilimintí tacair trealaimh le haghaidh aslonnú cumhachta agus le haghaidh eilimintí fostáisiún amach ón gcósta — Thairis sin, ráthófar leis an rialachán cáilíocht iomchuí an bhonneagair i gcomhthéacs a chomhtháthaithe fhéideartha leis an eangach chumhachta i gcás ina n-aistreofar na hasraonta cumhachta ó fheirmeacha gaoithe amach ón gcósta, mar a shonraítear in Airt. 82-83 den Acht um Ghaoth Amach ón gCósta. 2. Rialachán ón Aire Aeráide agus Comhshaoil maidir leis an uasphraghas in PLN in aghaidh an 1 MWh, a fhéadfar a léiriú i dtairiscintí a chuirfidh gineadóirí isteach i gceant.
B5L	B2.3 Tacaíocht d'infheistíocht i bhfeirmeacha gaoithe amach ón gcósta	Garsprioc	Torthaí ó chonarthaí le haghaidh ceant difríochta le haghaidh gaioth amach ón gcósta	Torthaí a fhoilsiú				R4	2025	Foilseofar torthaí ó cheant conarthaí/conarthaí difríochta (CfD) a dhéantar ar feadh 4 GW ar a laghad d'acmhainneacht ghaoithe amach ón gcósta.
B6L	B2.3 Tacaíocht d'infheistíocht i bhfeirmeacha gaoithe amach ón gcósta	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm leasaithe ar an Rialachán maidir leis na coinníollacha mionsonraithe le haghaidh oibriú an chórais cumhachta lena leasófar rialacha comhardúcháin	Foráil sa leasú ar an rialachán lena sonraítear a theacht i bhfeidhm				R4	2023	Mar chuid den athchóiriú ar an margadh fuinnimh, leasófar rialacha an mhargaidh don chothromú chun soláthar sainráite cúlchistí roimh an gcúpláil lá amháin roimh ré (SDAC) a chur san áireamh. Mhol ACER an réiteach sin i Modheolaíocht CCM CORE (Cinneadh 02/2019 ó ACER) mar cheann de na réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann chun tionchar na srianta leithdháilte a laghdú a mhéid is féidir. D'fhonn an t-athchóiriú sin a chur chun feidhme,

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
			náisiúnta chun tionchar na srianta leithdháilte a laghdú a mhéid is féidir							leasóidh an tAire Fuinnimh Rialachán an Aire Geilleagair an 4 Bealtaine 2007 maidir leis na coinníollacha mionsonraithe le haghaidh oibriú an chórais cumhachta.
B6aL	B2.3 Tacaíocht d'infheistíocht i bhfeirmeacha gaoithe amach ón gcósta	Garsprioc	Staidéar ar bhearta chun srianta leithdháilte i gcóras leictreachais na Polainne a theorannú	Staidéar a fhoilsíú ar shuíomh gréasáin an rialtóra fuinnimh maidir le bearta chun srianta leithdháilte i gcóras leictreachais na Polainne a theorannú				R4	2025	Déanfaidh an rialtóir fuinnimh staidéar ar bhearta chun srianta leithdháilte i gcóras leictreachais na Polainne a theorannú agus foilseoidh sé ar a shuíomh gréasáin é. Beidh measúnú sa staidéar ar úsáid srianta leithdháilte ó glacadh an t-athchóiriú in B6L, an réasúnaíocht lena n-úsáid, tionchar na mbearta atá ann cheana chun srianta leithdháilte a theorannú agus molfar bearta breise chun úsáid srianta leithdháilte i gcóras cyri na Polainne a laghdú a mhéid is féidir.
B10L	B2.4 Creat dlíthiúil chun saoráidí stórála fuinnimh a fhorbairt	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar an nGníomh um an dlí fuinnimh maidir le stóráil fuinnimh	Foráil sna leasuithe ar an nGníomh maidir leis an dlí fuinnimh lena léirítear a theacht i bhfeidhm				C2	2021	Éascóidh na leasuithe forbairt stórála leictreachais lena n-áirítear, go háirithe, díolúine ó oibleagáid taraife, gan aon mhuirir ghréasáin dhúbailte, díolúine pháirteach ó tháillí as an stóráil a nascadh leis an eangach, díolúine ó na hoibleagáidí maidir le deimhnithe tionscnaimh a thíolacadh agus ó tháillí áirithe maidir le leictreachas stóráilte. Beidh an creat taraifí atá beartaithe le haghaidh stórála neamh-idirdhealaitheach agus costas-léiritheach.
B14L	B3.2 Tacaíocht d'athchóiriú comhshaoil agus cosaint ar shubstaintí guaiseacha	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm dlí chun díothú cuimsitheach an tionchair dhiúltaigh a bhíonn ag limistéir iarthionsclaíocha ar mhórscaála ar an gcomhshaoil a éascú.	Foráil sa dlí lena sonraítear a theacht i bhfeidhm				R4	2022	Teacht i bhfeidhm dlí arb é is aidhm dó sábháilteacht do shláinte an duine agus riocht an chomhshaoil a mhéadú. Leis an dlí, bainfear bacainní eagraíochtúla agus dlíthiúla a thagann chun cinn maidir le deireadh cuimsitheach a chur leis an tionchar diúltach a bhíonn ag limistéir iarthionsclaíocha ar mhórscaála ar an gcomhshaoil. Is cineál píolótaíochta é le haghaidh suíomhanna réamhshainithe. Déanfar foráil sa dlí maidir le rialacha le haghaidh ceithre chomhpháirt allamuigh neamhspleácha (suíomhanna agus raonta feidhme éagsúla

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										oibreacha): 1) iarGléasra Ceimiceach ‘Tarnowskie Góry’ in Tarnowskie Góry; 2) iarGléasra Ceimiceach ‘Zachem’ in Bydgoszcz; 3) Gléasra ‘Organika-Azot’ in Jaworzno; 4) Iar-Ghléasra Tionscail Ruta Dyes in Zgierz. Áirítear le raon feidhme an tionscadail taiscéalaíocht agus fardal na limistéar, ullmhú agus measúnú ar scála na bhfadhbanna a bhaineann le tionchar láithreán mór athfhorbraíochta ar an gcomhshaol a laghdú agus doiciméadacht chuimsitheach infheistíochta a fhorbairt do na réimsí sin.
B15L	B3.2 Tacaíocht d’athchóiriú comhshaoil agus cosaint ar shubstaintí guaiseacha	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm gnímh dhlíthiúil nó gníomhartha dlíthiúla i réimse na n-ábhar guaiseach a mhaireann i limistéir mhuirí Phoblacht na Polainne	Foráil sa ghníomh dlí/sna gníomhartha dlí lena léirítear a dteacht i bhfeidhm				C2	2025	Teacht i bhfeidhm gnímh dhlíthiúil nó gníomhartha dlíthiúla, lena ndéanfar foráil maidir leis an méid seo a leanas: — tuairisc ar inniúlachtaí na n-údarás poiblí in ábhair a bhaineann le hábhair ghuaiseacha a dhíúscairt i limistéir mhuirí Phoblacht na Polainne; — oibleagáid plean bliantúil a fhorbairt maidir le hábhair ghuaiseacha a mhaireann i limistéir mhuirí Phoblacht na Polainne; — sainmhíniú ar ábhair ghuaiseacha bháite, clár de na hábhair ghuaiseacha sin a bhunú, oibleagáid chun ábhair ghuaiseacha a aimsíodh nó a sainaitníodh a thuairisciú.
B16L	B3.2.1 Infheistíochtaí i neodrú riosca agus in athchóiriú láithreán ar tír agus amach ón gcósta	Cuspóir sonrach	Doiciméadacht le haghaidh infheistíochtaí a bhaineann le láithreáin ar tír agus amach ón gcósta a nochtar do thruaileáin nó do shubstaintí guaiseacha a bheith ann		Uimhir	0	9	C3	2026	Bhain doiciméadacht a foilsíodh le hinfeistíochtaí i neodrú riosca agus in athchóiriú cúig láithreán réamhshainithe ar tír agus ceithre láithreán réamhshainithe amach ón gcósta atá neamhchosanta ar thruaileáin nó ar shubstaintí guaiseacha a bheith ann: do gach láithreán ar tír, measúnacht ar staid an chomhshaoil; agus i gcás gach láithreáin amach ón gcósta, pleananna neodraithe ina mbeidh na modhanna atá beartaithe chun ábhar guaiseach faoi thuilte a neodrú, agus tionchar na ngníomhaíochtaí atá beartaithe agus a n-

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										éifeachtaí ar staid na muirthimpeallachta á gcur i gcontas.
B21L	B3.3 Tacaíocht do bhainistiú inbhuanaithe acmhainní uisce sa talmhaíocht agus i gceantair thuaithe	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar an reachtaíocht náisiúnta is gá chun feabhas a chur ar na dálaí le haghaidh bainistiú athléimneach uisce sa talmhaíocht agus i gceantair thuaithe	Foráil sna leasuithe lena sonraítear an teacht i bhfeidhm				C2	2022	Teacht i bhfeidhm leasuithe a rannchuideoidh le hathléimneacht na talmhaíochta in aghaidh triomaigh agus cosc tuilte i limistéir thalmhaíochta a mhéadú; éifeachtúlacht uisce a fheabhsú trí chaidreamh uisce i limistéir thalmhaíochta a rialáil i gceart agus rith chun srutha a laghdú; agus coinneáil uisce a mhéadú. Comhlíonfaidh na leasuithe na ceanglais a leagtar amach sa Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C 58/01), go háirithe, áiríteoidh sé go gcomhlíonfar reachtaíocht chomhshaoil an Aontais, lena n-áirítear an Treoir maidir le Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaoil agus an Treoir Réime maidir le hUisce. Ní bheidh mar thoradh ar na leasuithe aon mheath ar leibhéal comhlíontachta reachtaíocht chomhshaoil an Aontais maidir le hinfeistíochtaí a mheastar a bheith ina n-infheistíochtaí suntasacha nó a d’fhéadfadh a bheith ina n-infheistíochtaí suntasacha de bhun rialachán Chomhairle na nAirí maidir le tionscadail ar dócha go mbeidh tionchar suntasach acu ar an gcomhshaoil agus infheistíochtaí i limistéir Natura 2000 nó a dhéanann dífear dóibh. Thairis sin, ní athróidh na leasuithe na rialacha atá ceangailteach faoi láthair maidir le hiontógáil uisce.
B22L	B3.3.1 Infheistíochtaí chun acmhainneacht an bhainistithe inbhuanaithe uisce i gceantair thuaithe a mhéadú	Garsprioc	Critéir roghnúcháin a ghlacadh le haghaidh glao ar thograí	Glacadh na gcritéar ag an Aireacht Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe				C2	2022	Roghnófar infheistíochtaí trí ghlaonna tiomnaithe, bunaithe ar chritéir chomhshaoil. Rannchuideoidh an tionscadal le hathléimneacht na talmhaíochta in aghaidh triomaigh agus cosc ar thuilte i limistéir thalmhaíochta a mhéadú; éifeachtúlacht uisce a fheabhsú trí chaidreamh uisce i limistéir thalmhaíochta a rialáil i gceart agus rith chun srutha a laghdú; agus coinneáil uisce a mhéadú, ar choinníoll go bhfuil údar cuí lena riachtanas agus lena gcineál.

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										Tabharfar tosaíocht do réitigh dhúlra bhunaithe nó do réitigh eile atá athléimneach ó thaobh an athraithe aeráide de. Ní thacófar ach le tionscail nach dtagann meathlú ar stádas na n-uiscí dromchla agus an screamhuisce astu agus nach gcuireann cosc ar fheabhas a chur ar stádas éiceolaíoch ná ar acmhainneacht na ndobharlach a ndéantar difear dóibh.
B24L	B3.4 Creat cumasúcháin le haghaidh infheistíochtaí san aistriú glas i limistéir uirbeacha	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm dlí arb é is aidhm dó tacú le hacmhainneacht na gceantar uirbeach infheistíocht a dhéanamh san aistriú glas	Foráil sa dlí lena sonraítear a teacht i bhfeidhm				R4	2023	Teacht i bhfeidhm dlí arb é is aidhm dó tacú le hacmhainneacht na gceantar uirbeach infheistíocht a dhéanamh san aistriú glas. Áiríteoidh sé go ndéanfar gnéithe inbhuanaitheachta a chomhtháthú i nósanna imeachta pleanála uirbí. Áiríteoidh sé go rachfar i gcomhairle le geallsealbhóirí mar chuid de na nósanna imeachta sin. Cuirfidh sé tacaíocht acmhainneachta ar fáil do rialtais áitiúla chun tionscail den sórt sin a chur chun feidhme. Féadfar foráil a dhéanamh sa dlí maidir le hidirthréimhse réasúnta chun oibleagáidí áirithe maidir le hoiriúnú uirbeach a chur i bhfeidhm go héifeachtach.
B25L	B3.4 Creat cumasúcháin le haghaidh infheistíochtaí san aistriú glas i limistéir uirbeacha	Garsprioc	An Ionstraim um Chlaochlú Uirbeach Glas	Bunú na hIonstraime um Chlaochlú Uirbeach Glas agus glacadh a rialacha agus a nósanna imeachta mionsonraithe i gcomhairle leis na geallsealbhóirí uile				C2	2022	Bunú na hIonstraime um Aistriú Uirbeach Glas chun tacú le (a) claochlú glas cathracha; agus (b) infheistíochtaí i ndigitiú glas cathracha, le nósanna imeachta glactha. Beidh an Ionstraim um Aistriú Uirbeach Glas i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C 58/01). Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C 58/01), eisiafar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta le haghaidh tionscadal: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iarteachtach; (ii) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										<p>tagarmharcanna ábhartha; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfadh ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha a roghnú.</p> <p>Áiríteofar leis an Ionstraim um Chlaochlú Uirbeach Glas go n-úsáidfeadh aon athshreabha (i.e. ús ar an iasacht, toradh ar chothromas, nó príomhshuim a aisíocadh, lúide costais ghaolmhara) atá nasctha leis an ionstraim sin le haghaidh na spriocanna beartais céanna, lena n-áirítear tar éis 2026, nó chun an iasacht RRF a aisíoc.</p>
B26L	B3.4.1 Infheistíochtaí i gclaochlú glas cathracha	Cuspóir sonrach	T1 — Síniú na gconarthaí iasachta		Uimhir	0	201	R4	2024	201 chonradh iasachta sínithe faoin Ionstraim um Chlaochlú Uirbeach Glas.
B27aL	B3.4.1 Infheistíochtaí i gclaochlú glas cathracha	Cuspóir sonrach	T2 — Tionscadail faoin Ionstraim um Chlaochlú Uirbeach Glas		Uimhir	0	1 033	C3	2026	Eiseofar cead áitíochta, fógra maidir le cur i gcrích, prótacal glactha deiridh, tuarascáil seachadta nó a gcoibhéis le haghaidh 1033 thionscadal.
B28L	B3.5 Tógáil tithíochta a athchóiriú do dhaoine a bhfuil ioncam íseal agus meánioncam acu, agus éifeachtúlacht	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm gnímh lena leasaítear Gníomh an 8 Nollaig 2006 maidir le tacaíocht airgeadais chun áitribh chónaithe a chruthú le haghaidh	Foráil san ionstraim lena leasaítear Ionstraim an 8 Nollaig 2006 maidir le tacaíocht				C2	2022	Déanfar foráil sa leasú ar an ngníomh maidir leis an tacaíocht d'infheistíochtaí i dtógáil foirgneamh a bhfuil caighdeán fuinnimh níos airde acu a mhéadú 20 % ná NZEB. Méadófar an tacaíocht i gcomparáid le tithíocht chaighdeánach ó 80 % go 95 % d'fhoirgnimh do theaghlaigh ar ioncam íseal agus ó 35 % go 60 % do theaghlaigh a bhfuil meánioncam

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	fuinnimh níos airde foirgneamh á cur san áireamh		cíos, tithíocht dhídeanach, foscadáin oíche, foscadáin do dhaoine gan dídean, gléasraí téimh agus áitribh shealadacha, agus athruithe ar ghníomhartha eile mar thoradh air sin	airgeadais chun áitribh chónaithe a chruthú le haghaidh cíos, tithíocht dhídeanach, foscadáin oíche, foscadáin do dhaoine gan dídean, gléasraí téimh agus áitribh shealadacha, agus athruithe ar ghníomhartha eile dá thoradh sin lena léirítear a theacht i bhfeidhm						acu. Beidh feidhm ag na forálacha sin maidir le haon fhoinse tacaíochta poiblí.
B30L	B3.5.1 Infheistíocht i dtionscadail tithíochta	Cuspóir sonrath	Foirgnimh a thógáil nó a athchóiriú		Uimhir	0	220	C2	2026	Líon na bhfoirgneamh a tógadh nó a athchóiríodh. Sonrófar sa ghlaio go dtacaítear leis na cineálacha tionscadal seo a leanas: teaghaisí atá mar chuid de stoc cónaithe an bhardais, teaghaisí faoi chosaint agus árasáin ar cíos arna gcruthú le rannpháirtíocht bardais nó comhlachais idirbhardsaigh ag infheisteoirí seachas an bardas.
B32L	B3.6 Feabhas a chur ar na dálaí chun foinsí in-athnuaithe fuinnimh a fhorbairt	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm gníomhartha lena leasaítear an creat reachtach do chomhphobail fuinnimh in-athnuaithe agus do bhithmheatán: Leasuithe ar an Acht RES, Leasuithe ar	Forálacha sna gníomhartha leasaitheacha agus sa rialachán lena léirítear a dteacht i bhfeidhm				C1	2023	Glacadh agus teacht i bhfeidhm gníomhartha leasaitheacha agus rialachán lena n-áirítear: 1. Leis na leasuithe ar Ghníomh an 20 Feabhra 2015 maidir le foinsí in-athnuaithe fuinnimh (an Ghníomh maidir le foinsí in-athnuaithe fuinnimh), déanfar athfhoirmlíú ar phrionsabail oibríochta le haghaidh braislí fuinnimh (coinníollacha níos fearr chun eintitis den sórt sin a bhunú) tríd an méid seo a leanas a sholáthar: rialacha, sainmhínte nó coincheapa maidir leis an méid seo a leanas: an raon

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
			reachtaíocht a bhaineann leis an margadh fuinnimh, agus teacht i bhfeidhm Rialacháin maidir leis an Acht RES							feidhme, na comhaontuithe, ábhar na braisle fuinnimh, clárann na braisle fuinnimh nó comhar idir comhaltai aonair na braisle fuinnimh agus oibreoirí córais. 2. Le leasuithe ar an Acht RES, cuirfear samhlacha comhchoiteanna táirgeoirí is tomhaltóirí fuinnimh chun feidhme. D'fhéadfadh moill a bheith ar theacht i bhfeidhm forálacha maidir le samhlacha comhchoiteanna do tháirgeoirí is tomhaltóirí fuinnimh. 3. Le leasuithe ar ghníomhartha reachtacha a bhaineann leis an margadh fuinnimh, cuirfear chun feidhme forálacha maidir le comhphobail nua fuinnimh inathnuaithe, lena n-áiríteofar go mbeidh na custaiméirí deiridh, go háirithe custaiméirí teaghlaigh, i dteideal a bheith rannpháirteach i gcomhphobal fuinnimh inathnuaithe. 4. Le Rialachán a ghabhann leis an Acht RES maidir le prionsabail na cuntasáíochta fuinnimh do chomharchumainn fuinnimh, tabharfar isteach forálacha lena sonrófar prionsabail oibríochtaí le haghaidh ceann amháin de shamhlacha an chomhphobail fuinnimh in-athnuaithe. 5. Leasuithe ar an Acht RES lena leagfar síos rialacha lena rialófar réachtáil gnó d'earnáil an bhithmheatáin.
B33L	B3.6 Feabhas a chur ar na dálaí chun foinsí in-athnuaithe fuinnimh a fhorbairt	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm gnímh lena leasaítear an Gníomh maidir le hinfeistíochtaí i bhfeirmeacha gaoithe ar talamh	Foráil sa ghníomh lena leasaítear an Gníomh maidir le hinfeistíochtaí i bhfeirmeacha gaoithe ar talamh lena léirítear a theacht i bhfeidhm				C2	2022	Teacht i bhfeidhm gnímh leasaithigh lena gcuirfear deireadh le bacainní foirmiúla ar infheistíochtaí i mbonneagar ar tír. Leis an leasú, déanfar an rialail maidir le hachar (fad iosta ón muileann gaoithe go dtí an foirgneamh cónaithe — 10 n-uairde airde an mhúilinn gaoithe, 10H) níos solúbtha trí níos mó cumhachta a thabhairt chun achair iosta chuig bardais a chinneadh mar chuid den nós imeachta spásúil/criosaithe agus chuig oifigí réigiúnacha um

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gerích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										chosaint an chomhshaoil mar chuid den nós imeachta chun cinntí a eisiúint maidir le dálaí comhshaoil. Coinneofar riail ghinearálta an fhaid 10H ar bun, ach cumasófar an fhéidearthacht go n-imeofaí uathí agus go dtabharfar níos mó cumhachta do bhordais aonair chun suíomh feirmeacha gaoithe a chinneadh mar chuid den nós imeachta pleanála áitiúil (nós imeachta críosaithe/spásúil). Beidh an plean áitiúil in ann achar níos giorra den fheirm ghaoithe ón bhfoirgneamh cónaithe a shainiú, agus raon thionchair na bhfeirmeacha gaoithe á chur san áireamh bunaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol a thuartar faoi phlean den sórt sin.
B34L	B3.6 Feabhas a chur ar na dálaí chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a fhorbairt	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm rialacháin lena leagtar síos plean ceantanna fuinnimh in-athnuaite do na blianta 2022-2027	Foráil sa rialachán lena sonraítear a theacht i bhfeidhm				C3	2022	Teacht i bhfeidhm rialacháin lena leagtar síos plean ceantanna fuinnimh in-athnuaite in aghaidh na teicneolaíochta (lena n-áirítear le haghaidh feirmeacha gaoithe nua ar talamh). Socrófar sa phlean buiséad agus méid leictreachais a bheidh ar fáil trí cheantanna iomaíochas don tréimhse 2022-2027.
B35L	B3.6 Feabhas a chur ar na dálaí chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a fhorbairt	Cuspóir sonrach	T1 — Toilleadh suiteáilte suiteálacha gaoithe agus fótavoltacha ar talamh (in GW)		Uimhir	11,2	18	C2	2022	Toilleadh suiteáilte iomlán (in GW) suiteálacha gaoithe ar talamh agus suiteálacha fótavoltacha.
B36L	B3.6 Feabhas a chur ar na dálaí chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a fhorbairt	Cuspóir sonrach	T2 — Toilleadh suiteáilte suiteálacha gaoithe agus fótavoltacha ar talamh (in GW)		Uimhir	18	20	C3	2022	Toilleadh suiteáilte iomlán (in GW) suiteálacha gaoithe ar talamh agus suiteálacha fótavoltacha.
B37L	B3.6 Feabhas a chur ar na dálaí chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a fhorbairt	Cuspóir sonrach	T3 — Toilleadh suiteáilte suiteálacha gaoithe agus fótavoltacha ar talamh (in GW)		Uimhir	20	23	C1	2023	Toilleadh suiteáilte iomlán (in GW) suiteálacha gaoithe ar talamh agus suiteálacha fótavoltacha.

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
B38L	B3.6 Feabhas a chur ar na dálaí chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a fhorbairt	Cuspóir sonrach	T4 — Toilleadh suiteáilte suiteálacha gaoithe agus fótavoltacha ar talamh (in GW)		Uimhir	23	23,5	C3	2023	Toilleadh suiteáilte iomlán (in GW) suiteálacha gaoithe ar talamh agus suiteálacha fótavoltacha.
B39L	B3.6 Feabhas a chur ar na dálaí chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a fhorbairt	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm an rialacháin cur chun feidhme a eascraíonn as Gníomh an 17 Nollaig 2020 maidir le giniúint leictreachais i bhfeirmeacha gaoithe amach ón gcósta a chur chun cinn	Foráil sa rialachán lena sonraítear a theacht i bhfeidhm				C2	2022	Tiocfaidh an rialachán cur chun feidhme seo a leanas i bhfeidhm: Rialachán ó Chomhairle na nAirí maidir leis an táille lamháltais — De bhun Airteagal 34(2a) den Dlí Fuinnimh, an oibleagáid an táille lamháltais a íoc le hUachtarán na hOifige Rialála Fuinnimh, leathnaíodh í freisin chuig frontair fuinnimh a dhéanann gníomhaíocht eacnamaíoch i réimse na giniúna leictreachais i bhfeirmeacha gaoithe amach ón gcósta, dá dtagraítear i nGníomh an 17 Nollaig 2020 maidir le giniúint leictreachais i bhfeirmeacha gaoithe amach ón gcósta a chur chun cinn. Ina theannta sin, i dtaca leis an leasú ar an Dlí Fuinnimh an 15 Aibreán 2021, is é stóráil leictreachais gníomhaíocht a chumhdófar leis an táille lamháltais freisin.
B40L	B3.6 Feabhas a chur ar na dálaí chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a fhorbairt	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm an rialacháin cur chun feidhme a eascraíonn as Gníomh an 17 Nollaig 2020 maidir le giniúint leictreachais i bhfeirmeacha gaoithe amach ón gcósta a chur chun cinn	Foráil sa rialachán lena sonraítear a theacht i bhfeidhm				R4	2022	Rialachán ón Aire Aeráide agus Comhshaoil maidir leis na cineálacha sreafaí airgid atá le cur san áireamh agus an praghas coigeartaithe agus an modh mionsonraithe chun an praghas coigeartaithe a ríomh á ríomh. Sonrófar sa rialachán na cineálacha sreafaí airgid atá le cur san áireamh agus an praghas coigeartaithe á ríomh agus an modh mionsonraithe chun an praghas coigeartaithe a ríomh. Le linn an phróisis, cuirfear san áireamh tosca amhair cabhair infheistíochta, dáta deonaithe na cabhrach infheistíochta agus na rialacha maidir le cabhair phoiblí a dheonú i réimse chosaint an chomhshaoil agus an fhuinnimh. Is é an aidhm atá ann an nós imeachta thuas a éascú d'infheisteoirí feirme gaoithe amach ón gcósta.

C. COMHCHUID C: ‘CLAOCHLÚ DIGITEACH’

Tugann Comhchuid C de Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Polainne aghaidh ar shraith dúshlán. Ar an gcéad dul síos, na héagothromaíochtaí idir ceantair uirbeacha agus thuaithe maidir le nascacht agus rochtain ar nasc idirlín tapa agus iontaofa, idir nasc fosaithe agus nasc móibíleach; ar an dara dul síos, an gá atá le húsáid níos tapúla agus níos sábháilte a bhaint as seirbhísí digiteacha san earnáil phoiblí; ar an tríú dul síos, an easpa foriomlán straitéise dírithe um oideachas digiteach agus oiliúint dhigiteach, rud a léiríodh go soiléir leis an easpa scileanna digiteacha agus trealaimh TFC i measc mac léinn agus múinteoirí le linn phaindeim COVID-19. Ar deireadh, an gá atá le cibearshlándaíl an chórais faisnéise poiblí a mhéadú chun freagairt go pras do chibirionsaithe agus do theagmhais slándála.

Is é is aidhm don chomhpháirt dlús a chur le próiseas digitithe na tíre trí chlaochlú digiteach na hearnála poiblí, an gheilleagair agus na sochaí. Is éard atá ann bearta arb é is aidhm dóibh: rochtain ar idirlíon ardluais a fheabhsú; ríomhsheirbhísí agus a n-infhaighteacht a fhorbairt san fheidhmchlár móibíleach mObywatel, agus feabhas a chur ar an gcumarsáid idir institiúidí poiblí, saoránaigh agus gnólachtaí; slándáil sa chibearspás a mhéadú, bonneagar próiseála sonraí a dhaingniú agus bonneagar seirbhísí slándála a dhigitiú; tacú le claochlú digiteach gnólachtaí trí néalríomhaireacht a úsáid.

Rannchuidíonn na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a forbraíodh sa chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar thrí Mholadh Tírshonracha a sainaitníodh don Pholainn le 2 bhliain anuas, maidir leis an ngá atá le beartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfheistíocht a dhíriú ar bhonneagar digiteach (Moladh Tírshonrach 3, 2019) agus ar an aistriú digiteach (Moladh Tírshonrach 3, 2020); chomh maith leis an ngá atá le scileanna digiteacha a fheabhsú agus claochlú digiteach cuideachtaí agus an riaracháin phoiblí araon a chur chun cinn (Moladh Tírshonrach 2, 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C 58/01) á cur san áireamh.

Meastar go gcuirfidh an chomhpháirt sin an t-aistriú digiteach chun cinn trí bhonneagar leathanbhanda Rochtana na Chéad Ghlúine Eile a fhorbairt, trí úsáid uirlisí digiteacha san earnáil phoiblí a fheabhsú agus trí bhorradh a chur faoi ríomhinniúlachtaí sa tsochaí (cuideachtaí, riarachán poiblí, múinteoirí agus mic léinn). Rannchuideoidh sé leis an gcibearshlándaíl a bharrfheabhsú, le héifeachtúlacht próiseála sonraí a fheabhsú agus le bonneagar na seirbhísí stáit atá freagrach as an tslándáil a uasghrádú. Ar deireadh, le himscaradh féideartha néalréiteach nuálach den chéad ghlúin eile cruthófar néalbhoneagair chobhsaí agus inbhuanaithe.

C.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

C1.1 Forbairt bonneagair líonra a éascú chun rochtain uilíoch ar idirlíon ardluais a áirithiú

Is é is aidhm don athchóiriú sin rochtain uilíoch ar idirlíon ardluais agus ar sheirbhísí digiteacha a ráthú ar fud na Polainne, lena n-áirítear na ‘spotaí bána’, mar a thugtar orthu, áit nach bhfuil bonneagar leathanbhanda ardacmhainneachta ann.

Bainfear é sin amach ar an gcéad dul síos trí bhacainní reachtacha ar infheistíocht leathanbhanda a bhaint agus ar an dara dul síos tríd an reachtaíocht náisiúnta a ailíniú leis an mBosca Uirlisí Nascachta uile-Aontais an 25 Márta 2021. Leis na hathruithe dlíthiúla, beartófar, inter alia, leasuithe ar an

Rialachán maidir le Fardal Bonneagair Teileachumarsáide agus ar an Rialachán maidir le córas an Phoainte Faisnéise Aonair (SIP).

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Márta 2023.

C1.1.1 Rochtain ar líonra leathanbhanda

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo cumhdach líonra leathanbhanda ardluais a mhéadú sa Pholainn agus tacú le cur i bhfeidhm Líonra Achair Logánta (LAN) i scoileanna. Is éard atá i gceist leis an mbeart seo rochtain ar idirlíon leathanbhanda a chur ar fáil d'aonaid chónaithe agus do naisc LAN atá suiteáilte i scoileanna.

C2.1 Feidhmeanna digiteacha a mhéadú sa réimse poiblí, sa gheilleagar agus sa tsochaí

Is é is cuspóir don athchóiriú seo tacú leis an digitiú sa Pholainn. Is éard atá sa bheart seo (i) leasú a dhéanamh ar an ngníomh maidir le ríomhairiú gníomhaíochtaí a dhéanann eintitis phoiblí, (ii) leasú a dhéanamh ar an ngníomh maidir le cáin ar earraí agus ar sheirbhísí i ndáil le sonraisc struchtúrtha a úsáid, (iii) caighdeáin cheangailteacha a shainiú chun bonneagar digiteach a thabhairt do scoileanna agus (iv) an Clár Forbartha Inniúlachta Digití a chruthú.

C2.1.1 Ríomhsheirbhísí poiblí agus réitigh TF don riarachán poiblí

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo ríomhsheirbhísí poiblí a leathnú. Tá na tionscadail seo a leanas sa bheart seo:

- ríomhsheirbhísí poiblí nua a chuirtear ar fáil ar líne nó ríomhsheirbhísí atá comhtháite i bhfeidhmchlár mObywatel;
- córais TF phoiblí a sheoladh nó a leathnú;
- córais leictreonacha bainistithe doiciméad a chur ar fáil do thairbhíthe le haghaidh úsáid táirgthe agus seoladh néalseirbhís RP EZD SaaS2;
- córas náisiúnta ríomhshonrasctha a sheoladh;
- ríomhsheirbhísí nua nó uasghrádaithe a sheoladh i seirbhís na hOifige Ríomhchánach.

C2.1.2 Teicneolaíochtaí digiteacha san oideachas scoile — gléasanna iniompartha

Is é is cuspóir don infheistíocht seo trealamh TFC a sholáthar do scoileanna sa Pholainn chun úsáid teicneolaíochtaí digiteacha san oideachas scoile a leathnú. Is éard atá i gceist leis an mbeart seo feistí iniompartha a sholáthar do scoileanna nó trí údaráis bhainistíochta scoile agus dearbháin le haghaidh ríomhairí iniompartha.

C2.1.3 Ríomhinniúlachtaí

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo leibhéal na n-inniúlachtaí digiteacha sa tsochaí a mhéadú. Is éard atá i gceist leis an mbeart seo oiliúint a chur ar fáil in inniúlachtaí digiteacha agus Lárionad Forbartha Inniúlachta Digití a bhunú.

C3.1 An chibearshlándaíl a fheabhsú

Is é is cuspóir don athchóiriú seo acmhainneacht an chórais náisiúnta cibearshlándaíla a mhéadú. Is éard atá sa bheart seo an leasú ar an dlí maidir leis an gcibearshlándaíl a ghlacadh.

C3.1.1 Cibearshlándaíl — CibearPL, bonneagar próiseála sonraí agus barrfheabhsú bhonneagar na seirbhísí forfheidhmithe dlí

Is é is cuspóir don infheistíocht seo réitigh chibearshlándála a leathnú sa Pholainn. Is éard atá sa bheart seo: (i) gníomhaíochtaí sa chibearshlándaíl; (II) foirgneamh lárionaid sonraí amháin a thógáil; (III) trealamh a sholáthar le haghaidh seirbhísí forfheidhmithe dlí agus (iv) réitigh próiseála sonraí bonneagair nó seirbhíse a sheoladh.

C.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
C1G	C1.1 Forbairt bonneagair líonra a éascú chun rochtain uilíoch ar idirlíon ardluais a áirithiú	Garsprioc	Creat arna ullmhú ag Seansailéireacht an Phríomh-Aire chun tionscadail leathanbhanda a chómhaoiniú i limistéir rochtana bána na Chéad Ghluine Eile (NGA), áit nach bhfuil aon líonra NGA ann faoi láthair	Foilsíú an chreata i suíomhanna gréasáin Sheansailéireacht an Phríomh-Aire agus Ionad Tionscadail na Polainne Digi				C2	2022	An creat a bhunú mar bhonn don ghlaio seo a leanas ar thogra. Aireofar sa chreat forálacha chun a áirithiú go gcomhlíonfar go hiomlán an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) maidir le tionscadail dá dtugtar tacaíocht faoin mbeart seo trí úsáid a bhaint as díonadh inbhuanaitheachta, liosta eisiamh, agus an ceanglas maidir le reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
C2G	C1.1 Forbairt bonneagair líonra a éascú chun rochtain uilíoch ar idirlíon ardluais a áirithiú	Garsprioc	Leasú ar rialachán an Aire Digiúitithe maidir le fardal bliantúil bonneagair agus seirbhísí teileachumarsáide	Foráil sa leasú ar an rialachán lena sonraítear an teacht i bhfeidhm				C1	2023	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar an rialachán maidir le fardal náisiúnta an bhonneagair teileachumarsáide agus na seirbhísí teileachumarsáide, chun na réimsí a bhfuil tacaíocht bhreise ó idirghabhálacha poiblí ag teastáil ina leith a shainiú ar bhealach níos fearr.
C3G	C1.1 Forbairt bonneagair líonra a éascú chun rochtain uilíoch ar idirlíon ardluais a áirithiú	Garsprioc	Leasú ar an rialachán maidir le Pointe Faisnéise Aonair	Foráil sa leasú ar an rialachán lena sonraítear a theacht i bhfeidhm				R4	2022	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar an rialachán maidir le Pointe Faisnéise Aonair chun faisnéis a sholáthar d’oibreoirí maidir le bonneagar le haghaidh infheistíochtaí teileachumarsáide agus uirlis phleanála.
C5aG	C1.1.1 Rochtain ar líonra leathanbhanda	Garsprioc	Conarthaí sínithe le soláthraithe leathanbhanda	Conarthaí sínithe				R4	2025	Sineofar conarthaí le soláthraithe leathanbhanda, chun leathanbhanda a chur ar fáil do 521000 aonad cónaithe.

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspíocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spíocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspíoc agus spíoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
C6G	C1.1.1 Rochtain ar líonra leathanbhanda	Garspíoc	Sciar na n-aonad cónaithe ag a bhfuil rochtain ar leathanbhanda 100 Mb/s	Sciar na n-aonad cónaithe ag a bhfuil rochtain ar leathanbhanda				C3	2026	Sroichfidh sciar na n-aonad cónaithe a bhfuil rochtain acu ar leathanbhanda 100 Mb/s-luais ar a laghad sa Pholainn 86 % ar a laghad.
C6aG	C1.1.1 Rochtain ar líonra leathanbhanda	Cuspóir sonrath	Líonra Achair Áitiúil (LAN) i scoileanna		Uimhir	0	2 000	C2	2026	Tá nasc LAN suiteáilte in 2000 scoil ar a laghad.
C7G	C2.1 Feidhmeanna digiteacha a mhéadú sa réimse poiblí, sa gheilleagar agus sa tsochaí	Garspíoc	Ríomhairíú ghníomhaíochtaí na n-eintiteas a dhéanann cúraimí poiblí	Foráil lena sonraítear an teacht i bhfeidhm				R4	2024	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar an ngníomh maidir le ríomhairíú ghníomhaíochtaí na n-eintiteas a dhéanann cúraimí poiblí i ndáil leis an méid seo a leanas: (i) cruthú Ailtireacht Faisnéise an Stáit a cheadú, (ii) an Coiste um Ghnóthaí Digiteacha a thabhairt isteach, (iii) an bunús dlí a sholáthar chun straitéis faisnéise stáit a ghlacadh agus (iv) córas a thabhairt isteach le haghaidh fhardal na gcóras TFC.
C8G	C2.1 Feidhmeanna digiteacha a mhéadú sa réimse poiblí, sa gheilleagar agus sa tsochaí	Garspíoc	Sonraisc struchtúrtha a úsáid	Foráil lena sonraítear an teacht i bhfeidhm				R4	2025	Teacht i bhfeidhm an leasaithe/na leasuithe ar an ngníomh maidir le cáin ar earraí agus ar sheirbhísí i ndáil le sonraisc struchtúrtha a úsáid le haghaidh cáiníocóirí ar mó ná 10000 PLN luach iomlán a ndíolachán lena n-áirítear an méid cánach, arna dhoiciméadú leis na sonraisc sin a eisítear i mí ar leith. Féadfar idirthréimhse a chur i bhfeidhm ionas go mbeidh sé éigeantach sonraisc struchtúrtha a úsáid le haghaidh na gcáiníocóirí sin ón 1 Aibreán 2026 ar aghaidh.
C9G	C2.1 Feidhmeanna digiteacha a mhéadú sa	Garspíoc	Íoschaighdeáin cheangailteacha chun	Glacadh na gcaighdeán				C3	2022	Caighdeáin cheangailteacha a ghlacadh chun bonneagar digiteach a

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	réimse poiblí, sa gheilleagar agus sa tsochaí		bonneagar digiteach a fheistiú i ngach scoil chun úsáid teicneolaíochtaí digiteacha san fhoghlaim a chumasú ar leibhéal comhionann i ngach scoil							<p>thabhairt do scoileanna, ar bonneagar é a bheidh éigeantach do scoileanna chun an leibhéal céanna bonneagair dhigitigh a bhaint amach. Rachfar i gcomhairle le geallsealbhóirí agus leis an rialtas áitiúil maidir le forbairt na gcaighdeán.</p> <p>I réimse an oideachais, saineofar íoschaighdeán cheangailteacha chun bonneagair dhigiteacha a thabhairt do scoileanna. Déanfar treoirínte éigeantacha a fhorbairt i gcomhar leis na rialtais áitiúla agus i gcomhairle le grúpa leathan geallsealbhóirí, agus áiríteoidh siad íosleibhéal trealaimh Teicneolaíochta Faisnéise agus Ríomhaireachta (TFC) do gach scoil sa Pholainn.</p>
C10G	C2.1 Feidhmeanna digiteacha a mhéadú sa réimse poiblí, sa gheilleagar agus sa tsochaí	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm an rúin ó Chomhairle na nAirí maidir leis an gClár Forbartha Inniúlachta Digití	Foráil sa rún ó Chomhairle na nAirí lena léirítear a theacht i bhfeidhm				C3	2022	<p>Teacht i bhfeidhm an rúin ó Chomhairle na nAirí maidir leis an gClár Forbartha Inniúlachta Digití (ar clár ilbhliantúil é go dtí 2030), lena n-áirítear an plean cur chun feidhme, bearta meastóireachta agus faireacháin i gcomhréir leis an 'nGníomh maidir le prionsabail an bheartais forbartha'. Forbrófar an Clár trí chur chuige il-gheallsealbhóra a ghlacadh. Bunófar leis an gClár, inter alia, an Lárionad Forbartha Inniúlachta Digití (DCDC) agus an beartas maidir le hinniúlachtaí digiteacha a fhorbairt.</p> <p>A mhéid a bhaineann le hinniúlachtaí digiteacha, déanfar an Clár Forbartha</p>

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspíocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spíocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspíoc agus spíoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										Inniúlachta Digiúil a chruthú agus a chur chun feidhme. Saineofar sa chláir sraith chuimsitheach fhadtéarmach ceanglas chun tacú le forbairt inniúlachtaí digiteacha san oideachas foirmiúil, seachfoirmiúil agus neamhfhoirmiúil agus faireachán a dhéanamh orthu. Déanfar bunú agus feidmiú an Lárionaid Forbartha Inniúlachtaí Digiteacha a fhoirmlíú go soiléir sa chláir. Cuirfear an doiciméad ar fáil trí úsáid a bhaint as cur chuige il-gheallsealbhóra.
C12G	C2.1.1 Ríomhsheirbhísí poiblí agus réitigh TF don riarachán poiblí	Cuspóir sonrach	Ríomhsheirbhísí poiblí		Uimhir	0	69	C2	2026	Cuirfear ríomhsheirbhísí poiblí nua ar fáil ar líne nó déanfar ríomhsheirbhísí a chomhtháthú san fheidhmchlár mObywatel.
C13aG	C2.1.1 Ríomhsheirbhísí poiblí agus réitigh TF don riarachán poiblí	Cuspóir sonrach	Córais TF phoiblí		Uimhir	0	6	C2	2026	Déanfar 6 chórais TF phoiblí ar a laghad a sheoladh nó a leathnú.
C13bG	C2.1.1 Ríomhsheirbhísí poiblí agus réitigh TF don riarachán poiblí	Garspíoc	An riarachán poiblí a dhigitíú	Córais leictreonacha bainistíochta doiciméad atá ar fáil				C2	2026	Cuirfear córais leictreonacha bainistíochta doiciméad ar fáil lena dtáirgeadh in 2000 tairbhí. Seolfar néalseirbhís RP EZD SaaS2, a mbeidh sé d'acmhainn aici thart ar 300000 úsáideoir a nascadh.
C13cG	C2.1.1 Ríomhsheirbhísí poiblí agus réitigh TF don riarachán poiblí	Garspíoc	Seoladh an chórais náisiúnta ríomhshonrasctha	Seoladh an chórais náisiúnta ríomhshonrasctha				C2	2026	Seolfar an córas náisiúnta ríomhshonrasctha.
C13dG	C2.1.1 Ríomhsheirbhísí poiblí agus réitigh TF don riarachán poiblí	Cuspóir sonrach	Seoladh ríomhsheirbhísí nua nó uasghrádaithe san Oifig Ríomhchánach		Uimhir	0	33	C2	2026	33 ríomhsheirbhís nua nó uasghrádaithe a sheolfar san Oifig Ríomhchánach.

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspíocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spíocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspíoc agus spíoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
C14G	C2.1.2 Teicneolaíochtaí digiteacha san oideachas scoile — gléasanna iniompartha	Cuspóir sonrach	Dearbháin le haghaidh ríomhairí iniompartha		Uimhir	0	533 658	R4	2025	Eiseofar 533658 dearbhán ar a laghad (cóid lascaine) le haghaidh ríomhairí iniompartha.
C15G	C2.1.2 Teicneolaíochtaí digiteacha san oideachas scoile — gléasanna iniompartha	Cuspóir sonrach	Feistí iniompartha arna seachadadh		Uimhir	0	16 500	C1	2026	Gléasanna iniompartha (ríomhairí glúine, ríomhairí glúine brabhsálaí nó táibléid) a sheachadadh chuig 16500 scoil, go díreach nó trí údaráis bhainistíochta scoile, mar a léirítear i bprótacail inghlacthachta.
C16G	C2.1.3 Ríomhinniúlachtaí	Garspíoc	Lárionad Forbartha Inniúlachta Digití (DCDC) a chruthú	Tuarascáil maidir le leagan amach agus feidhmiú eagraíochtúil DCDC				R4	2022	<p>Bunófar an Lárionad Forbartha Inniúlachtaí Digiteacha (DCDC) laistigh d'oifig an Aire atá freagrach as an digitíú.</p> <p>Is é príomhchuspóir DCDC feabhas a chur ar an gcóras comhordúcháin ar fhorbairt na hinniúlachta digití sa Pholainn trí na fofheidhmeanna seo a leanas a bhaint amach:</p> <p>— Feidhm taighde agus anailíse</p> <p>Is éard a bheidh i gceist leis an bhfeidhm sin gníomhaíochtaí taighde agus faireacháin maidir le hinniúlachtaí digiteacha mar aon leis an bhfeidhm fhaireachlainne lena mbaileofar agus lena struchtúrófar eolas ina leith sin. Mar thoradh air sin, déanfar moltaí agus tograí a fhoirmliú le haghaidh gníomhaíochtaí ábhartha.</p> <p>— Feidhm tástála agus feidhm cur chun feidhme</p> <p>Is éard a bheidh san fheidhm sin tástálacha i bhfoirm gníomhaíochtaí píolótacha agus cur chun feidhme na</p>

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspíocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spíocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspíoc agus spíoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										réiteach, na moltaí agus na dtograí is luachmhaire agus is mó a bhfuil gealladh fúthu mar thoradh ar na gníomhaíochtaí píolótacha agus cur i gcrích na feidhme taighde agus anailíse. — Feidhm oideachais agus tóir ar dhaoine. Is éard a bheidh i gceist leis an bhfeidhm sin gníomhaíochtaí amhail sainchomhairleoireacht, meantóireacht, seimineáir, oiliúint agus cúrsaí agus scaipeadh thorthaí ghníomhaíochtaí an Lárionaid trí thairseach faisnéise.
C20G	C2.1.3 Ríomhinniúlachtaí	Cuspóir sonrath	Oiliúint maidir le hinniúlachtaí digiteacha		Uimhir	0	250 000	C2	2026	Eisíodh 250000 deimhniú le haghaidh oiliúint ar inniúlachtaí digiteacha.
C21G	C3.1 An chibearshlándaíl a fheabhsú	Garspíoc	Leasú ar an dlí maidir leis an gcibearshlándaíl	Foráil sa leasú ar an dlí lena sonraítear an teacht i bhfeidhm				R4	2025	Teacht i bhfeidhm leasaithe ar an dlí maidir leis an gcibearshlándaíl lena dtugtar isteach Foirne Freagartha earnála do Theagmhais a bhaineann le Slándaíl Ríomhairí agus lena leathnaítear an grúpa eintéas a áirítear sa 'chóras TFC lena dtacaítear le comhar laistigh den chóras náisiúnta cibearshlándaíla'.
C23G	C3.1.1 Cibearshlándaíl — CibearPL, bonneagar próiseála sonraí agus barrfheabhsú bhonneagar na seirbhísí forfheidhmithe dlí	Garspíoc	Gníomhaíochtaí sa chibearshlándaíl	Gníomhaíochtaí sa chibearshlándaíl				C2	2026	— Bunófar ceithre fhoireann earnála freagartha do theagmhais a bhaineann le slándaíl ríomhairí ó thaobh riaracháin de. — Cuirfear 'an córas TFC lena dtacaítear le comhar laistigh den chóras náisiúnta cibearshlándaíla' ar fáil do 385 thairbhí breise.

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspíocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spíocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspíoc agus spíoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										- Eisiocfar EUR 197214464 le 608 n-eintiteas ar a laghad le haghaidh infheistíochtaí sa chibearshlándaíl.
C25G	C3.1.1 Cibearshlándaíl — CibearPL, bonneagar próiseála sonraí agus barrfheabhsú bhonneagar na seirbhísí forfheidhmithe dlí	Cuspóir sonrath	Tógáil foirgnimh lárionaid sonraí		Uimhir	0	1	C3	2026	Tógfar foirgneamh lárionaid sonraí amháin. Síneofar conradh/conarthaí chun foirgneamh an lárionaid sonraí sin a chumhachtú le foinsí fuinnimh in-athnuaite.
C26G	C3.1.1 Cibearshlándaíl — CibearPL, bonneagar próiseála sonraí agus barrfheabhsú bhonneagar na seirbhísí forfheidhmithe dlí	Garspíoc	Seachadadh trealamh le haghaidh seirbhísí forfheidhmithe dlí	Prótacaíl seachadta				C1	2026	Seachadfar an trealamh seo a leanas: — 13630 Críochfort Sonraí Soghluaiste (MDT) le bogearraí do Phóilíní; — 30 pointe soghluaiste don Gharda Teorann; — pointe leighis soghluaiste féinchothaitheach amháin le haghaidh rioscaí tubaistí leighis, bitheimeiceacha, raideolaíocha nó nádúrtha.
C27G	C3.1.1 Cibearshlándaíl — CibearPL, bonneagar próiseála sonraí agus barrfheabhsú bhonneagar na seirbhísí forfheidhmithe dlí	Garspíoc	Tionscadal Tábhachtach ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI): Tionscadail Néalríomhaireachta na Chéad Ghlúine Eile a roghnú agus conarthaí a shíniú	Síniú conarthaí le heintitis roghnaithe				C3	2023	Tionscadail a roghnú agus conarthaí a shíniú tar éis fhoilsiú an ghlaio ar thogra le haghaidh tionscadail chun tacú le réitigh Néalríomhaireachta na Chéad Ghlúine Eile a fhorbairt sa Pholainn.
C28G	C3.1.1 Cibearshlándaíl — CibearPL, bonneagar próiseála sonraí agus barrfheabhsú bhonneagar na seirbhísí forfheidhmithe dlí	Cuspóir sonrath	Tionscadal Tábhachtach ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI): Réitigh próiseála sonraí bonneagair nó seirbhíse		Uimhir	0	5	C1	2025	Seolfar cúig réiteach próiseála sonraí bonneagair nó seirbhíse ar a laghad.

C.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na tacaíochta iasachta

C1.2 An leibhéal inrochtaineachta agus úsáide cumarsáide nua-aimseartha sreangaithe agus gan sreang a mhéadú le haghaidh riachtanais shóisialta agus eacnamaíocha

Leis an athchóiriú, cuirfear feabhas ar an timpeallacht reachtach chun líonraí móibíleacha a fhorbairt trí dheireadh a chur le príomhbhacainní ar chur in úsáid 5G, agus Bosca Uirlisí Nascachta an Aontais á chur san áireamh.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

C2.2 Bunsraith dhigitiú an chórais oideachais a athchóiriú

Leis an athchóiriú, leagfar síos an bonn do dhigitiú an chórais oideachais tríd an mbeartas digitithe don oideachas a ghlacadh, chun leanaí agus an óige a ullmhú don tsochaí faisnéise. Díreofar cuspóirí an doiciméid straitéisigh seo ar theicneolaíochtaí nua a chomhtháthú go héifeachtúil agus go fóinteach sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú agus forbrófar iad agus cur chuige rannpháirteach á chur i bhfeidhm.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2022.

C2.2.1 Teicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc

Is é is cuspóir don infheistíocht seo an méid trealamh agus bonneagair TFC i scoileanna a mhéadú. Is éard atá sa bheart seo (i) fearais TFC a sheachadadh le haghaidh cianteagaisc agus (ii) saotharlanna Intleachta Saorga (IS) nó Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (STEM) a sheachadadh.

C4.1.1 Tacaíocht d'ardchlaohlú digiteach

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí i Saoráid, Ciste na Polainne um Ardtacaíocht don Chlaohlú Digiteach chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus chun rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú chun tacú le hardchlaohlú digiteach sa Pholainn. Feidhmeoidh an tSaoráid trí iasachtaí a sholáthar go díreach don earnáil phríobháideach, agus d'eintitis san earnáil phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla.

Is é Bank Gospodarstwa Krajowego (BGK) a bhainisteoidh an tSaoráid mar chomhpháirtí cur chun feidhme. Áireofar sa tSaoráid na línte táirgí seo a leanas:

- BGK líne dhíreach 1: leis an líne sin, cuirfear iasachtaí díreacha ar fáil do ghnóthais chun costais na n-infheistíochtaí in eangacha cliste fuinnimh a chumhdach.
- BGK líne dhíreach 2: leis an líne sin, cuirfear iasachtaí díreacha ar fáil do ghnóthais chun costais na n-infheistíochtaí in ardeicneolaíochtaí digiteacha a chumhdach.
- BGK líne dhíreach 3: leis an líne sin, soláthrófar iasachtaí díreacha do ghnóthais chun costais na n-infheistíochtaí i mbonneagar TFC a chumhdach (lena n-áirítear trealamh mórsála ríomhaireachta).

Chun an infheistíocht sa tSaoráid a chur chun feidhme, síneoidh an Pholainn agus BGK Comhaontú Cur Chun Feidhme ina mbeidh an t-ábhar seo a leanas:

1. Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na Saoráide: Déanfaidh coiste infheistíochta nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile cinneadh infheistíochta críochnaitheach na Saoráide agus formheasfar é le tromlach na vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar an rialtas.
2. Príomhcheanglais an bheartais infheistíochta ghaolmhair, lena n-áireofar:
 - a. An tuairisc ar an táirge airgeadais agus ar na tairbhíthe deiridh incháilithe.
 - b. Tá an ceanglas go mbeadh na hinfeistíochtaí uile a fhaigheann tacaíocht inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de.
 - c. An ceanglas maidir leis an bprionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (DNSH) a chomhlíonadh mar a leagtar amach i dTreoraíocht Theicniúil DNSH (2023 6454 final). Go háirithe, eisiafar an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas ó incháilitheacht sa bheartas infheistíochta: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach³⁵, (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha³⁶, (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola³⁷ agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla³⁸. Thairis sin, ceanglófar leis an mbeartas infheistíochta go gcomhlíonfar reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha thairbhíthe deiridh na Saoráide.
 - d. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhíthe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.
3. An méid a chumhdaítear leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme, struchtúr táillí an Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme agus an ceanglas aon athshreabha a athinfheistiú de réir bheartas infheistíochta na Saoráide mura n-úsáidtear iad chun aisíocaíochtaí iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú.
4. Ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe, lena n-áirítear:
 - a. An tuairisc ar chóras faireacháin an chomhpháirtí cur chun feidhme chun tuairisc a thabhairt ar an infheistíocht a slógadh.
 - b. An tuairisc ar nósanna imeachta an chomhpháirtí cur chun feidhme lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.

³⁵Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

³⁶ I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

³⁷ Níl feidhm ag an eisiáimh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

³⁸ Níl feidhm ag an eisiáimh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdramhaíl múirin agus díleá anaeróbach bithdramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

- c. An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Chomhaontú Cur Chun Feidhme sula ngealltar oibríocht a mhaoiniú.
 - d. An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plan iniúchóireachta BGK. Fíorófar leis na hiniúchtaí sin i) go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; II) comhlíonadh an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’, na rialacha maidir le Státchabhair agus na ceanglais maidir le spriocanna digiteacha; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas nach bhfuair tairbhíthe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme is infheidhme á n-urramú.
5. Ceanglais maidir le hinfheistíochtaí digiteacha arna ndéanamh ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme: rannchuideoidh EUR 260000000 ar a laghad d’infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid leis an aistriú digiteach i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF.

Áireofar leis an mbeart freisin foilsiú treorach maidir le néalríomhaireacht do ghnólachtaí. Coimre eolais a bheidh sa treoirleabhar seo (lena n-áirítear ceistanna coitianta) maidir le húsáid na néalríomhaireachta i gclaochlú digiteach gnólachtaí. Cumhdóidh an treoir, i measc nithe eile, na gnéithe seo a leanas: gnéithe dlíthiúla de chlaochlú cuideachta a úsáideann néalríomhaireacht, cibearshlándaíl, éifeachtúlacht fuinnimh agus forbairt inniúlachtaí digiteacha agus néalscileanna.

C.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an iasacht

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
C1L	C1.2 An leibhéal inrochtaineachta agus úsáide cumarsáide nua-aimseartha sreangaithe agus gan sreang a mhéadú le haghaidh riachtanais shóisialta agus eacnamaíochta	Garsprioc	Leasú ar Rialachán an 17 Feabhra 2020 maidir le faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí réimsí leictreamaighnéadacha sa chomhshaol	Foráil i leasú an rialacháin lena sonraítear a theacht i bhfeidhm				C1	2022	Teacht i bhfeidhm leasú ar Rialachán an 17 Feabhra 2020 maidir leis na modheolaíochtaí chun astaíochtaí réimsí leictreamaighnéadacha sa chomhshaol a thomhas.
C2L	C1.2 An leibhéal inrochtaineachta agus úsáide cumarsáide nua-aimseartha sreangaithe agus gan sreang a mhéadú le haghaidh riachtanais shóisialta agus eacnamaíochta	Garsprioc	Leasú ar an Rialachán ó Chomhairle na nAirí an 10 Meán Fómhair 2019 maidir le measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol	Foráil sa leasú ar an rialachán lena sonraítear a theacht i bhfeidhm				C1	2022	Teacht i bhfeidhm leasaithe ar an Rialachán maidir le tionscadail a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar an gcomhshaol, lena n-eisiafar infheistíochtaí cumarsáide raidió ó chatalóg na dtionscadal a éilíonn measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol.
C3L	C1.2 An leibhéal inrochtaineachta agus úsáide cumarsáide nua-aimseartha sreangaithe agus gan sreang a mhéadú le haghaidh riachtanais shóisialta agus eacnamaíochta	Garsprioc	Gníomh/gníomhartha dlí nua lena mbaintear na príomhbhacainní ar chur chun feidhme an líonra 5G	Foráil sa ghníomh dlí/sna gníomhartha dlí lena léirítear a theacht i bhfeidhm				R4	2023	Teacht i bhfeidhm an ghnímh dlíthiúil nó na gníomhartha dlíthiúla lena mbainfear na príomhbhacainní seo a leanas ar chur chun feidhme líonraí 5G: 1) Nós imeachta atá róchasta maidir le minicíochtaí a leithdháileadh chun líonra 5G a fhorbairt, 2) Sainmhíniú neamhleor ar choincheapa atá ábhartha do chur chun feidhme líonra 5G, 3) Rómhaorlathú nósanna imeachta riaracháin, 4) Teorannú ar rochtain ar bhonneagar teicniúil poiblí, 5) Réitigh rialála neamhleora a thacaíonn le forbairt líonra 5G.
C8L	C2.2 Bunsraith dhigitiú an chórais oideachais a athchóiriú	Garsprioc	Beartas nua digitithe don oideachas a ghlacadh, atá mar bhonn d'athruithe sa chóras	Glacadh an bheartais				C3	2022	Ghlac Comhairle na nAirí rún maidir leis an mbeartas digitithe i réimse an oideachais, de chineál

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
			oideachais agus do chur chun feidhme infheistíochtaí in TFC agus lena sainítear treonna digitithe phróiseas an chórais oideachais sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma							<p>cláir agus doiciméid straitéisigh, lena leagtar síos an creat do bheartas agus do ghníomhaíochtaí Stáit a dhéantar sa réimse a bhaineann le digitiú an oideachais sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma.</p> <p>Beidh an doiciméad sin mar bhonn do ghníomhaíochtaí geallsealbhóirí agus gníomhaithe-rannpháirtithe agus sainítear ann na huirlisí chun córas oideachais lándigitithe a bhaint amach a bheidh curtha in oiriúint do dhúshlán chomhaimseartha na timpeallachta oideachais réamhscoile agus ginearálta. Áireofar sa bheartas an plean cur chun feidhme, bearta meastóireachta agus faireacháin agus forbrófar é trí chur chuige rannpháirteach a chur i bhfeidhm.</p>
C9L	C2.2.1 Gléasanna agus bonneagar TFC leordhóthanach a chur ar fáil do scoileanna/institiúidí chun feidhmíocht fhoriomlán an chórais oideachais a fheabhsú	Garspríoc	Comhairliúchán poiblí maidir leis an gcreat lena sainítear na nósanna imeachta chun trealamh TFC a dháileadh agus chun bonneagar a sholáthar do scoileanna	Tuarascáil ina ndéantar achoimre ar thorthaí an chomhairliúcháin phoiblí agus ar an bhfreagra seo a leanas ón rialtas				C3	2022	<p>Comhairliúchán poiblí ina raibh páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe sóisialta éagsúla rannpháirteach maidir leis an gcreat chun trealamh TFC (fearas TF don chiantegasc) a dháileadh agus chun bonneagar (nasc LAN, saotharlanna ETIM agus IS) a sholáthar do scoileanna.</p> <p>Déanfar achoimre ar thorthaí an chomhairliúcháin i dtuarascáil, ina mbeidh na príomhbharúlacha ó pháirtithe leasmhara agus ó chomhpháirtithe sóisialta agus an</p>

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										obair leantach a rinne an rialtas ar na barúlacha sin.
C10L	C2.2.1 Gléasanna agus bonneagar TFC leordhóthanach a chur ar fáil do scoileanna/institiúidí chun feidhmíocht fhoriomlán an chórais oideachais a fheabhsú	Garspríoc	Creat lena sainítear na nósanna imeachta chun gléasanna TFC a dháileadh agus chun bonneagar a sholáthar do scoileanna	Glacadh ag an Aireacht Oideachais agus Eolaíochta				C2	2023	<p>Leagfar amach sa chreat na coinníollacha íosta maidir le trealamh TFC a dháileadh agus maidir le bonneagar a sholáthar do na scoileanna is tairbhíthe, mar thoradh ar an gcomhairliúchán poiblí a rinneadh roimh ré le geallsealbhóirí éagsúla agus le comhpháirtithe sóisialta éagsúla.</p> <p>Leagfar amach sa chreat critéir shoiléire chun scoileanna is tairbhíthe a roghnú, lena léireofar an gá atá le trealamh agus bonneagar TFC, amhail saotharlanna, agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar fheidhmíocht oideachais na scoileanna.</p> <p>Agus riachtanais na scoileanna éagsúla is tairbhíthe á gcur san áireamh, beidh an glao seo a leanas ar thairiscintí maidir le bonneagar</p>

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										agus trealamh TFC a sholáthar cothrom, oscailte, trédhearcach agus cothrom agus áiríteofar leis dáileadh cothrom idir scoileanna ar fud na tíre, bunaithe ar an daonra agus ar chumhdach geografach araon.
C12L	C2.2.1 Teicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc	Cuspóir sonrach	Fearais TFC don chiantegasc curtha ar fáil		Uimhir	0	13 900	C2	2026	Pacáistí TFC le haghaidh ciantegaise a sheachadadh chuig 13900 scoil, go díreach nó trí údaráis bhainistíochta scoile, mar a léirítear i bprótacail inghlacthachta.
C13aL	C2.2.1 Teicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc	Garspríoc	Creat-chomhaontú/Creat-chomhaontuithe maidir leis an Intleacht Shaorga (IS) nó saotharlanna Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (STEM)					C1	2026	Siniú an chreat-chomhaontaithe/na gcreat-chomhaontuithe chun saotharlanna na hIntleachta Saorga (IS) nó na hEolaíochta, na Teicneolaíochta, na hInnealtóireachta agus na Matamaitice (STEM) a sholáthar.
C13L	C2.2.1 Teicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc	Cuspóir sonrach	Saotharlanna Intleachta Saorga (IS) nó Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (STEM) seachadta		Uimhir	0	16 000	C3	2026	Saotharlanna IS nó ETIM a sheachadadh chuig 16000 scoil, go díreach nó trí údaráis bhainistíochta scoile, mar a léirítear i bprótacail inghlacthachta.
C15L	C4.1.1 Tacaíocht d'ardchlaohlú digiteach	Garspríoc	Treoir maidir leis an néalríomhaireacht do ghnólachtaí	Foilsíú ar shuíomh gréasáin na haireachta atá freagrach as an ríomhairiú				C1	2024	Treoir maidir leis an néalríomhaireacht do ghnólachtaí a fhoilsiú ar leathanach gréasáin na haireachta atá freagrach. Coimre eolais a bheidh sa treoirleabhar seo (lena n-áirítear ceisteanna coitianta) maidir le húsáid na néalríomhaireachta i gclaochlú digiteach gnólachtaí.

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
C16L	C4.1.1 Tacaíocht d'ardchlaohlú digiteach	Garspríoc	Comhaontú Cur Chun Feidhme	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme				C1	2025	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme idir an t-aire atá freagrach as an ríomhairiú agus Bank Gospodarstwa Krajowego.
C17L	C4.1.1 Tacaíocht d'ardchlaohlú digiteach	Cuspóir sonrach	Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhíthe deiridh		%	0	100 %	C3	2026	Beidh comhaontuithe maoinithe dhlíthiúil déanta ag Bank Gospodarstwa Krajowego le tairbhíthe deiridh le haghaidh méid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Rannchuideoidh 40 % ar a laghad den mhaoiniú sin le cuspóirí digiteacha trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF.
C18L	C4.1.1 Tacaíocht d'ardchlaohlú digiteach	Garspríoc	Tá an infheistíocht curtha i gcrích ag an Aireacht	Deimhniú aistrithe				C3	2026	Aistroidh an Pholainn EUR 650000000 chuig Bank Gospodarstwa Krajowego le haghaidh na Saoráide.

D.COMHFHREAGRÓIR D: ‘ÉIFEACHTACHT, INROCHTAINÉACHT AGUS CÁILÍOCHT AN CHÓRAIS SLÁINTE’

Tugann an chomhpháirt aghaidh ar roinnt dúshlán atá roimh chóras cúraim sláinte na Polainne faoi láthair. Tá tábhacht ar leith ag baint le haistriú i dtreo cúram othar seachtrach príomhúil agus speisialaithe, ós rud é go meastar go dtiocfaidh fás suntasach ar chaiteachas ar chúram sláinte sa mheántéarma agus san fhadtéarma, rud a mhéadóidh an t-ualach ar an airgeadas poiblí. Tá géarghá le hathchóiriú in earnáil na n-ospidéal arna chomhlánú le hinfheistíochtaí spriocdhírthe. Tá fiachais shuntasacha ag roinnt ospidéal agus tá rátaí áitíochta ísle acu, agus d’fhéadfaí go leor nósanna imeachta leighis a dhéantar faoi láthair in ospidéal a dhéanamh ar leibhéal chúraim níos ísle agus ar chostais níos ísle. Tá an córas cúraim phríomhúil tearcmhaoinithe, easpa foirne agus róshínte maidir lena sheirbhísí. Ag an am céanna, tá an córas ospidéal thíos le tearcmhaoiniú ainsealach, go háirithe ó thaobh acmhainní daonna de. Mar gheall ar dhálaí neamhfhabhra, amhail tuarastail ísle, níl tóir ar ghairmeacha leighis, agus tá ‘imirce daoine oilte’ shuntasach ann. Mar gheall ar an nganntanas acmhainní daonna, tá an Pholainn sna céimeanna ísle i gcomparáid le Ballstáit eile agus is gá gairmithe a choinneáil ag obair tar éis dóibh dul ar scor. Tá an rochtain ar chúram éagsúil ó réigiún go chéile. Ní bhaintear dóthain úsáide as r-Shláinte ná as cleachtais bhainistíochta nua-aimseartha.

Tá cuspóirí ilghnéitheacha ag an gcomhpháirt: earnáil na n-ospidéal a athchóiriú agus tacú léi trí infheistíocht i gcomhréir leis an ngá atá le cuíchóiriú a dhéanamh ar phirimid an chúraim sláinte, dlús a chur le claochlú digiteach na sláinte, dálaí tacaíochta a chruthú chun líon na mball foirne leighis a mhéadú, tacú le taighde a fhorbairt i réimse na n-eolaíochtaí leighis agus na n-eolaíochtaí sláinte.

Rannchuidíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar an Moladh Tírshonrach chun athléimneacht, inrochtaineacht agus éifeachtacht an chórais sláinte a fheabhsú, lena n-áirítear trí acmhainní leordhóthanacha a sholáthar agus trí dhlús a chur le húsáid ríomhsheirbhísí sláinte (Moladh Tírshonrach 1 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C 58/01) á cur san áireamh.

D.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

D1.1 Feabhas a chur ar éifeachtacht, inrochtaineacht agus cáilíocht seirbhísí sláinte

Is é is cuspóir don athchóiriú cáilíocht agus inrochtaineacht na seirbhísí cúraim sláinte a áirithiú chomh maith le hathruithe ar struchtúr agus ar bhainistíú airgeadais ospidéal. Is éard atá sa bheart seo reachtaíocht a ghlacadh maidir leis an méid seo a leanas: (i) cuíchóiriú a dhéanamh ar struchtúr na bhforálacha maidir le cúram sláinte sa réimse áirithe (ii) cúram comhordaithe a mhéadú ar leibhéal an chúraim príomhúil, (iii) an Líonra Náisiúnta Oinceolaíochta agus an Líonra Cairdeolaíochta Náisiúnta a chruthú, (iv) cáilíocht agus sábháilteacht othar sa chóras cúraim sláinte a mhéadú agus (v) soláthar ríomhsheirbhísí sláinte a chumasú.

D1.1.1 Lárionaid chúraim an-speisialaithe agus soláthraithe cúraim sláinte eile a nuachóiriú

Is é is cuspóir don infheistíocht seo tacú le nuachóiriú na n-eintiteas leighis a chuaigh isteach sa Líonra Náisiúnta Oinceolaíochta nó sa Líonra Cairdeolaíochta Náisiúnta. Is éard atá i gceist leis an mbeart sin trealamh leighis nó oibreacha tógála nó atógála a sheachadadh sna hospidéal roghnaithe bunaithe ar chritéir a ghlacadh.

D1.1.2 Claoclú digiteach ar chúram sláinte

Is é cuspóir na hinfheistíochta cúram sláinte a dhigitiú. Is éard atá i gceist leis an mbeart sin cineálacha éagsúla seirbhísí sláinte digiteacha nua a thabhairt isteach d'othair nó do dhochtúirí.

D2.1 Na dálaí cearta a chruthú le haghaidh méadú ar líon na mball foirne leighis

Is é is cuspóir don athchóiriú rannchuidiú le feabhas a chur ar an gcomhoiriúnú idir riachtanais agus infhaighteacht gairmithe leighis sa Pholainn.

Is éard a bheidh san athchóiriú tionscnaimh arb é is aidhm dóibh daoine óga a dhreasú chun dul i mbun staidéir leighis agus iad a shaothrú agus leigheas a chleachtadh ina dhiaidh sin sa Pholainn. Is éard atá ann (i) scéim a thabhairt isteach chun iasachtaí a dheonú do mhic léinn leighis, lena n-áirítear dreasachtaí airgeadais chun cleachtadh sa Pholainn tar éis dheireadh a gcuid staidéir agus (ii) staidéir dara timthriall a chruthú do chleachtóirí éigeandála leighis, rud a fhágfaidh go mbeidh cáilíochtaí agus ioncam méadaithe ann do ghairmithe lena mbaineann.

Is éard a bheidh san athchóiriú freisin reachtaíocht a thabhairt isteach chun feabhas a chur ar tharraingteacht gairmeacha leighis agus dálaí oibre gairmithe leighis. Cuirfidh an reachtaíocht seo le solúbthacht na hoiliúna iarchéime, lena n-áirítear trína chur ar chumas dochtúirí teastas nua inniúlachta gairmiúla a fháil i sainréimsí éagsúla. Méadóidh sé freisin an buntuarastal is ísle do réimse leathan gairmithe leighis agus atheagróidh sé sannadh inniúlachtaí áirithe idir dochtúirí agus gairmithe leighis speisialaithe, gairmithe leighis éigeandála, altráí agus cúramóirí leighis eile, tar éis oiliúint iomchuí a chur ar fáil.

Cuirfear cur chun feidhme an athchóirithe i gcrích faoin 30 Meitheamh 2026.

D2.1.1 Infheistíochtaí a bhaineann le nuachóiriú agus iarfheistiú saoráidí teagaisc agus le ligean isteach ar staidéar leighis a mhéadú

Is é cuspóir na hinfheistíochta acmhainneacht na saoráidí teagaisc leighis a mhéadú agus tacú le mic léinn a ghlacann páirt i léann leighis. Is éard atá sa bheart seo: córas sealadach dreasachtaí a ghlacadh do mhic léinn chun dul i mbun staidéir i ndámha leighis roghnaithe, (ii) scoláireachtaí nó cómhaoiniú a sholáthar do mhic léinn leighis, (iii) leabharlanna, suanliosanna mac léinn nó saoráidí a úsáidtear le haghaidh oideachais leighis a fhoirgniú nó a athchóiriú nó a iarfheistiú.

D3.1 Éifeachtúlacht agus cáilíocht an chórais cúraim sláinte a mhéadú trí thacú le hacmhainneacht taighde agus forbartha na Polainne i réimse na n-eolaíochtaí leighis agus na n-eolaíochtaí sláinte

Is é is cuspóir don athchóiriú rannchuidiú le cáilíocht agus éifeachtúlacht an chórais cúraim sláinte a fheabhsú trí thacú le taighde agus forbairt i réimsí an leighis agus na sláinte.

Is éard a bheidh san athchóiriú reachtaíocht nua i réimse na dtrialacha clínicíúla ar tháirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine, lena n-áirítear córas trédhearcach agus bacainní riaracháin agus dlíthiúla laghdaithe. Is éard a bheidh ann freisin Plean Straitéiseach a dhearadh agus a chur chun feidhme chun an earnáil bhithleighis sa Pholainn a fhorbairt, bunaithe ar mheasúnú ar riachtanais earnáil bhithleighis na Polainne, ar na bacainní atá ann cheana ar a forbairt agus ar réimsí a bhféadfadh buntáiste iomaíoch a bheith acu.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

D3.1.1 Forbairt chuimsitheach ar thaighde i réimse na n-eolaíochtaí leighis agus na n-eolaíochtaí sláinte

Is é cuspóir na hinfheistíochta tacú le taighde agus forbairt i réimsí an leighis agus na sláinte. Is éard atá sa bheart seo: (i) tacú le tionscadail taighde san earnáil bhithleighis, (ii) Ionaid nua Tacaíochta do Thrialacha Clínicíúla a bhunú nó gníomhaíochtaí na n-ionad atá ann cheana a chistiú agus (iii) ardán cumarsáide leictreonaí a chruthú do Líonra Trialacha Clínicíúla na Polainne.

D4.1.1 Soláthar cúraim fhadtéarmaigh a mhéadú trí eintitis leighis a nuachóiriú ar leibhéal ceantair

Is é cuspóir na hinfheistíochta soláthar an chúraim fhadtéarmaigh a mhéadú. Is éard atá sa bheart seo oibreacha tógála nó athchóirithe nó ceannach trealaimh d'ospidéal cheantair a sholáthraíonn cúram fadtéarmach nó cúram geiriatrach.

D.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Srait h UIM H.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
D1G	D1.1 Feabhas a chur ar éifeachtacht, inrochtaineacht agus cáilíocht seirbhísí sláinte	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm gníomhartha dlí maidir le cuíchóiriú struchtúr an tsoláthair cúraim sláinte sa limistéar ar leith	Forálacha sna gníomhartha dlí lena léirítear a dteacht i bhfeidhm				R4	2025	Teacht i bhfeidhm na ngníomhartha dlí lena ndéanfar foráil maidir leis an méid seo a leanas: — athrú ar raon feidhme na seirbhísí cúraim sláinte a sholáthraíonn ospidéal chun struchtúr an tsoláthair cúraim sláinte sa limistéar áirithe a chuíchóiriú, ar bhonn na bpleananna claochlaithe náisiúnta nó réigiúnacha agus léarscáil na riachtanas sláinte; — measúnú ar thionchar na dtaraifí atá beartaithe d’fhonn sciar na seirbhísí cúraim othar seachtrach a mhéadú; — coinníollacha agus critéir a bhunú le haghaidh pleananna téarnaimh d’ospidéal a bhfuil fiacha orthu; — tairbhí airgeadais ón gCiste Náisiúnta Sláinte a thabhairt isteach d’ospidéal a bhaineann táscairí feidhmíochta cáilíochta amach. Leis an ngníomh dlí, féadfar idirthréimhse réasúnta a cheadú chun comhéifeachtaí ceartúcháin do tháscairí a chur i bhfeidhm go héigeantach ón 1 Iúil 2026 ar aghaidh; — ceanglas a thabhairt isteach go mbeidh oiliúint don fhoireann bhainistíochta maidir le próisis athstruchtúraithe in eintitis cúraim sláinte sa phlean téarnaimh.
D2G	D1.1 Feabhas a chur ar éifeachtacht,	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm Ordú Uachtarán an Chiste Náisiúnta Sláinte (NFZ) agus	Forálacha san Ordú lena				C3	2022	Teacht i bhfeidhm Ordú Uachtarán an Chiste Náisiúnta Sláinte (NFZ) agus na ngníomhartha dlí faoi seach lena neartófar cúram príomhúil agus cúram

Srait h UIM H.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	inrochtaineacht agus cáilíocht seirbhísí sláinte		na ngníomhartha dlí faoi seach maidir le cúram príomhúil agus cúram comhordaithe a neartú, agus forálacha airgeadais ina dhiaidh sin (lena n-áirítear leasuithe ar chonarthaí), lena gceadaítear cur chun feidhme náisiúnta	léirítear an teacht i bhfeidhm						<p>comhordaithe, lena bhféadfar an méid seo a leanas a chur chun feidhme ar fud na tíre agus lena gcumhdófar:</p> <ul style="list-style-type: none"> — cúram sláinte coisctheach (táille chúraim); — na torthaí sláinte a bhfuiltear ag súil leo agus cáilíocht an chúraim (tabhairt isteach dreasachtaí); agus — an clár um bainistiú galar cúraim ainsealach agus comhordaitheoir cúraim. <p>Tabharfar isteach leis an Ordú socruithe airgeadais lena bhforáiltear d'acmhainní airgeadais breise le haghaidh na gconarthaí cúraim sláinte phríomhúil, seachas cúram sláinte oíche agus saoire.</p>
D3G	D1.1 Feabhas a chur ar éifeachtacht, inrochtaineacht agus cáilíocht seirbhísí sláinte	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm an Ghnímh maidir le cáilíocht i gcúram sláinte agus sábháilteacht othar, mar aon leis na rialacháin cur chun feidhme is gá	Foráil sa ghníomh lena léirítear a theacht i bhfeidhm				C3	2022	<p>Teacht i bhfeidhm an Ghnímh maidir le cáilíocht i gcúram sláinte agus sábháilteacht othar lena n-áireofar forálacha maidir leis na heilimintí seo a leanas:</p> <ol style="list-style-type: none"> 1) údarú: córas chun measúnú a dhéanamh ar eintitis a dhéanann gníomhaíochtaí leighis amhail seirbhísí ospidéal i bhfianaise a gcomhlíontachta le ceanglais na hAireachta Sláinte agus an Chiste Náisiúnta Sláinte ('ceanglais chiseáin' mar a thugtar orthu); 2) creidiúnú: creat chun meastóireacht sheachtrach a dhéanamh ar cháilíocht an chúraim sláinte agus ar shábháilteacht na n-othar in ospidéal; Faireachán ar theagmhais dhíobhálacha: creat le haghaidh

Srait h UIM H.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag eintitis leighis, go háirithe anailís chórasach a dhéanamh ar theagmhais dhíobhálacha d'fhonn tarlú teagmhas díobhálach comhchosúil a chosc; Cláir leighis: na rialacha a shonrú maidir le cláir leighis a chruthú agus a mhaoiniú agus a ról a neartú maidir le cáilíocht sa chúram sláinte a áirithiú; 5) taithí na n-othar: creat a bhunú chun taithí othar a thomhas i ndáil le forálacha conarthacha an Chiste Náisiúnta Sláinte (NFZ); agus Athospidéalú: creat chun rátaí athlígian isteach 30 lá a bhaineann le forálacha conarthacha NFZ a rianú agus a anailísiú (trí rialachán cur chun feidhme).
D4G	D1.1 Feabhas a chur ar éifeachtacht, inrochtaineacht agus cáilíocht seirbhísí sláinte	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm an Ghnímh maidir leis an Líonra Náisiúnta Oinceolaíochta agus na ngníomhartha dlí ábhartha lena mbunaítear na rialacha maidir le hoibriú an líonra trí struchtúr nua agus samhail nua bainistithe cúraim ailse a thabhairt isteach	Foráil sa gníomh lena sonraítear an teacht i bhfeidhm				C3	2022	Teacht i bhfeidhm an Ghnímh maidir leis an Líonra Náisiúnta Oinceolaíochta agus na ngníomhartha dlí ábhartha lena n-áiríteofar go bhfaighidh gach othar, gan beann ar a n-áit chónaithe, cúram oinceolaíoch bunaithe ar na caighdeáin dhiagnóiseacha agus theiripeacha chéanna. Díreoidh na gníomhartha sin ar an méid seo a leanas: — feabhas a chur ar eagrú an chórais cúraim oinceolaíoch trí rochtain a thabhairt d'othair ar na próisis dhiagnóiseacha agus theiripeacha den chaighdeán is airde agus ar chúram cuimsitheach feadh na “conaire othair” iomláine i réimsí an chúraim phríomhúil, an chúraim sláinte

Srait h UIM H.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspíocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spíocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garspíoc agus spíoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										speisialaithe d'othair sheachtracha (AOS), na cóireála ospidéal agus an athshlánaithe; — struchtúr eagraíochtúil nua agus samhail nua de bhainistiú cúraim ailse a chruthú, lena n-áirítear na hionaid faireacháin; — feabhas a chur ar cháilíocht saoil othar le linn cóireála oinceolaíche agus ina diaidh.
D5G	D1.1 Feabhas a chur ar éifeachtacht, inrochtaineacht agus cáilíocht seirbhísí sláinte	Garspíoc	Teacht i bhfeidhm an dlí lena gcruthaítear an Líonra Cairdeolaíochta Náisiúnta	Forálacha sna gníomhartha dlíthiúla lena léirítear an teacht i bhfeidhm				C3	2025	Teacht i bhfeidhm na ngníomhartha dlí lena ndéanfar foráil maidir leis an méid seo a leanas: — struchtúr eagrúcháin an Líonra Náisiúnta Cairdeolaíochta agus bainistiú cúraim chairdeolaíoch a bhunú; — cúram cairdeolaíoch a bhunú d'othair bunaithe ar chaighdeán mholta dhiagnóiseacha agus theiripeacha; — an creat a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar cháilíocht an chúraim chairdeolaíoch laistigh den Líonra Cairdeolaíoch Náisiúnta.
D6G	D1.1 Feabhas a chur ar éifeachtacht, inrochtaineacht agus cáilíocht seirbhísí sláinte	Garspíoc	Teacht i bhfeidhm gnímh dhlíthiúil nó gníomhartha dlíthiúla lena gcumasaítear soláthar	Foráil i ngníomh dlí nó i ngníomhartha dlí lena léirítear an teacht i bhfeidhm				C1	2026	Teacht i bhfeidhm gnímh dhlíthiúil nó gníomhartha dlíthiúla lena gcumasaítear soláthar ríomhsheirbhísí sláinte: uirlis le haghaidh anailís ar shláinte othar, uirlis tacaíochta IS-bhunaithe do dhochtúirí, stóras sonraí leighis.

Srait h UIM H.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspíocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spíocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspíoc agus spíoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
			ríomhsheirbhísí sláinte							
D7G	D1.1 Feabhas a chur ar éifeachtacht, inrochtaineacht agus cáilíocht seirbhísí sláinte	Garspíoc	Teacht i bhfeidhm an rialacháin maidir le liosta na n-ionad faireacháin cúige don líonra oinceolaíoch	Foráil sa rialachán lena sonraítear an teacht i bhfeidhm				C1	2023	Tiocfaidh an rialachán i bhfeidhm agus déanfar foráil ann maidir le hionaid faireacháin cúige a bhunú, ar eintitis leighis iad a roghnófar ón líonra oinceolaíoch i ngach ceann de na 16 chúige, a mbeidh speisialtóireacht acu i gcúram oinceolaíoch agus a sholáthróidh cóireáil agus faireachán cuimsitheach oinceolaíoch.
D9G	D1.1.1 Lárionaid chúraim an-speisialaithe agus soláthraithe cúraim sláinte eile a nuachóiriú	Garspíoc	Teacht i bhfeidhm gnímh dlí maidir le liosta critéar chun ospidéal a cháiliú le haghaidh gach leibhéil cúraim oinceolaíochta	Foráil sa ghníomh dlí lena léirítear an teacht i bhfeidhm				R4	2022	Teacht i bhfeidhm gnímh dhlíthiúil ón Aire Sláinte ar liosta critéar ar ar a mbonn a shannfar ospidéal oinceolaíochta do chatagóirí/leibhéil éagsúla den Líonra Náisiúnta Oinceolaíochta. Cuideoidh na catagóirí/leibhéil sin le riachtanais infheistíochta a eascraíonn as athchóiriú D4G a shainaitheint. Beidh na critéir chatagóirithe bunaithe ar an méid seo a leanas: — cumhdach (amhail an daonra cumhdaithe; sochair chumhdaithe; an gá atá le rochtain thráthúil ar chúram); — cothromas (amhail cothromas i seachadadh agus in úsáid); — éifeachtúlacht; — cáilíocht an chúraim agus — infhaighteacht acmhainní (amhail acmhainní daonna agus acmhainní airgeadais).
D10a G	D1.1.1 Lárionaid chúraim an-speisialaithe	Garspíoc	An chéad ghlaó ar thograí d'ospidéal (faoin Líonra	Foilsíú an chéad ghlaó ar thograí				C3	2024	Seolfar an chéad ghlaó ar thograí d'ospidéal (faoin Líonra Náisiúnta Oinceolaíochta) agus d'ionaid

Srait h UIM H.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	agus soláthraithe cúraim sláinte eile a nuachóiriú		Náisiúnta Oinceolaíochta) agus d'ionaid speisialaithe cúraim sláinte d'othair sheachtracha (AOS) atá ag comhoibriú leo							<p>speisialaithe cúraim sláinte d'othair sheachtracha (AOS) a chomhoibríonn leo chun trealamh a cheannach nó a uasghrádú nó chun infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar. Beidh an glao bunaithe ar na critéir chatagóirithe (a leagtar amach faoi D9G) agus ar nósanna imeachta soiléire trédhearcacha.</p> <p>Rannchuideoidh infheistíochtaí i mbonneagar nó i gceannach trealaimh leighis le feabhas a chur ar cháilíocht an chúraim agus le rochtain thráthúil agus chuimsitheach ar chúram ospidéal a áirithiú.</p> <p>Leagfar amach an méid seo a leanas sna critéir roghnúcháin don ghlaó ar thograí faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta:</p> <ul style="list-style-type: none"> - ní chlúdóidh an tacaíocht ach ospidéal agus ionaid speisialaithe cúraim sláinte d'othair sheachtracha atá cáilithe don Líonra Náisiúnta Oinceolaíochta agus atá mar chuid de struchtúir na n-ospidéal sin; - ní thacóidh cistí de chuid an Aontais seachas an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta le hinfeistíochtaí roghnaithe, lena n-áirítear na hinfeistíochtaí sin atá dírithe ar na hionaid speisialaithe chomhoibrítheacha um chúram othar seachtrach.

Srait h UIM H.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspíocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spíocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspíoc agus spíoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhlai n	
										Ní chumhdófar leis an tacaíocht ach raon feidhme na ngníomhaíochtaí a bhaineann le soláthar seirbhísí sláinte arna maoiniú ag an gCiste Náisiúnta Sláinte agus ní chumhdófar léi na ngníomhaíochtaí tráchtála.
D13G	D1.1.1 Lárionaid chúraim an-speisialaithe agus soláthraithe cúraim sláinte eile a nuachóiriú	Cuspóir sonrach	Ospidéal an Líonra Náisiúnta Oinceolaíochta a bhfuil infheistíochtaí bonneagair nó trealamh leighis ceannaithe acu		Uimhir	0	59	C2	2026	An líon ospidéal sa Líonra Náisiúnta Oinceolaíochta a bhfuil deimhniú acu lena ndeimhnítear oibreacha tógála nó atógála nó cruthúnas ar sheachadadh trealaimh leighis a ceannaiodh.
D14G	D1.1.1 Lárionaid chúraim an-speisialaithe agus soláthraithe cúraim sláinte eile a nuachóiriú	Cuspóir sonrach	Ospidéal an Líonra Cairdeolaíochta Náisiúnta a bhfuil infheistíochtaí bonneagair nó trealamh leighis ceannaithe acu		Uimhir	0	74	C2	2026	An líon ospidéal sa Líonra Cairdeolaíochta Náisiúnta a bhfuil deimhniú acu lena ndeimhnítear oibreacha tógála nó atógála nó cruthúnas ar sheachadadh trealaimh leighis a ceannaiodh.
D15G	D1.1.2 Claochlú digiteach ar chúram sláinte	Garspíoc	Seoladh uirlise chun anailís a dhéanamh ar shláinte othar	Seoladh uirlis anailise ar shláinte othar				C1	2026	Uirlis lena dtacaítear le hanailís a dhéanamh ar riocht sláinte othar agus cuirfear sonraí comhiomlánaíthe ó fheistí a dhéanann tomhais leighis nó stíle maireachtála ar fáil i gCuntas Idirlín an Othar (Internetowe Konto Pacjenta) agus in Gabinet.gov.pl.
D17G	D1.1.2 Claochlú digiteach ar chúram sláinte	Garspíoc	An Lárionad um dhigitiú na doiciméadachta leighis	Lárionad um dhigitiú na doiciméadachta leighis bunaithe				C1	2026	Bunófar Lárionad chun doiciméadacht leighis a dhigitiú agus nascfar 300 ospidéal ar a laghad ó líonra na n-ospidéal le stór leictreonach le haghaidh doiciméadacht leighis.
D18G	D1.1.2 Claochlú digiteach ar chúram sláinte	Garspíoc	Tuarascálacha ar scaoileadh amach as an ospidéal digitithe	90 % de thuarascálacha ar urscaoileadh (karta				C1	2026	90 % de thuarascálacha ar urscaoileadh (karta informacyjna z leczenia szpitalnego), ón gcóireáil ospidéal a íocann an Ciste Náisiúnta

Srait h UIM H.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspíocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spíocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspíoc agus spíoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
				informacyjna z leczenia szpitalnego) digitithe						Sláinte, a eisíodh in 2023-2025 ó 300 ospidéal ar a laghad ó líonra na n-ospidéal, beidh siad ar fáil i bhfoirm dhigiteach laistigh den ríomhthaifead sláinte aonair (EHR).
D20G	D1.1.2 Claochlú digiteach ar chúram sláinte	Cuspóir sonrach	Teimpléid dhigiteacha nua le haghaidh doiciméid leighis		Uimhir	0	9	C1	2026	Cuirfear teimpléid dhigiteacha nua le haghaidh doiciméid leighis ar fáil do dhochtúirí.
D21G	D1.1.2 Claochlú digiteach ar chúram sláinte	Garspíoc	Uirlis tacaíochta IS-bhunaithe do dhochtúirí a sheoladh	Uirlis tacaíochta IS-bhunaithe do dhochtúirí seolta				C1	2026	Seolfar uirlis tacaíochta IS-bhunaithe do dhochtúirí. Cuirfear an uirlis ar fáil i 300 ospidéal ar a laghad ó líonra na n-ospidéal.
D23G	D2.1 Na dálaí cearta a chruthú le haghaidh méadú ar líon na mball foirne leighis	Garspíoc	Leasú ar an Dlí maidir le hArdoideachas agus Eolaíocht agus maidir le Gairmeacha Lianna agus Fiaclóirí chun bunús dlí a sholáthar le haghaidh tacaíocht airgeadais ón mbliain acadúil 2021/2022 do mhic léinn i réimse an leighis sa Pholainn	Foráil sa leasú ar an Dlí maidir le hArdoideachas agus Eolaíocht agus maidir le Gairmeacha Lianna agus Fiaclóirí chun bunús dlí a sholáthar le haghaidh tacaíocht airgeadais ón mbliain acadúil 2021/2022 do mhic léinn i réimse an leighis sa Pholainn ar leibhéal ollscoile (lena n-áirítear mic léinn a chuir tús lena gcuid staidéir roimh an mbliain acadúil				R4	2021	Tiocfaidh an dlí i bhfeidhm agus tabharfar isteach leis an fhéidearthacht tacaíocht airgeadais a úsáid i bhfoirm iasachta do mhic léinn atá ag staidéar ar iocaíocht i réimse na míochaine ar leibhéal ollscoile. Beidh an mac léinn in ann iarratas a dhéanamh ar aisíocaíocht luath na hiasachta nó ar shíneadh a chur lena tréimhse aisíocaíochta. Tar éis coinníollacha áirithe a shonraítear san Acht a chomhlíonadh, beidh an mac léinn in ann iarratas a dhéanamh ar loghadh páirteach nó iomlán ar an iasacht le haghaidh staidéir liachta. Beidh mic léinn a bhaineann leas as an tacaíocht in ann iarratas a dhéanamh ar loghadh iomlán na hiasachta ar chomhlíonadh na gcoinníollacha seo a leanas: — obair tar éis céim a bhaint amach ar feadh tréimhse nach lú ná 10 mbliana laistigh de 12 bhliain as a chéile, arna

Srait h UIM H.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
				2021/2022) lena léirítear a theacht i bhfeidhm						comhaireamh ó dháta na céime, in eintitis a dhéanann gníomhaíochtaí liachta ar chríoch Phoblacht na Polainne, ar eintitis iad a sholáthraíonn seirbhísí cúraim sláinte arna maoiniú le cistí poiblí, agus — teideal an speisialtóra a fháil laistigh den tréimhse thuasluaite, i réimse leighis a aithnítear mar thosaíocht an lá a chuireann an dochtúir tús leis an oiliúint speisialtóireachta. Ní bheidh ar dhuine a chomhlíonann an dá choinníoll sin an iasacht a aisíoc as staidéir leighis. Sonrófar sa ghníomh reachtach na coinníollacha mionsonraithe agus an nós imeachta maidir leis an iasacht a chur ar ceal.
D25G	D2.1 Na dálaí cearta a chruthú le haghaidh méadú ar líon na mball foirne leighis	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm an Ghnímh reachtaigh maidir le gairm an pharaimhíochaineora agus féinrialtas na paraimhíochaineoirí, lena dtabharfar isteach an fhéidearthacht cláir dara timthriall a chruthú i réimse an ullmhúcháin do ghairm an pharaimhíochaineora	Foráil san Acht reachtach maidir le gairm na paraimhíochaine agus féinrialtas na bparaimhíochaineoirí lena léirítear a teacht i bhfeidhm				C3	2022	Chun inniúlachtaí paraimhíochaineoirí a fheabhsú, tiocfaidh gníomh reachtach i bhfeidhm agus cumasófar leis cláir dara timthriall a chruthú i réimse an pharaimhíochaine, a shainmhínítear mar staidéir dhá bhliain a chríochnaíonn ar chéim mháistreachta a bhaint amach. Trí chéim mháistreachta a bhaint amach, beidh paraimhíochaineoirí in ann cáilíochtaí breise a fháil, arb é is aidhm dó rangú níos airde a bhaint amach sa chatagóir tuarastail.
D27G	D2.1 Na dálaí cearta a chruthú le haghaidh	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm gníomhartha dlíthiúla arb é is	Forálacha sna gníomhartha dlí lena léirítear a				R4	2022	Tiocfaidh pacáiste gníomhartha dlí i bhfeidhm agus is éard a bheidh ann rialachán maidir le hinniúlacht

Srait h UIM H.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	méadú ar líon na mball foirne leighis		aidhm dóibh tarraingteacht post leighis agus dálaí oibre oibríthe leighis a fheabhsú	dteacht i bhfeidhm						ghairmiúil dochtúirí agus fiacloirí, leasú ar an ngníomh maidir le gairm an dochtúra agus an chleachtóra fiacloireachta, leasú ar an rialachán maidir le hintéirneacht iarchéime do dhochtúirí agus d'fhiaclóirí, leasú ar an rialachán maidir leis an gcoíochuracclam don oideachas i ngairmeacha an ghairmoideachais, leasú ar an ngníomh maidir leis an modh chun an buntuarastal is ísle d'fhostaithe áirithe atá ag obair in eintitis cúraim sláinte a chinneadh, lena n-áirítear forálacha maidir leis an méid seo a leanas: 1) solúbthacht an phróisis oideachais leighis iarchéime a mhéadú trí inniúlachtaí leighis deimhniú a thabhairt isteach, ionas gur féidir an scrúdú speisialtóireachta a dhéanamh tar éis na bliana leathdheireanaí d'oiliúint speisialtóireachta a chur i gcrích agus an clár intéirneachta iarchéime a athrú, 2) lárchóras a thabhairt isteach chun áiteanna speisialtóireachta a cháiliú agus a leithdháileadh, Faoiseamh a thabhairt do dhochtúirí trí chúrsaí sainoiliúna a sheoladh i réimse na cabhrach oibríocháin d'altraí agus do pharaimhíochaineoirí, An buntuarastal is ísle d'fhostaithe atá ag obair in eintitis cúraim sláinte a thabhairt cothrom le dáta trí rátaí oibre a mhéadú do gach grúpa gairme dá dtagraítear in Acht an 8 Meitheamh 2017 agus an ceanglas a thabhairt ar

Srait h UIM H.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										aghaidh faoi leathbhliain go gcomhlíonadh gach bunaíocht leighis leibhéil buntuarastal a ráthaítear go reachtúil d'oibríthe leighis: dochtúirí, fiaclóirí, dochtúirí agus fiaclóirí faoi oiliúint, altraí, cnáimhseacha, diagnóiseoirí saotharlainne, fisiteiripeoirí, cógaiseoirí agus gairmithe leighis eile, agus Roinnt inniúlachtaí a aistriú ó altraí go cúramóirí leighis.
D29G	D2.1.1 Infheistíochtaí a bhaineann le nuachóiriú agus iarfeistiú saoráidí teagaisc agus le lígean isteach ar staidéar leighis a mhéadú	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm gnímh dlí lena mbunaítear córas dreasachtaí chun tabhairt faoi staidéar agus leanúint de staidéar i ndámhanna roghnaithe ollscoile leighis trí scoláireachtaí, maoiniú le haghaidh staidéir agus meantóireachta	Foráil sa ghníomh dlí lena léirítear a theacht i bhfeidhm				C2	2022	Leis an ngníomh dlí lena dtugtar isteach an córas sealadach dreasachtaí chun tarraingteacht na staidéar leighis a mhéadú, áireofar an fhéidearthacht an méid seo a leanas a dhéanamh: — scoláireachtaí a dheonú, staidéir íochta a chómhaoiniú agus meantóireacht mac léinn ar sheirbhísí altranais, cnáimhseachais agus liachta éigeandála a mhaoiniú; agus — scoláireachtaí a dheonú do mhic léinn i réimsí na míochaine, na míochaine agus na fiaclóireachta, na hanailísíochta leighis, na cógaisíochta agus na fisiteiripe. Áireofar sa ghníomh dlí lena dtugtar isteach an córas oibleagáid athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht an chórais ag deireadh thréimhse STA agus anailís a dhéanamh ar thionchar na scéime dreasachta a cuireadh chun feidhme ar líon na mac léinn san oideachas d'fhonn cinneadh a dhéanamh maidir lena atosú féideartha.

Srait h UIM H.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspíocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spíocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspíoc agus spíoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
D30G	D2.1.1 Infheistíochtaí a bhaineann le nuachóiriú agus iarfeistiú saoráidí teagaisc agus le ligean isteach ar staidéar leighis a mhéadú	Cuspóir sonrach	Scoláireachtaí nó cómhaoiniú do mhic léinn leighis		Uimhir	0	140	C2	2026	Síneofar líon na gcreat-chomhaontuithe le scoileanna leighis ardoideachais chun scoláireachtaí nó cómhaoiniú staidéir a chur ar fáil do 7600 mac léinn ar a laghad. Déanfar na hiocaíochtaí deiridh le scoileanna ard-oideachais.
D31G	D2.1.1 Infheistíochtaí a bhaineann le nuachóiriú agus iarfeistiú saoráidí teagaisc agus le ligean isteach ar staidéar leighis a mhéadú	Cuspóir sonrach	Saoráidí teagaisc, leabharlanna nó suanliosanna mac léinn a tógadh nó a athfhoirgníodh nó a athchóiríodh		Uimhir	0	180	C2	2026	Líon na dtionscadal infheistíochta chun na nithe seo a leanas a thógáil nó a athchóiriú nó a iarfeistiú: — saoráidí a úsáidtear le haghaidh oideachas leighis nó — leabharlanna nó suanliosanna mac léinn.
D32G	D3.1 Éifeachtúlacht agus cáilíocht an chórais cúraim sláinte a mhéadú trí thacú le hacmhainneacht taighde agus forbartha na Polainne i réimse na n-eolaíochtaí leighis agus na n-eolaíochtaí sláinte	Garspíoc	Teacht i bhfeidhm an Ghnímh maidir le trialacha cliniciúla ar tháirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine	Foráil san Acht lena sonraítear a theacht i bhfeidhm				R4	2022	Tiocfaidh an Gníomh maidir le trialacha cliniciúla ar tháirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine i bhfeidhm agus áireofar an méid seo a leanas ann: — rialacha trédhearcacha, agus — saoráidí agus sásraí breise lena spreagtar trialacha cliniciúla sa Pholainn agus lena bhfeabhsaítear cáilíocht agus cuíchóiriú trialacha cliniciúla sa Pholainn. Leis an Acht seo, tabharfar cothrom le dáta freisin an creat dlíthiúil lena rialaítear an earnáil bhithleighis i gcoitinne sa Pholainn, lena n-áirítear Taighde agus Forbairt, a mhéid a mheastar go bhfuil gá le nuashonrú den sórt sin i bPlean Straitéiseach an Rialtais maidir le Forbairt na hEarnála Bithleighis sa Pholainn.
D33G	D3.1 Éifeachtúlacht agus cáilíocht an chórais	Garspíoc	Teacht i bhfeidhm nó cur chun feidhme	Forálacha sna doiciméid				R4	2022	Tiocfaidh gníomhaíochtaí a shaináithnítear mar

Srait h UIM H.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhlíain	
	cúraim sláinte a mhéadú trí thacú le hacmhainneacht taighde agus forbartha na Polainne i réimse na n-eolaíochtaí leighis agus na n-eolaíochtaí sláinte		na bpríomhghníomhaíochtaí a shonraítear i bPlean Straitéiseach an Rialtais um Fhorbairt na hEarnála Bithleighis i gcomhréir leis an amlíne a leagtar amach sa Phlean Straitéiseach	bhunúsacha lena léirítear a dteacht i bhfeidhm nó a gcur chun feidhme, ag brath ar chineál na bpríomhghníomhaíochtaí a shaináithnítear sa Phlean Straitéiseach						‘phríomhghníomhaíochtaí’ sa Phlean Straitéiseach i bhfeidhm nó cuirfear chun feidhme iad i gcomhréir leis an sceideal a áirítear sa Phlean Straitéiseach agus a mhéid a chinnfear sa Phlean Straitéiseach. Glacfar an Plean Straitéiseach féin in 2022 i bhfoirm rúin ó Chomhairle na nAirí. Áireofar ar na príomhghníomhaíochtaí dearadh an chórais bainistithe forbartha earnála, comórtais chéaddeontas i réimsí tosaíochta agus faireachán buan ar mhargadh bithleighis na Polainne.
D34G	D3.1.1 Forbairt chuimsitheach ar thaighde i réimse na n-eolaíochtaí leighis agus na n-eolaíochtaí sláinte	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm ardáin leictreonaigh do Líonra na Polainne um Thrialacha Cliniciúla	Teacht i bhfeidhm an ardáin do Líonra na Polainne um Thrialacha Cliniciúla				R4	2022	Tiocfaidh an t-ardán leictreonaigh i bhfeidhm. Áireofar ar an ardán uirlisí chun comhordú a dhéanamh ar oibriú an líonra, inneall cuardaigh lenar féidir trialacha cliniciúla a shaináithint, suíomh gréasáin ina n-úsáidtear an t-inneall cuardaigh thuasluaite atá tiomnaithe d’othair atá ag lorg deis chun páirt a ghlacadh i dtrialacha cliniciúla agus inneall cuardaigh do ghairmithe atá ag gabháil do thrialacha cliniciúla a fhorbairt nó a stiúradh.
D36G	D3.1.1 Forbairt chuimsitheach ar thaighde i réimse na n-eolaíochtaí leighis agus na n-eolaíochtaí sláinte	Cuspóir sonrach	Líon na dtionscadal a fhaigheann tacaíocht d’aonaid taighde agus d’fhiontraithe san earnáil bhithleighis		Uimhir	0	60	C2	2026	Síneoidh an tairbhí agus an Ghníomhaireacht Taighde Leighis tuarascálacha le haghaidh 60 tionscadal ar a laghad a fhaigheann tacaíocht d’aonaid taighde nó d’fhiontraithe san earnáil bhithleighis. Soláthrófar tionscadail dá dtugtar tacaíocht i réimse na nuálaíochtaí cógaisíochta, na bhfeistí leighis nó na

Srait h UIM H.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspíocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spíocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspíoc agus spíoc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										réiteach TF chun críocha leighis agus sláinte.
D37G	D3.1.1 Forbairt chuimsitheach ar thaighde i réimse na n-eolaíochtaí leighis agus na n-eolaíochtaí sláinte	Cuspóir sonrach	Deontais le haghaidh Lárionaid Tacaíochta do Thrialacha Cliniciúla		Uimhir	0	28	C2	2026	Tuarascálacha atá sínithe ag an tairbhí agus ag an nGníomhaireacht um Thaighde Leighis: <ul style="list-style-type: none"> - lena ndeimhnítear bunú 10 Lárionad Tacaíochta do Thrialacha Cliniciúla (CTSC); - ag deimhniú go bhfuair na 18 CTSC atá ann cheana cistiú le haghaidh ceann amháin ar a laghad de na gníomhaíochtaí seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> - oideachas nó oiliúint le haghaidh grúpa faighteoirí amháin ar a laghad as gach trí ghrúpa faighteoirí: foirne bainistíochta, eolaithe agus othair, <ul style="list-style-type: none"> — CTSC a ullmhú chun taighde díláraithe a dhéanamh (leis an gcur chuige atá dírithe ar an othar), <ul style="list-style-type: none"> — eolas a thabhairt faoi thrialacha cliniciúla sa tsochaí, — córais TF a nuachóiriú, — an bonneagar atá ann cheana a nuachóiriú, — próisis agus nósanna imeachta nua a dhearadh agus an struchtúr eagraíochtúil in institiúidí nó luach saothair fostaithe a mhodhnú.
D38G	D4.1.1 Cúram fadtéarmach a mhéadú trí eintitis leighis a nuachóiriú ar leibhéal ceantair	Garspíoc	Liosta na n-ospidéal ceantair a roghnaíodh chun tacú le cruthú leapacha fadtéarmacha agus geiriatracha, bunaithe ar chritéir	Foilsíú liosta na n-ospidéal roghnaithe				C2	2024	Seachadfar liosta d'ospidéal ceantair a roghnófar chun tacú le cruthú leapacha fadtéarmacha agus geiriatracha. <p>Bunófar an roghnúchán ar shraith critéar lena n-áireofar coinníollacha áitiúla maidir leis an méid seo a</p>

Srait h UIM H.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
			roghnúcháin shonracha							<p>leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> — treochtaí déimeagrafacha, — dlús daonra, — riachtanais cúraim fhadtéarmaigh, — sáithiú seirbhíse cúraim fhadtéarmaigh/geiriatracha, — cáilíocht an chúraim, agus — comhlíonadh pleananna athstruchtúraithe nó doiciméad coibhéiseach le haghaidh ospidéal ar leith. <p>Beidh an méid seo a leanas ar a laghad i ndoiciméad coibhéiseach: faisnéis maidir le bearta chun staid fhóna airgeadais an ospidéal lena mbaineann a áirithiú, lena n-áirítear mionsonraí faoi chineál na mbearta sin, a n-amlíne, a gcostas agus na torthaí airgeadais a bhfuiltear ag súil leo, an comhlacht atá freagrach as na bearta sin a chur chun feidhme agus na socruithe faireacháin.</p>
D40G	D4.1.1 Soláthar cúraim fhadtéarmaigh a mhéadú trí eintitis leighis a nuachóiriú ar leibhéal ceantair	Cuspóir sonrach	Ospidéal a bhfuil infheistíochtaí acu i réimse an chúraim fhadtéarmaigh nó an chúraim gheiriatraigh		Uimhir	0	76	C2	2026	An líon ospidéal a bhfuil deimhniú acu lena ndeimhnítear oibreacha tógála nó athchóirithe nó a bhfuil cruthúnas acu ar sheachadadh trealaimh leighis a ceannaíodh chun cúram fadtéarmach nó cúram geiriatrach a sholáthar.

D.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na hiasachta

D1.2 Éifeachtúlacht, infhaighteacht agus cáilíocht seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh soláthraithe cúraim sláinte a mhéadú ar leibhéal ceantair

Is é is cuspóir don athchóiriú tacú le haonaid nó ionaid cúraim fhadtéarmaigh agus geiriatraigh a dhéanamh d'ospidéal ceantair. Beidh an t-athchóiriú bunaithe go dlíthiúil ar ghníomh reachtach tiomnaithe lena gcuirfear le conclúidí athbhreithnithe ar an bhféidearthacht aonaid/ionaid cúraim fhadtéarmaigh agus chúraim gheiriatraigh a bhunú in ospidéal ceantair sa Pholainn. Beidh an t-athchóiriú i gcomhréir freisin leis an Straitéis Dí-institiúidithe a d'ullmhaigh an Aireacht Sláinte (iarscríbhinn a ghabhann leis an 'Creat straitéiseach maidir le forbairt an chórais cúraim sláinte sa Pholainn 2021-27 — Todhchaí Shláintiúil').

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2022.

D.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an iasacht

Srait h UIM H.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gerích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
D1L	D1.2 Éifeachtúlacht, infhaighteacht agus cáilíocht seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh soláthraithe cúraim sláinte a mhéadú ar leibhéal ceantair	Garsprioc	Athbhreithniú ar an bhféidearthacht aonaid/ionaid cúraim fhadtéarmaigh agus cúraim gheiriatraigh a bhunú in ospidéal cheantair sa Pholainn	Foilsíú				C2	2022	Athbhreithniú a fhoilsiú, mar chuid den anailís straitéiseach fhoriomlán ar chúram fadtéarmach sa Pholainn dá bhforáiltear faoi chomhchuid A, maidir leis an bhféidearthacht aonaid/ionaid cúraim fhadtéarmaigh agus gheiriatraigh a bhunú in ospidéal cheantair (lena n-áirítear codanna d'ospidéal cheantair a athrú ó bhonn). Féachfar san athbhreithniú go háirithe ar na bealaí a d'fhéadfadh a bheith ann chun an méid seo a leanas a dhéanamh: — infhaighteacht seirbhísí cúraim sláinte fhadtéarmaigh a mhéadú trí aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sainaitheanta i soláthar cúraim fhadtéarmaigh, go háirithe ar leibhéal ceantair; — deireadh a chur le neamhionannais maidir le rochtain ar sheirbhísí cúraim sláinte fhadtéarmaigh; — feabhas a chur ar dhálaí oibre d'fhoireann leighis; agus — cáilíocht an chúraim fhadtéarmaigh a fheabhsú.
D2L	D1.2 Éifeachtúlacht, infhaighteacht agus cáilíocht seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh soláthraithe cúraim sláinte a mhéadú ar leibhéal ceantair	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm gnímh reachtaigh maidir leis an tacaíocht chun aonaid/ionaid cúraim fhadtéarmaigh agus cúraim gheiriatraigh a bhunú in ospidéal cheantair, bunaithe ar thorthaí an athbhreithnithe	Foráil sa ghníomh reachtach lena sonraítear an teacht i bhfeidhm				C3	2022	Teacht i bhfeidhm gnímh reachtaigh, bunaithe ar thorthaí an athbhreithnithe ar an bhféidearthacht aonaid/ionaid cúraim fhadtéarmaigh agus cúraim gheiriatraigh a bhunú in ospidéal cheantair sa Pholainn. Sonrófar sa ghníomh conas a fheabhsóidh an tacaíocht chun aonaid cúraim fhadtéarmaigh agus aonaid gheiriatracha agus/nó ionaid in ospidéal cheantair a bhunú an soláthar cúraim, i measc nithe eile, do sheanáirí ar an leibhéal áitiúil. Beidh an ghníomh reachtach i gcomhréir leis an t'gCreat straitéiseach maidir le forbairt córas

Srait h UIM H.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gerích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										cúraim sláinte sa Pholainn 2021-27 — Todhchaí Shláintiúil.

E. COMHCHUID E: SOGHLUAISTEACHT GHLAS CHLISTE

Leis an gcomhpháirt de Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Polainne, tugtar aghaidh go príomha ar dhúshláin earnáil iompair na Polainne maidir le dícharbónú agus truailliú aeir. Ó 1990 i leith, tá méadú 214 % tagtha ar astaíochtaí iompair, go príomha mar gheall ar mhéadú suntasach ar iompar de bhóthar. Idir 2005 agus 2019, tháinig méadú beagnach faoi thrí ar an trácht ar bhóithre, agus ní raibh sa mhéadú comhfhreagrach ar an iarnród ach méadú 9 %. Féachann an chomhpháirt le sineirgí a bhaint amach idir an clár oibre dícharbónaithe agus an clár oibre tionsclaíoch. I bhfianaise líon ard leanúnach na mbásanna ar bhóithre sa tír, dúshlán eile a dtugann an chomhpháirt aghaidh air is ea sábháilteacht ar bhóithre. Tugann an chomhpháirt aghaidh freisin ar limistéir áirithe a eisiáimh ó thairiscint iompair phoiblí inmharthana.

Dá bhrí sin, is é príomhchuspóir na comhpháirte athchóirithe agus infheistíocht a thabhairt isteach chun iompar inbhuanaithe a chur chun cinn, trí iompar uirbeach poiblí, feithiclí glana agus an bonneagar comhfhreagrach, aistriú módach ó bhóithre go hiarnróid, agus iompar idirmhódúil. Dírítear ar shábháilteacht ar bhóithre trí shraith chuimsitheach athchóirithe agus infheistíochta chun sábháilteacht codanna sonracha de bhóithre a mhéadú. Is é is aidhm d'infheistíochtaí in iompar poiblí tuaithe rogha inmharthana ar charranna a dhéanamh den iompar sin agus comhtháthú agus cuimsiú eacnamaíoch agus sóisialta a fheabhsú.

Rannchuidíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar an Moladh Tírshonrach chun beartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfheistíocht a dhíriú ar nuálaíocht, iompar, go háirithe ar a inbhuanaitheacht, ar a bhonneagar digiteach agus fuinnimh, ar chúram sláinte agus ar fhuinneamh níos glaine, agus éagothromaíochtaí réigiúnacha á gcur san áireamh (Moladh Tírshonrach 3 2019) agus chun infheistíocht a dhíriú ar na haistrithe glasa agus digiteacha, go háirithe bonneagar digiteach, táirgeadh agus úsáid fuinnimh atá glan agus éifeachtúil agus iompar inbhuanaithe, rud a rannchuideoidh le dícharbónú an gheilleagair de réir a chéile, lena n-áirítear i réigiúin ghuaill (Moladh Tírshonrach 3 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C 58/01) á cur san áireamh. Na tionscadail infheistíochta uile a mhaoinítear faoin gcomhpháirt sin lena gceanglaítear cinneadh maidir le measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol (MTC), comhlíonfaidh siad Treoir 2011/92/AE arna leasú le Treoir 2014/52/AE. Go sonracha, údarófar gach tionscadal nua lena n-éilítear MTC faoin *Acht maidir le faisnéis a sholáthar faoin gcomhshaol agus faoina chosaint, faoi rannpháirtíocht an phobail i measúinuithe ar chosaint an chomhshaoil agus ar an tionchar ar an gcomhshaol, arna leasú le hAcht an 30 Márta 2021 lena leasaítear an tAcht sin agus le gníomhartha áirithe eile*. Forálacha na 'Treoirínte maidir le gníomhaíochtaí feabhais le haghaidh tionscadail arna gcómhaoiniú ag Cistí an Aontais a ndéanann an sárú 2016/2046 difear dóibh', mar a cuireadh in iúl don Pholainn an 23 Feabhra 2021 (tag. Ares(2021)1423319), cuirfear san áireamh iad i gcur chun feidhme na dtionscadal infheistíochta uile ar iarradh cinneadh comhshaoil nó cead tógála nó forbartha ina leith roimh theacht i bhfeidhm Ghníomh an 30 Márta 2021.

E.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

E1.1 Méadú ar úsáid iompair atá neamhdhíobhálach don chomhshaol

Is é cuspóir an bhirt astaíochtaí gás ceaptha teasa agus truailleáin aeir ón iompar a laghdú agus sciar na mbreoslaí malartacha a mhéadú.

Is éard atá sa bheart sin (i) dlí maidir le busanna astaíochtaí nialasacha a cheannach (ii) tacaíocht chun Pleananna Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe ('PSUInna') a fhorbairt, (iii) táille chlárúcháin agus táille chomhshaoil a thabhairt isteach le haghaidh feithiclí a bhaineann le hastaíochtaí i gcomhréir leis an bprionsabal gurb é údar an truailithe a íocfaidh as agus (iv) scéim deontais le haghaidh tacaíocht d'fheithiclí leictreacha, agus (v) clárúcháin nua feithiclí leictreacha.

E1.1.1 Tacaíocht do gheilleagar ísealcharbóin

Is é cuspóir ginearálta na hinfheistíochta rannchuidiú le geilleagar ísealcharbóin agus saor ó charbón a fhorbairt trí thacú leis an tionscal le haghaidh na hearnála soghluaisteachta glaine agus na hearnála fuinnimh. Is é cuspóir sonracha na hinfheistíochta acmhainneacht na n-earnálacha roghnaithe a mhéadú chun réitigh táirgí saor ó charbón agus ísealcharbóin a fhorbairt.

Saothrófar na cuspóirí sin trí ionstraim airgeadais thiomnaithe (Ciste) a bhunú le haghaidh na dtionscadal tionsclaíoch thuasluaite. Féadfar a áireamh go háirithe ar tháirgí agus ar theicneolaíochtaí dá dtugtar tacaíocht próisis taighde agus nuálaíochta, aistriú teicneolaíochta agus comhar idir fiontair a dhíríonn ar an ngeilleagar ísealcharbóin agus béim á leagan ar réitigh nuálacha astaíochtaí ísle agus nialasacha i réimse na soghluaisteachta inbhuanaithe agus foinsí fuinnimh astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle.

Bunófar an ciste sin, mar aon lena straitéis infheistíochta, faoin 30 Meitheamh 2022.

Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C 58/01), eisiafar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas i gcritéir roghnúcháin na hionstraime airgeadais: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha a roghnú.

Comhlánaítear an beart sin le beart E3.1.1 Saoráid chun tacú le geilleagar ísealcharbóin.

E1.1.2 Busanna agus tramanna astaíochtaí nialasacha agus ísle

Is é is cuspóir don infheistíocht seo an t-iompar poiblí a dhéanamh níos glaine agus a tharraingteacht i leith gluaisteáin phríobháideacha a mhéadú. Is éard atá sa bheart seo busanna agus tramanna astaíochtaí nialasacha nó ísle a fháil.

E2.1 Iomaíochas earnáil na n-iarnród a fheabhsú

Is é is cuspóir don athchóiriú athléimneacht na n-oibreoirí iarnróid a fheabhsú agus iomaíochas agus éifeachtúlacht earnáil na n-iarnród in earnáil iompair na Polainne a mhéadú.

Bainfear é sin amach trí thosaíochtaí a bhunú maidir le hiompar idirmhódúil agus trí fheabhas a chur ar an acmhainneacht tionscadail iompair iarnróid a phleanáil agus a chur in úsáid. Bainfear é sin

amach freisin trína chur ar chumas bainisteoirí bonneagair táillí ar an rochtain ar bhonneagar a laghdú agus bainisteoirí bonneagair a chúiteamh as laghduithe ar na muirir sin.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

Tá sé d'aidhm ag an athchóiriú freisin feabhas a chur ar inmharthanacht an iarnróid i gcomparáid le modhanna iompair eile tríd an gcóras dolaí bóthair a leathnú chuig 1 400 km breise de mhórbhealaí agus luasbhealaí.

E2.1.1 Línte iarnróid

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo toilleadh agus luas an iompair d'iarnród a mhéadú. Is éard atá sa bheart sin oibreacha ar 500 km ar a laghad de línte iarnróid agus 180 scrogall.

E2.1.2 Rothstoc paisinéirí iarnróid

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo tarraingteacht agus inmharthanacht an iompair iarnróid a mhéadú. Is éard atá sa bheart seo rothstoc a sheachadadh.

E2.1.3 Tionscadail idirmhódúla

Is é is cuspóir don infheistíocht seo tacú le hiompar idirmhódach. Is éard atá sa bheart sin infheistíochtaí i gcríochfoirt idirmhódúla agus i rothstoc.

E2.2 Sábháilteacht iompair a fheabhsú

Is é is aidhm don athchóiriú sábháilteacht iompair a mhéadú, agus béim á leagan ar shábháilteacht úsáideoirí iompair leochaileacha.

Is éard a bheidh san athchóiriú sraith athruithe reachtacha lena dtabharfar isteach tosaíocht do choisithe ag trasrianta, luas aonfhoirmeach i limistéir fhoirgnithe, agus an t-achar íosta idir feithiclí. Bhí na hathruithe reachtacha sin le teacht i bhfeidhm faoin 31 Nollaig 2021. Rianófar dul chun cinn an athchóirithe i gcoinne sprioc sábháilteachta ar bhóithre maidir le laghdú coibhneasta ar bhásanna agus ar dhaoine a ghortaítear go dona i gcomhréir le spriocanna an Aontais maidir le sábháilteacht ar bhóithre.

E2.2.1 Infheistíochtaí sábháilteachta iompair

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo sábháilteacht an iompair de bhóthar a mhéadú lena n-áirítear trí úsáid tacagraf a chur chun cinn. Is éard atá sa bheart seo: (i) teophointí sábháilteachta ar bhóithre a fheabhsú (ii) seachbhealaí a thógáil agus (iii) feistí faireachais bóthair uathoibríocha a shuiteáil.

E2.2.2 An t-iompar a dhigitiú

Is é is cuspóir don infheistíocht seo réitigh dhigiteacha a thabhairt isteach chun iarnróid agus iompar poiblí a dhéanamh níos tarraingtí agus níos éifeachtúla. Is éard atá sa bheart seo aonaid ar bord an Chórais Eorpaigh um Bainistiú Tráchtá Iarnróid (ERTMS) a shuiteáil nó a thabhairt cothrom le dáta, Córais Dinimiciúla Faisnéise faoi Phaisinéirí (SDIP) a shuiteáil, oibreacha ar chórais crosairí comhréidhe, agus rialú uathoibríoch ar phointí rialaithe iarnróid a thabhairt isteach.

E.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Sraith UIM H.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
E1G	E1.1 Méadú ar úsáid iompair atá neamhdhíobhála ch don chomhshaol	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm dlí maidir le busanna astaíochtaí nialasacha a cheannach	Foráil i ndlí lena sonraítear a theacht i bhfeidhm				C1	2025	Teacht i bhfeidhm dlí lena bhforchuirfear oibleagáid dhlíthiúil (faoi réir eisceachtaí sonraithe) ar bhardais a bhfuil níos mó ná 100000 áitritheoir iontu agus ar eintitis atá ar conradh ag bardais den sórt sin nó ar chuir bardais den sórt sin de chúram orthu seirbhísí comhchoiteanna uirbeacha iompair do phaisinéirí de bhóthar a sholáthar chun busanna astaíochtaí nialasacha a cheannach nuair a dhéanann siad a seirbhísí i mbardais ina bhfuil níos mó ná 100000 áitritheoir.
E2G	E1.1 Méadú ar úsáid iompair atá neamhdhíobhála ch don chomhshaol	Garsprioc	Bearta chun tacú le Pleananna Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe (PSUInna) a fhorbairt agus dreasachtaí a ghlacadh chun PSUInna a chur chun feidhme lena gcuirfidh an Aireacht Bonneagair tacaíocht theicniúil agus airgeadais ar fáil do gach limistéar uirbeach feidhmiúil	Foráil lena sonraítear an teacht i bhfeidhm				C1	2023	Bearta a thabhairt isteach chun tacú le Pleananna Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe (PSUInna) a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Áireofar ar na bearta sin: <ul style="list-style-type: none"> - struchtúr nua le haghaidh tacaíocht do chur chun feidhme SUMPanna le Coiste Stiúrtha SUMP chun forbairt agus cur chun feidhme SUMPanna a spreagadh; - Lárionad inniúlachta SUMP laistigh den Aireacht Bonneagair, a sholáthróidh tacaíocht chomhairleach agus airgeadais d'aonaid rialtais áitiúil; - an Lánchumhachtach do SUMP san Aireacht Bonneagair. Leis an gcreat nua, beifear in ann tacaíocht theicniúil agus airgeadais leordhóthanach a sholáthar d'eintitis ar spéis leo PSUInna a ullmhú agus cuirfear feabhas ar na

Srait h UIM H.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										gníomhaíochtaí a dhéanann an riarachán lárnach sa réimse sin.
E3G	E1.1 Méadú ar úsáid iompair atá neamhdhíobhála ch don chomhshaol	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm gnímh dlí lena dtugtar isteach táille chlárúcháin le haghaidh feithiclí a bhaineann le hastaíochtaí i gcomhréir leis an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as	Foráil sa ghníomh dlí lena léirítear a theacht i bhfeidhm				C2	2026	Tabharfar isteach le gníomh dlí bearta airgeadais agus fioscacha lena spreagfar éileamh ar fheithiclí níos glaine, lena n-áirítear táillí clárúcháin níos airde d'fheithiclí dócháin, agus lena bhfeabhsófar bearta maidir le dímhéas luathaithe feithiclí leictreacha. Braithfidh an táille ar astaíochtaí CO2 agus/nó NOx. Úsáidfeadh ioncam ó mhuirir chun seachtrachtaí diúltacha iompair a laghdú agus chun iompar poiblí astaíochtaí ísle a fhorbairt i gceantair uirbeacha agus thuaithe araon.
E4G	E1.1 Méadú ar úsáid iompair atá neamhdhíobhála ch don chomhshaol	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm gnímh dlí lena dtugtar isteach táille chomhshaoil d'fheithiclí a bhaineann le hastaíochtaí i gcomhréir leis an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as	Foráil sa ghníomh dlí lena léirítear a theacht i bhfeidhm				C1	2026	Tabharfar isteach táille chomhshaoil le haghaidh feithiclí dócháin (catagóirí M1 agus N1) d'fhiontraithe agus déanfar í a chomhghaolú le hastaíochtaí CO2 agus NOx feithicle, leis an bhféidearthacht ionadaithe oiriúnacha a úsáid. Beidh an táille chomhshaoil infheidhme ó R1 2026 ar aghaidh. Is féidir díolúine de minimis a thabhairt d'fhiontraithe nach bhfuil ach aon fheithicil amháin acu. Úsáidfeadh ioncam ón táille chun seachtrachtaí diúltacha iompair a laghdú agus chun iompar poiblí astaíochtaí ísle a fhorbairt i gceantair uirbeacha agus thuaithe araon.

Srait h UIM H.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spr ioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gerich		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
E4aG	E1.1 Méadú ar úsáid iompair atá neamhdhíobhála ch don chomhshaol	Garsprioc	Scéim deontais le haghaidh tacaíocht d'fheithiclí leictreacha	Foilsíú na scéime/na scéimeanna deontais				C2	2025	<p>Foilseofar glao ar iarratais le haghaidh scéim(i) deontais chun tacú le feithiclí leictreacha astaíochtaí nialasacha de chatagóir M1, M2 agus N1 a cheannach, a fháil ar cíos nó a léasú.</p> <p>Maidir le feithiclí M1, an taca:</p> <ul style="list-style-type: none"> • ní sháróidh sé PLN 40000 in aghaidh an fhaighteora deiridh i gcás daoine nádúrtha agus dílseánach aonair. • ní sháróidh sé PLN 40000 in aghaidh na feithicle i gcás páirceanna náisiúnta. <p>I gcás feithiclí M2 agus N1, tabhair tacaíocht:</p> <ul style="list-style-type: none"> • soláthrófar iad i bhfoirm deontas do dhílseánaigh aonair, d'eagraíochtaí neamhrialtasacha, d'institiúidí agus ionaid chúraim agus oideachais, do shaoráidí leighis agus oideachais agus do pháirceanna náisiúnta. • ní rachaidh sé thar PLN 600000 in aghaidh na feithicle M2, agus PLN 70000 in aghaidh na feithicle N1.
E4cG	E1.1. Méadú ar úsáid iompair atá neamhdhíobhála ch don chomhshaol	Garsprioc	Deimhnithe íocaíochta	Deimhnithe íocaíochta				C2	2026	Deimhnithe íocaíochta le haghaidh EUR 246375000 in eisíocaíochtaí deontais faoin scéim tacaíochta EV.
E5G	E1.1 Méadú ar úsáid iompair atá neamhdhíobhála ch don chomhshaol	Cuspóir sonrach	Cathracha a bhfuil SUMPanna acu glactha		Uimhir	0	30	C2	2025	Líon na gcathracha a bhfuil Plean Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe glactha acu.

Srait h UIM H.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
E7G	E1.1 Méadú ar úsáid iompair atá neamhdhíobhála ch don chomhshaol	Cuspóir sonrach	Feithiclí leictreacha		Uimhir	0	10 041	C2	2026	An líon íosta feithiclí leictreacha nuachlártha sa Pholainn (gluaistéain, busanna nó feithiclí tromshaothair) tar éis an 1 Feabhra 2020.
E8G	E1.1.1 Tacaíocht do gheilleagar ísealcharbóin	Garspríoc	Bunú ionstraime airgeadais (Ciste) le haghaidh soghluaisteach astáíochtaí nialasacha/ísle agus fuinnimh	An Ciste a fhortheas agus a chlárú, an straitéis infheistíochta a fhortheas ag comhlachtaí rialaithe an Chiste				C2	2022	Bunú na hionstraime airgeadais (“Ciste”) chun tacú leis an ngeilleagar íseal-astáíochtaí sa Pholainn, lena n-áirítear straitéis/beartas infheistíochta gaolmhar. Glacfaidh comhlachtaí rialaithe an Chiste an méid sin, beidh sé i gcomhréir le Nóta Treorach ón gCoimisiún an 22 Eanáir 2021 maidir le hionstraimí airgeadais agus lena n-áirítear critéir roghnúcháin chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C 58/01) maidir le hidirbhearta dá dtugtar tacaíocht faoin mbeart seo trí úsáid a bhaint as díonadh inbhuanaitheachta, liosta eisiamh, agus an ceanglas maidir le reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. Go háirithe, áiríteofar go gcomhlíonfaidh infheistíochtaí dá dtugtar tacaíocht Airteagail 6(3) agus 12 den Treoir maidir le Gnáthóga, agus Airteagal 5 den Treoir maidir le hÉin agus, i gcás inar gá, déanfar Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol (MTC) nó scagadh, i gcomhréir leis an Treoir maidir le Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol. Leis an gCiste, soláthrófar tacaíocht ionstraimí airgeadais (cothromas nó fiachas) do thionscadail infheistíochta a bhaineann le próisis taighde agus nuálaíochta, aistriú teicneolaíochta agus comhar idir fiontair a dhíríonn ar an ngeilleagar ísealcharbóin, athléimneacht agus oiriúnú don athrú aeráide,

Srait h UIM H.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										agus béim á leagan ar réitigh nuálacha astaíochtaí ísle agus nialasacha i réimse na soghluaisteachta inbhuanaithe agus foinsí fuinnimh astaíochtaí nialasacha/íslle (seachas Gás Nádúrtha Comhbhrúite agus Gás Nádúrtha Leachtaithe), arna gcur chun feidhme go príomha ag FBMana agus cuideachtaí meánchaipitlithe. Cuirfear bainistí an Chiste de chúram ar bhainisteoir de chuid an Chiste a roghnófar trí thairiscint oscailte. Bunófar Coiste Infheistíochta an Chiste agus beidh sé freagrach as tionscadail na bhfaighteoirí deiridh (infheisteoirí) a fhorhmeas, mar a mhol bainisteoir an Chiste bunaithe ar riachtanais an mhargaidh agus ar bhealach oscailte atá i gcomhréir leis an margadh. Le struchtúr an Chiste, beifear in ann cistí príobháideacha a ghíaráil. Áiritheofar leis na gníomhartha dlí foluiteacha go n-úsáidfead aon athshreabhadh (i.e. ús ar an iasacht, toradh ar chothromas, nó príomhshuim a aisíocadh, lúide costais ghaolmhara) atá nasctha leis na hionstraimí sin le haghaidh na spriocanna beartais céanna, lena n-áirítear tar éis 2026, nó chun iasachtaí RRF a aisíoc.
E14G	E1.1.2 Busanna agus tramanna astaíochtaí nialasacha agus ísle	Cuspóir sonrach	Busanna agus tramanna astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle		Uimhir	0	388	C3	2026	360 bus astaíochtaí nialasacha nó astaíochtaí ísle ar a laghad arna seachadadh mar a dhoiciméadaítear le prótacal/prótacail inghlacthachta deiridh. 28 dtramanna ar a laghad arna seachadadh nó arna ndearbhú a bheith réidh lena nglacadh nó arna ndearbhú leis an bprótacal maidir le glacadh deiridh.
E15G	E2.1 Iomaíochas earnáil na n-	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm gnímh lena leasaítear an tAcht um Iompar d'Iarnród lena n-	Foráil sa ghníomh lena leasaítear an tAcht um				R4	2022	Le gníomh reachtach lena leasaítear an tAcht um Iompar d'Iarnród, cuirfear ar a gcumas do bhainisteoirí bonneagair táillí ar an rochtain ar bhonneagar a laghdú agus bainisteoirí

Srait h UIM H.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spr ioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	iarnród a fheabhsú		áirithítear athléimneacht oibreoirí iarnróid. Cinneadh na nAíre maidir le tosaíochtaí a leagan síos don iompar idirmhódúil agus maidir le deireadh a chur le scrogaill chun acmhainneacht na n-iarnród a chothú	Iompar d'Iarnród lena léirítear a theacht i bhfeidhm, agus glacadh chinneadh an Aire Bonneagair maidir le scrogaill.						bonneagair a chúiteamh as na lagduithe ar mhúirir. Cothófar forbairt an iompair idirmhódúil trí na bearta seo a leanas: pleanáil, comhordú clár, nuálaíocht, infheistíochtaí, as a dtiocfaidh acmhainneacht idirmhódúil mhéadaithe, mar aon le haonad idirmhódúil a bhunú san Aireacht Bonneagair. Déanfar anailís ar stádas an ghréasáin agus béim á leagan ar scrogaill agus déanfaidh an tAire Bonneagair Cinneadh maidir le tosaíochtaí chun scrogaill a bhaint, as a dtiocfaidh méadú ar thoilleadh na n-iarnród.
E16G	E2.1 Iomaíochas earnáil na n-iarnród a fheabhsú	Cuspóir sonrach	Córas dolaí a bhunú ar bhóithre nua		km	0	1 400	R4	2024	Fad na mbóithre nua atá faoi réir córas dolaí, lena gcuimhdaítear mórbhealaí agus luasbhealaí araon.
E17G	E2.1.1 Línte iarnróid	Garsprioc	Síniú na gconarthaí	Conarthaí sínithe				R4	2024	Conarthaí ama síniú le haghaidh oibreacha ar 500 km ar a laghad de línte iarnróid.
E18G	E2.1.1 Línte iarnróid	Cuspóir sonrach	Oibreacha ar 500 km de línte iarnróid		Uimhir	0	500	C3	2026	Prótacail maidir le glacadh teicniúil (i gcás ceann amháin ar a laghad de na brainsí: bonneagar nó comharthaíocht nó fuinneamh) le haghaidh oibreacha ar 500 km ar a laghad de línte iarnróid.
E18a G	E2.1.1 Línte iarnróid	Cuspóir sonrach	Oibríonn sé ar 180 scrogall		Uimhir	0	180	C3	2026	Prótacail inghlacthachta theicniúla le haghaidh oibreacha ar 180 scrogall ar a laghad.
E19G	E2.1.2 Rothstoc paisinéirí iarnróid	Garsprioc	Síniú conarthaí le haghaidh rothstoc paisinéirí	Conarthaí sínithe				R4	2024	Síneofar conarthaí chun 77 n-aonad rothstoc réigiúnacha/ilaonad leictrithe astaíochtaí nialasacha/leictreacha ar a laghad agus 77 n-aonad rothstoc réigiúnacha feistithe den Chóras Eorpach um Bainistiú Trácha Iarnróid (ERTMS) a sheachadadh. Síneofar conradh/conarthaí chun 56 inneall féinghluaiste astaíochtaí nialasacha ar a laghad agus 248 vaigin a sheachadadh idir rialtas na

Srait h UIM H.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spr ioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										Polainne agus Cuideachta Iarnróid Náisiúnta na Polainne PKP IC.
E20G	E2.1.2 Rothstoc paisinéirí iarnróid	Cuspóir sonrach	Rothstoc astaíochtaí nialasacha/leictreacha agus rothstoc atá feistithe le ERTMS		Uimhir	0	381	C3	2026	Glacadh teicniúil nó prótacal seachadta arna eisiúint le haghaidh rothstoic ina bhfuil 56 inneall féinghluaiste ar a laghad agus 248 vaigín ar a laghad. Glacadh teicniúil nó prótacal seachadta arna eisiúint le haghaidh rothstoic ina bhfuil ar a laghad 77 n-aonad rothstoic réigiúnacha/ilaonaid leictreacha.
E22G	E2.1.3 Tionscadail idirmhódúla	Cuspóir sonrach	Infheistíochtaí i geríochfoirt idirmhódúla agus i rothstoc		Uimhir		200	C2	2026	Prótacail maidir le glacadh teicniúil arna n-eisiúint le haghaidh infheistíochtaí i 5 chríochfort idirmhódúla ar a laghad (amhail oibreacha foirgníochta, nó obair chóimeála, nó ceannach trealamh nó suiteálacha) agus prótacail maidir le glacadh teicniúil le haghaidh 200 aonad rothstoic ar a laghad. Ní bheidh ach cineálacha infheistíochta a áirítear faoi chinneadh SA.109124 (2023/N) ón gCoimisiún Eorpach incháilithe don sprioc sin.
E23G	E2.2 Sábháilteacht iompair a fheabhsú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm gníomhartha dlíthiúla lena dtugtar isteach: tosaíocht do choisithe ag crosairí, luas aonfhoirmeach i limistéir fhoirgnithe fad íosta idir feithiclí, spriocanna sábháilteachta ar bhóithre faoi 2030 (-50 % básanna i dtionóiscí)	Forálacha sna gníomhartha dlíthiúla lena léirítear an teacht i bhfeidhm				R4	2021	Tabharfar isteach na hathruithe reachtacha seo a leanas lena gcuirtear sábháilteacht ar bhóithre chun cinn: tosaíocht coisithe ar thrasnuithe, teorainn luais aonchineálach a thabhairt isteach i limistéir uirbeacha (50 km/h) agus achar íosta idir feithiclí ar mhótarbhealaí agus luasbhealaí (leath an luais i méadair). Bunófar an sprioc fhoriomlán maidir le sábháilteacht ar bhóithre sa Chlár Náisiúnta um Sábháilteacht ar Bhóithre arb é is aidhm dó laghdú 50 % a dhéanamh ar líon na mbásanna i dtionóiscí bóthair faoi 2030 i gcomparáid le 2019 i gcomhréir le gealltanas an Aontais.
E24G	E2.2.1 Infheistíochtaí	Cuspóir sonrach	Seachbhealaí a thógáil agus teophointí		Uimhir	0	10 km de sheachbhealaí, 125 teophointe	R4	2023	125 teophointe sábháilteachta ar bhóithre a fheabhsú agus 10 km de sheachbhealaí a thógáil.

Srait h UIM H.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spr ioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	sábháilteachta iompair		sábháilteachta ar bhóithre a fheabhsú							
E25G	E2.2.1 Infheistíochtaí sábháilteachta iompair	Cuspóir sonrath	Seachbhealaí a thógáil, teophointí sábháilteachta ar bhóithre a fheabhsú, feistí faireachais bóthair uathoibríocha a shuiteáil		Uimhir	10 km de sheachbhealaí, 125 teophointe	90 km de sheachbhealaí, 305 teophointe, 128 ngaireas	C3	2026	Ceadanna a úsáid chun 90 km de sheachbhealaí a thógáil. Prótacail inghlacthachta teicniúla arna n-eisiúint chun 305 teophointe a fheabhsú. Prótacail inghlacthachta teicniúla arna n-eisiúint le haghaidh 128 bhfeiste faireachais bóthair uathoibríocha.
E28G	E2.2.2 An t-iompar a dhigitiú	Cuspóir sonrath	Aonaid ERTMS ar bord a shuiteáil nó a nuashonrú, SDIP a shuiteáil, rialú uathoibríoch ar phointí rialaithe iarnróid a thabhairt isteach agus oibreacha ar chórais crosairí comhréidhe		Uimhir	0	199	C3	2026	Prótacail maidir le glacadh teicniúil arna n-eisiúint le haghaidh: (i) 7 n-aonad ar bord de chuid an Chórais Eorpaigh um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS) a shuiteáil nó a nuashonrú, (ii) 52 Chórais Dinimiciúla Faisnéise faoi Phaisinéirí (SDIP) a shuiteáil, (iii) oibreacha ar chórais crosairí comhréidhe in 112 suíomh ar a laghad, (iv) rialú uathoibríoch ar phointí rialaithe iarnróid a thabhairt isteach in 28 suíomh.

E.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na hiasachta

E1.2 An sciar d’iompar astaíochtaí nialasacha agus ísle a mhéadú, tionchar diúltach an iompair ar an gcomhshaol a chosc agus a laghdú

Is é is cuspóir don athchóiriú tionchar an iompair ar an gcomhshaol agus ar an tsláinte a laghdú.

Is éard atá i gceist leis an mbeart sin gníomh dlí a ghlacadh lena mbunaítear oibleagáid criosanna iompair astaíochtaí ísle a thabhairt isteach i gcathracha ina bhfuil níos mó ná 100000 áitritheoir, áit a bhfuil barraíocht substaintí díobhálacha (NO₂) i gcomparáid le tairseacha an Aontais maidir le truailliú aeir agus bunú criosanna iompair astaíochtaí ísle.

E1.2.1 Iompar poiblí astaíochtaí nialasacha i gcathracha (tramanna)

Is é is cuspóir don infheistíocht seo an tairiscint iompair phoiblí ghlain i gcathracha a mhéadú. Is éard atá i gceist leis an mbeart sin rothstoc (tramanna) iarnróid astaíochtaí nialasacha a cheannach le haghaidh iompar poiblí i gcathracha.

E2.3 Inrochtaineacht iompair, slándáil agus réitigh dhigiteacha a fheabhsú

Is é is aidhm don athchóiriú inrochtaineacht an iompair a mhéadú.

Is éard a bheidh ann cur chun feidhme brostaithe Rialachán 1371/2007 maidir le cearta paisinéirí iarnróid agus maidir le hoiriúnuithe rothstoic do phaisinéirí a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe. Tiocfaidh an t-athchóiriú i bhfeidhm faoin 31 Nollaig 2022.

Áireofar san athchóiriú freisin forálacha ábhartha chun rothstoc náisiúnta agus idirnáisiúnta a uasghrádú le ceanglais do phaisinéirí faoi mhíchumas. Tiocfaidh an t-athchóiriú i bhfeidhm faoin 30 Meitheamh 2024.

E3.1.1 Saoráid chun tacú le gilleagar ísealcharbóin

Is é is cuspóir don infheistíocht seo rannchuidiú le forbairt an gheilleagair ísealcharbóin agus saor ó charbón trí thacú le tionscadail tionscail le haghaidh na hearnála soghluaisteachta glaine agus na hearnála fuinnimh. Is éard atá sa bheart sin infheistíocht phoiblí i Saoráid a oibreoidh trí infheistíochtaí cothromais a sholáthar go díreach don earnáil phríobháideach agus don earnáil phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla.

E.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an iasacht

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
E1L	E1.2 An sciar d'iompar astaíochtaí nialasacha agus ísle a mhéadú, tionchar diúltach an iompair ar an gcomhshaol a chosc agus a laghdú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm gnímh dlí lena dtugtar isteach oibleagáid maidir le criosanna astaíochtaí ísle do chathracha roghnaithe is truaillithe	Foráil sa ghníomh dlí lena léirítear a theacht i bhfeidhm				C2	2024	<p>Leagfar síos leis an ngníomh dlí oibleagáid, ó R1 2025 ar aghaidh, criosanna iompair astaíochtaí ísle a chruthú i gcathracha ina bhfuil níos mó ná 100000 áitritheoir, i gcás ina bhfuil farasbarr substaintí díobhálacha (NO2) i gcomparáid le tairseacha an Aontais maidir le truailliú aer.</p> <p>Sonrófar sa ghníomh dlíthiúil go bhfuil feidhm ag an oibleagáid sin maidir le gach cathair ina bhfuil níos mó ná 100000 áitritheoir a sháraíonn na teorainneacha maidir le cáilíocht an aeir mar a shaináithnítear sa tuarascáil maidir le cáilíocht an aeir atá le hullmhú faoin 30 Aibreán gach bliain ag an gCigireacht Ghinearálta um Chaomhnú an Chomhshaoil agus go mbunófar criosanna iompair astaíochtaí ísle sna cathracha sin amhail ón 1 Eanáir den bhliain ina dhiaidh sin.</p> <p>Leanfar freisin, leis an ngníomh dlí, d'fhoráil a dhéanamh don fhéidearthacht criosanna iompair astaíochtaí ísle a thabhairt isteach i ngach limistéar uirbeach, gan beann ar líon na n-áitritheoirí.</p>

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
E2L	E1.2 An sciar d'iompar astaíochtaí nialasacha agus ísle a mhéadú, tionchar diúltach an iompair ar an gcomhshaol a chosc agus a laghdú	Garsprioc	Limistéir iompair astaíochtaí ísle	Limistéir iompair astaíochtaí ísle a bhunú				R4	2025	Bunófar criosanna iompair astaíochtaí ísle i gcathracha ina bhfuil níos mó ná 100000 áitritheoir agus ina sáraítear tairseacha maidir le cáilíocht an aeir, mar a shainithnítear sa tuarascáil is déanaí maidir le cáilíocht an aeir ón gCigireacht Ghinearálta um Chaomhnú an Chomhshaoil atá ar fáil ó 2025 ar aghaidh.
E4L	E1.2.1 Iompar poiblí astaíochtaí nialasacha i gcathracha (tramanna)	Cuspóir sonrath	Tramanna le haghaidh iompar uirbeach poiblí		Uimhir	0	88	C3	2026	Líon na dtramanna le haghaidh iompar poiblí i gcathracha ar dearbhaíodh go raibh siad réidh le glacadh nó a deimhníodh leis an bprótacal glactha deiridh.
E5L	E2.3 Inrochtaineacht iompair, slándáil agus réitigh dhigiteacha a fheabhsú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm gnímh dlí lena dtugtar isteach feabhsuithe ar chearta paisinéirí i réimse na gceanglas rothstoic	Foráil sna gníomhartha dlí lena léirítear an teacht i bhfeidhm				R4	2022	Tabharfar isteach caighdeáin theicniúla agus fheidhmiúla le haghaidh infheistíochtaí iarnróid le gníomh dlí chun réitigh leordhóthanacha bonneagair a áirithiú lena gcomhlíonfar riachtanais paisinéirí a bhfuil a soghluaisteach laghdaithe. Chun na críche sin, aisghairfear leis an ngníomh dlí na forálacha ábhartha náisiúnta de mhaolú ar Rialachán (CE) 1371/2007 maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid.

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
E6L	E2.3 Inrochtaineacht iompair, slándáil agus réitigh dhigiteacha a fheabhsú	Garspríoc	Oibleagáid rothstoc náisiúnta agus idirnáisiúnta a uasghrádú le ceanglais do phaisinéirí faoi mhíchumas	Foráil sa ghníomh dlí lena léirítear an teacht i bhfeidhm				C2	2024	Teacht i bhfeidhm na bhforálacha ábhartha chun rothstoc iarnróid a oiriúnú do cheanglais maidir le cearta paisinéirí, lena n-oiriúnaítear do Rialachán 2021/782 Airteagal 9 roinn 3 (i gcás ina bhfuil údar cuí leis an nuachóiriú agus ina bhfuil sé réasúnach maidir le saolré saothraithe ionchasach an rothstoic) chun rothstoc náisiúnta agus idirnáisiúnta a uasghrádú do phaisinéirí faoi mhíchumas agus chun cearta paisinéirí a fheabhsú.
E7L	E3.1.1 Saoráid chun tacú le geilleagar ísealcharbóin	Garspríoc	Comhaontú cur chun feidhme	Síniú an chomhaontaithe cur chun feidhme				C1	2025	Síniú an chomhaontaithe cur chun feidhme leis an gCiste Náisiúnta um Chosaint an Chomhshaoil agus um Bainistiú Uisce. Aireofar sa chomhaontú cur chun feidhme beartas infheistíochta na Saoráide, ina sonrú an méid seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> is é an Ciste Náisiúnta um Chaomhnú an Chomhshaoil agus um Bainistiú Uisce (NFOŚiGW) a bhainisteoidh an tSaoráid; oibreoidh an tSaoráid trí infheistíochtaí cothromais a sholáthar go díreach don earnáil phríobháideach agus don earnáil phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla; is é cuspóir na Saoráide rannchuidiú le hacmhainneacht táirgeachta feithiclí nua astaíochtaí nialasacha agus bonneagar nua astaíochtaí nialasacha a mhéadú chun leictrea-shoghluaisteacht a fhorbairt, chomh maith le suiteálacha tionsclaíocha agus réitigh atá dírithe ar

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										<p>fhuinneamh astaíochtaí nialasacha a tháirgeadh agus a stóráil;</p> <ul style="list-style-type: none"> féadfar próisis taighde agus nuálaíochta a áireamh go háirithe ar tháirgí agus ar theicneolaíochtaí dá dtugtar tacaíocht; aistriú teicneolaíochta agus comhar idir fiontair a dhíríonn ar an ngeilleagar ísealcharbóin agus a dhíríonn ar réitigh nuálacha astaíochtaí ísle agus nialasacha i réimse na soghluaisteachta inbhuanaithe agus foinsí fuinnimh astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle; cuideachtaí, lena n-áirítear FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe, a bheidh i dtairbhíthe na tacaíochta; i gcomhréir le prionsabal an neamh-idirdhealaithe, d'fhéadfaí glacadh freisin le heintitis phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla leis na heintitis phríobháideacha a thairbhíonn den scéim airgeadais mar thairbhíthe deiridh na scéime airgeadais; déanfaidh coiste infheistíochta nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile cinneadh infheistíochta críochnaitheach na Saoráide agus formheasfar é le tromlach na vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar an rialtas.
E9L	E3.1.1 Saoráid chun tacú le geilleagar ísealcharbóin	Garsprioc	Síniú na gcomhaontuithe cistiúcháin	Síniú na gcomhaontuithe cistiúcháin				C1	2026	Síniú na gcomhaontuithe cistiúcháin leis na tairbhíthe deiridh.

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
E10L	E3.1.1 Saoráid chun tacú le geilleagar ísealcharbóin	Garspríoc	Infheistíochtaí cothromais a chur i gcrích	Deimhnithe aistrithe				C2	2026	EUR 1087159457 a aistriú chuig tairbhíthe deiridh agus táille bhainistíochta a ghearradh ar an gCiste Náisiúnta um Chosaint an Chomhshaoil agus um Bainistiú Uisce.

F. COMHCHUID F: ‘FEABHAS A CHUR AR CHÁILÍOCHT NA N-INSTITIÚIDÍ AGUS AR NA COINNÍOLLACHA CHUN AN PLEAN TÉARNAIMH AGUS ATHLÉIMNEACHTA A CHUR CHUN FEIDHME’

Tá roinnt dúshlán seanbhunaithe roimh an bPolainn a bhaineann leis an timpeallacht infheistíochta, go háirithe maidir le córas breithiúnach na Polainne chomh maith le próisis chinnteoireachta agus reachtóireachta.

Dá bhrí sin, is é is príomhaidhm don chomhpháirt sin feabhas a chur ar an timpeallacht infheistíochta agus na dálaí a chur i bhfeidhm chun Plean Téarnaimh agus Athléimneachta na Polainne a chur chun feidhme go héifeachtach. Chuige sin, tá sé d’aidhm ag na hathchóirithe an méid seo a leanas a dhéanamh: gnéithe áirithe de neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na gcúirteanna a neartú; cás na mbreithiúna a ndéanann cinntí Dhlísheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí difear dóibh a leigheas i gcásanna araíonachta agus i gcásanna díolúine breithiúnaí d’fhonn iad a athbhunú tar éis imeachtaí athbheithnithe dearfacha ag an Dlísheomra nua, a bheidh le seoladh gan mhoill; feabhas a chur ar an gcomhairliúchán leis na comhpháirtithe sóisialta sa phróiseas reachtóireachta; an úsáid a bhaintear as measúnuithe tionchair sa phróiseas reachtóireachta a mhéadú; úsáid nósanna imeachta meara sa phróiseas reachtóireachta a laghdú; comhairliúchán cuí leis na comhpháirtithe sóisialta agus leis na páirtithe leasmhara a áirithiú i gcur chun feidhme an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta, lena n-áirítear trí Choiste Faireacháin a chruthú agus cur i bhfeidhm uirlis scórála riosca Arachne a áirithiú i gcur chun feidhme an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta.

Rannchuidíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar an Moladh Tírshonrach chun ‘an timpeallacht rialála a fheabhsú, go háirithe trí ról na gcomhairliúchán leis na comhpháirtithe sóisialta agus na gcomhairliúchán poiblí sa phróiseas reachtach a neartú’ (Moladh Tírshonrach 3 de 2019) agus chun ‘an timpeallacht infheistíochta a fheabhsú, go háirithe trí neamhspleáchas breithiúnach a chosaint’ chomh maith le ‘comhairliúcháin phoiblí éifeachtacha agus rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta sa phróiseas ceaptha beartas a áirithiú’ (Moladh Tírshonrach 4 de 2020).

F1 Córas ceartais

Is é príomhaidhm na n-athchóirithe caighdeán na cosanta breithiúnaí a ardú agus an timpeallacht infheistíochta sa Pholainn a fheabhsú, chomh maith le tacú leis an gcóras rialaithe inmheánaigh dá dtagraítear in Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, trí ráthaíochtaí neamhspleáchais agus neamhchlaontachta na gcúirteanna a neartú.

Mar thoradh ar an athchóiriú, neartófar neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na gcúirteanna agus na mbreithiúna arna mbunú le dlí i gcomhréir le hAirteagal 19 CAE agus le acquis ábhartha an Aontais. I gcomhréir le hAirteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2021/241, déanfar aon athchóiriú eile gan an toradh sin a lagú agus gan tionchar diúltach a imirt ar na heilimintí thíos.

F1.1 Athchóiriú lena neartaítear neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na gcúirteanna

Déanfaidh an t-athchóiriú an méid seo a leanas:

- a) i ngach cás a bhaineann leis na breithiúna, lena n-áirítear disciplíneacht agus tarscaoileadh díolúine breithiúnaí, raon feidhme dhlínse Dhlísheomra na Cúirte Uachtaraí a chinneadh, seachas an Dlísheomra Araíonachta atá ann cheana, a chomhlíonann na ceanglais a eascraíonn as Airteagal 19(1) CAE. Áiritheofar leis sin go scrúdódh cúirt neamhspleách neamhchlaon arna bunú le dlí na cásanna thuasluaite, agus go gcuirfear teorainn leis an gcumhacht lánroghnach chun an binse araíonachta a bhfuil dlínse aige ag an gcéad chéim a ainmniú i gcásanna a bhaineann le breithiúna gnáthchúirteanna,
- b) raon feidhme dhliteanas araíonachta na mbreithiúna a shoiléiriú, trína áirithiú nach mbeidh srian ar cheart chúirteanna na Polainne iarrataí ar réamhrialuithe a chur faoi bhráid CBAE. Ní bheidh iarraidh den sórt sin ina foras chun imeachtaí araíonachta a thionscnamh i gcoinne breithimh,

- c) cé go bhféadfaí na breithiúna a chur faoi dhliteanas fós i leith mí-iompar gairmiúil, lena n-áirítear sáruithe follasacha agus tromchúiseacha ar an dlí, a chinneadh nach n-aicmítear ábhar cinntí breithiúnacha mar chion araíonachta,
- d) a áirithiú go bhféadfaidh cúirt inniúil, i gcomhréir le hAirteagal 19 CAE, an fíorú a thionscnamh, laistigh de na himeachtaí cúirte, an gcomhlíonann breitheamh na ceanglais maidir le bheith neamhspleách, neamhchlaonta agus ‘bunaithe le dlí’, i gcás ina n-eascraíonn amhras tromchúiseach maidir leis an bpointe sin agus nach n-aicmítear fíorú den sórt sin mar chion araíonachta,
- e) ráthaíochtaí nós imeachta agus cumhachtaí páirtithe in imeachtaí araíonachta a bhaineann le breithiúna a neartú, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

a áirithiú go ndéanfar na cásanna araíonachta i gcoinne breithiúna de na gnáthchúirteanna a scrúdú laistigh de thréimhse réasúnach ama,

(II) rialacháin níos beaichte a dhéanamh maidir le dlínse chríche na gcúirteanna a scrúdaíonn na cásanna araíonachta chun a áirithiú gur féidir an chúirt ábhartha a chinneadh go díreach i gcomhréir leis an ngníomh reachtach; agus

(III) a áirithiú go gceapfar abhcóide cosanta in imeachtaí araíonachta a bhaineann le breitheamh laistigh de thréimhse ama réasúnta, chomh maith le ham a sholáthar chun ullmhú substainteach a dhéanamh ar an abhcóide cosanta chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh sna himeachtaí ar leith. Ag an am céanna, cuirfidh an chúirt cúrsa na n-imeachtaí ar fionraí i gcás asláithreacht chuí-réasúnaithe an bhreithimh chúisithe nó a abhcóide cosanta.

Tiocfaidh an t-athchóiriú i bhfeidhm faoi dheireadh an dara ráithe de 2022.

F1.2 Athchóiriú chun staid na mbreithiúna a ndéanann cinntí Dhlísheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí difear dóibh i gcásanna araíonachta agus i gcásanna díolúine breithiúnaí a leigheas

Áiritheofar leis an athchóiriú go mbeidh rochtain ag breithiúna a ndéanann cinntí Dhlísheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí difear dóibh chun athbhreithniú a dhéanamh ar imeachtaí a gcásanna. Déanfaidh cúirt a chomhlíonann ceanglais mhír 1 d’Airteagal 19 CAE athbhreithniú ar chásanna den sórt sin arna gcinneadh cheana féin ag an Dlísheomra Araíonachta, i gcomhréir leis na rialacha atá le glacadh ar bhonn an athchóirithe thuas. Leagfar amach sa ghníomh reachtach go dtionólfar an chéad éisteacht den chúirt chun na cásanna sin a bhreithniú laistigh de thrí mhí ón tairiscint ón mbreitheamh a iarrann athbhreithniú a fháil, agus go mbreithneofar na cásanna laistigh de dhá mhí dhéag ón tairiscint sin a fháil. Déanfar na cásanna atá fós ar feitheamh os comhair an Dlísheomra Araíonachta a tharchur chuig an gcúirt lena mbreithniú tuilleadh agus i gcomhréir leis na rialacha a chinnfear laistigh de na himeachtaí thuasluaite.

Tiocfaidh an t-athchóiriú i bhfeidhm faoi dheireadh an dara ráithe de 2022.

Comhlíonfar an dá athchóiriú a liostaítear thuas arb é R2 2022 a ndáta críochnaithe sula gcuirfear an chéad iarraidh ar íocaíocht faoi bhráid an Choimisiúin agus beidh siad ina réamhchoinníoll le haghaidh aon íocaíocht faoi Airteagal 24 de Rialachán RRF.

F2.1 An próiseas reachtóireachta a fheabhsú

Is é cuspóir an athchóirithe leasú a ghlacadh ar Rialacha Nós Imeachta an Sejm, an tSeanaid agus Chomhairle na nAirí.

F3.1 Feabhas a chur ar na dálaí chun an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme

Chun comhairliúchán cuí leis na comhpháirtithe sóisialta agus leis na geallsealbhóirí a áirithiú i gcur chun feidhme an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta, áireofar san athchóiriú teacht i bhfeidhm gnímh reachtaigh chun Coiste Faireacháin a chruthú ina mbeidh geallsealbhóirí agus comhpháirtithe sóisialta a bhfuil baint acu le cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta. Cuirfear de chúram ar an gCoiste Faireacháin maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta. Áireofar sa ghníomh reachtach foráil chun ceanglas dlíthiúil a dhéanamh de dul i gcomhairle leis an gCoiste Faireacháin le linn chur chun feidhme an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta. Áireofar san athchóiriú freisin glacadh na teorach lena mbunaítear na rialacha maidir le rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí agus na gcomhpháirtithe sóisialta i gclársceidealú, i gcur chun feidhme, i bhfaireachán agus i meastóireacht an RRP.

Áireofar san athchóiriú freisin córas stórais a chur ar bun i gcomhréir le hAirteagal 22(2)(d) de Rialachán (AE) 2021/241 chun gur féidir sonraí maidir leis na garspriocanna agus na spriocanna a bhailiú, a stóráil agus faireachán a dhéanamh orthu, lena n-áirítear ar leibhéal na bhfaighteoírí deiridh. Cuirfear na sonraí a thagann ón gcóras stórais sin san áireamh i gcóras Arachne, a úsáidfear le linn iniúchtaí agus rialuithe chun coinbhleacht leasa, calaois, éilliú agus cistiú dúbailte a chosc, a bhrath agus a cheartú. Comhlíonfar an gharsprioc sin sula gcuirfear an chéad iarraidh ar íocaíocht faoi bhráid an Choimisiúin agus beidh sí ina réamhchoinníoll le haghaidh aon íocaíocht faoi Airteagal 24 de Rialachán RRF.

Ar deireadh, áireofar san athchóiriú freisin anailís ar an ualach oibre a ullmhú chun measúnú a dhéanamh ar an acmhainneacht riaracháin chun an Plean Téarnaimh agus Athléimneachta a chomhordú agus a chur chun feidhme.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2024.

F.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Sraith UIMH	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
FIG	F1.1 Athchóiriú lena neartaítear neamhspleách as agus neamhchlaontacht na gcúirteanna	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm athchóirithe lena neartaítear neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na gcúirteanna	Foráil sa ghníomh dlí lena léirítear an teacht i bhfeidhm				R2	2022	<p>Teacht i bhfeidhm athchóirithe, lena ndéanfar an méid seo a leanas:</p> <p>a) i ngach cás a bhaineann leis na breithiúna, lena n-áirítear disciplíneacht agus tarscaoileadh díolúine breithiúnaí, raon feidhme dhlínse Dhlísheomra na Cúirte Uachtaraí a chinneadh, seachas an Dlísheomra Araíonachta atá ann cheana, a chomhlíonann na ceanglais a eascraíonn as Airteagal 19(1) CAE. Áiritheofar leis sin go scrúdóidh cúirt neamhspleách neamhchlaon arna bunú le dlí na cásanna thuasluaite, agus go gcuirfear teorainn leis an gcumhacht lánroghnach chun an binse araíonachta a bhfuil dlínse aige ag an gcéad chéim a ainmniú i gcásanna a bhaineann le breithiúna gnáthchúirteanna,</p> <p>b) raon feidhme dhliteanas araíonachta na mbreithiúna a shoiléiriú, trína áirithiú nach mbeidh srian ar cheart chúirteanna na Polainne iarrataí ar réamhrialuithe a chur faoi bhráid CBAE. Ní bheidh iarraidh den sórt sin ina foras chun imeachtaí araíonachta a thionscnamh i gcoinne breithimh,</p> <p>c) cé go bhféadfaí na breithiúna a chur faoi dhliteanas fós i leith mí-iompar gairmiúil, lena n-áirítear sárúithe follasacha agus tromchúiseacha ar an dlí, a chinneadh nach n-aicmítear ábhar cinntí breithiúnacha mar chion araíonachta,</p> <p>d) a áirithiú go bhféadfaidh cúirt inniúil, i gcomhréir le hAirteagal 19 CAE, an fíorú a thionscnamh, laistigh de na himeachtaí cúirte, an gcomhlíonann breitheamh na ceanglais maidir le bheith neamhspleách, neamhchlaonta agus ‘bunaithe le dlí’, i gcás ina n-eascraíonn amhras</p>

Sraith UIMH	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cusp óir	Ráithe	An Bhliain	
										<p>tromchúiseach maidir leis an bpointe sin agus nach n-aicmítear fíorú den sórt sin mar chion araíonachta,</p> <p>e) ráthaíochtaí nós imeachta agus cumhachtaí páirtithe in imeachtaí araíonachta a bhaineann le breithiúna a neartú, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:</p> <p>(i) a áirithiú go scrúdaítear na cásanna araíonachta i gcoinne bhreithiúna na ngnáthchúirteanna laistigh de thréimhse réasúnach ama,</p> <p>(ii) Rialacháin níos beaichte a dhéanamh maidir le dlínse chríche na gcúirteanna a scrúdaíonn na cásanna araíonachta chun a áirithiú gur féidir an chúirt ábhartha a chinneadh go díreach i gcomhréir leis an ngníomh reachtach; agus</p> <p>(iii) a áirithiú go gceapfar abhcóide cosanta in imeachtaí araíonachta a bhaineann le breitheamh laistigh de thréimhse ama réasúnta, chomh maith le ham a sholáthar chun ullmhúchán substainteach a dhéanamh don abhcóide cosanta chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh sna himeachtaí ar leith. Ag an am céanna, cuirfidh an chúirt cúrsa na n-imeachtaí ar fionraí i gcás asláithreachtaí chuí-réasúnaithe an bhreithimh chúisithe nó a abhcóide cosanta.</p>
F2G	F1.2 Athchóiriú chun staid na mbreithiúna a ndéanann cinntí Dhlísheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí difear dóibh i gcásanna	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm athchóirithe chun staid na mbreithiúna a ndéanann cinntí Dhlísheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí difear dóibh i gcásanna araíonachta agus	Foráil sa ghníomh dlí lena léirítear an teacht i bhfeidhm				R2	2022	Teacht i bhfeidhm athchóirithe lena n-áiríteofar go mbeidh rochtain ag breithiúna a ndéanann cinntí Sheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí difear dóibh chun athbhreithniú a dhéanamh ar imeachtaí a gcásanna. Déanfaidh chúirt a chomhlíonann ceanglais mhír 1 d' Airteagal 19 CAE athbhreithniú ar chásanna den sórt sin arna gcinneadh cheana féin ag an Dlísheomra Araíonachta, i gcomhréir leis na rialacha atá le glacadh ar bhonn garspríoc F1G thuas. Leagfar amach sa ghníomh reachtach go dtionólfar an chéad éisteacht den chúirt chun na cásanna sin a bhreithniú laistigh de thrí mhí ón tairiscint ón mbreitheamh a iarrann athbhreithniú a fháil, agus go mbeithneofar na

Sraith UIMH	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiúocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cusp óir	Ráithe	An Bhliain	
	araíonachta agus i gcásanna díolúine breithiúnaí a leigheas		i gcásanna díolúine breithiúnaí a leigheas							cásanna laistigh de dhá mhí dhéag ón tairiscint sin a fháil. Déanfar na cásanna atá fós ar feitheamh os comhair an Dhlísheomra Araíonachta a tharchur chuig an gcúirt lena mbreithniú tuilleadh agus i gcomhréir leis na rialacha a chinnfear laistigh de na himeachtaí thuasluaite.
F3G	F1.2 Athchóiriú chun staid na mbreithiúna a ndéanann cinntí Dhlísheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí difear dóibh i gcásanna araíonachta agus i gcásanna díolúine breithiúnaí a leigheas	Garspríoc	Athchóiriú chun staid na mbreithiúna a ndéanann cinntí Dhlísheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí difear dóibh i gcásanna araíonachta agus i gcásanna díolúine breithiúnaí a leigheas	Cásanna a breithníodh				R4	2023	Déanfar breithniú ar gach cás athbhreithnithe a sheoltar i gcomhréir le Garspríoc F2G, ach amháin in imthosca eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo.
F4G	F2.1 An próiseas reachtóireacht a a fheabhsú	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta an Sejm, an tSeanaid agus Chomhairle na nAirí	Forálacha sna gníomhartha dlíthiúla lena léirítear an teacht i bhfeidhm				C3	2022	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta an Sejm lena ndéanfar úsáid nósanna imeachta meara a theorannú do chásanna a bhfuil údar cuí leo agus lena dtabharfar isteach le haghaidh dréacht dlíthe arna moladh ag ionadaithe an ceanglas go mbeidh measúnú tionchair agus comhairliúchán poiblí ann, ach amháin i gcásanna a bhfuil údar cuí leo. Teacht i bhfeidhm leasuithe ar Rialacha Nós imeachta Chomhairle na nAirí a dhéanfaidh úsáid nósanna imeachta meara a theorannú do chásanna a bhfuil bonn cirt leo.

Sraith UIMH	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cusp óir	Ráithe	An Bhliain	
										Teacht i bhfeidhm leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta an tSeanaid lena dtabharfar isteach le haghaidh dréacht dlíthe arna moladh ag an Seanad an ceanglas go mbeidh measúnú tionchair ann, ach amháin i gcásanna a bhfuil údar cuí leo.
F5G	F3.1 Feabhas a chur ar na dálaí chun an phlean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm gnímh dlí lena gcruthaítear coiste faireacháin agus lena gcuirtear de chúram air maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta	Foráil sa ghníomh dlí lena léirítear an teacht i bhfeidhm				C1	2022	Tar éis comhairliúcháin poiblí, teacht i bhfeidhm gnímh dlí lena ndéanfar an méid seo a leanas: 1) Coiste Faireacháin a chruthú, a mbeidh sé de chúram air faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta, ina mbeidh geallsealbhoirí agus comhpháirtithe sóisialta a ndéanann cur chun feidhme an phlean difear dóibh, lena n-áirítear ionadaithe ó chomhlachtaí a dhéanann ionadaíocht ar an tsochaí shibhialta agus cearta bunúsacha agus neamh-idirdhealú a chur chun cinn; 2) Ceanglas dlíthiúil a chur air dul i gcomhairle leis an gCoiste Faireacháin le linn chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta.
F6G	F3.1 Feabhas a chur ar na dálaí chun an phlean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme	Garspríoc	Glacadh na Treorach ag an Aire atá i gceannas ar an bhforbairt réigiúnach lena mbunaítear na rialacha maidir le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe sóisialta i gcur chun feidhme an phlean	Foilsíú na Treoraíochta ar shuíomh gréasáin na hAireachta Cistí Forbraíochta agus Beartais Réigiúnaigh				C2	2022	Tar éis comhairliúcháin poiblí, glacadh na Treorach chun rannpháirtíocht éifeachtach na bpáirtithe leasmhara agus na gcomhpháirtithe sóisialta a áirithiú i gclársceidealú, i gcur chun feidhme, i bhfaireachán agus i meastóireacht an phlean téarnaimh agus athléimneachta. Comhchuihbheofar leis an Treoraíocht na bearta atá le glacadh ag na hinstiúidí atá freagrach as athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta. Áireofar sa Treoraíocht sásraí chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar rannpháirtíocht geallsealbhoirí agus comhpháirtithe sóisialta.

Sraith UIMH	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cusp óir	Ráithe	An Bhliain	
			téarnaimh agus athléimneachta							
F7G	F3.1 Feabhas a chur ar na dálaí chun an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme	Garspríoc	Iníúchadh agus rialú éifeachtach a áirithiú faoi chuimsiú chur chun feidhme RRF lena gcosnaítear leasanna airgeadais an Aontais	Tuarascáil iniúchóireachta lena ndeimhnítear feidhmiúlachtaí chóras an stóir lárnaigh				C2	2022	Beidh stórchóras chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme RRF i bhfeidhm agus oibríochtúil. Áireofar sa chóras, ar a laghad, na feidhmiúlachtaí seo a leanas: (a) sonraí a bhailiú agus faireachán a dhéanamh ar ghnóthú garspríocanna agus spríocanna; (b) na sonraí a cheanglaítear le hAirteagal 22(2)(d)(i) go (iii) de Rialachán RRF a bhailiú, a stóráil agus rochtain orthu a áirithiú. Tabharfar rochtain ar na sonraí sin do gach comhlacht ábhartha náisiúnta agus Eorpach chun críche iniúchta agus rialaithe. Cuirfear na sonraí a thagann ón gcóras stórais sin isteach i gcóras Arachne ar bhonn ráithiúil. Úsáidfear córas Arachne le linn iniúchtaí agus rialuithe chun coinbhleacht leasa, calaois, éilliú agus cistiú dúbailte a chosc, a bhrath agus a cheartú.
F8G	F3.1 Feabhas a chur ar na dálaí chun an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme	Garspríoc	Anailís ar an ualach oibre arna hullmhú ag an Aireacht Cistí Forbraíochta agus Beartais Réigiúnaigh.	Anailís ar an ualach oibre arna hullmhú ag an Aireacht Cistí Forbraíochta agus Beartais Réigiúnaigh				C2	2024	Déanfar anailís ar an ualach oibre le haghaidh na n-institiúidí a bhfuil baint acu le cur chun feidhme an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta. Má chinntear san anailís ar an ualach oibre go bhfuil gá le foireann bhreise, glacfar cinneadh rialtais poist bhreise a leithdháileadh ar na hinstitiúidí a dhéanann comhordú agus cur chun feidhme ar an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta.

G. COMHPHÁIRT G: ‘REPOWEREU’

Is é is aidhm do chomhpháirt REPowerEU rannchuidiú leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise sa Pholainn a laghdú agus leis an aistriú fuinnimh a chumasú a thuilleadh, trí thacú le foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur in úsáid agus trí acmhainneacht na n-eangach leictreachais a mhéadú chun na foinsí fuinnimh sin a chomhtháthú. Cumasaítear na haidhmeanna sin freisin trí chéimeanna chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear do thithe. Tá sé d’aidhm ag an gcomhpháirt freisin feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair fuinnimh.

I ndáil leis an méid sin, is é is aidhm do na bearta sa chomhpháirt aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha a eisíodh don Pholainn faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh in 2022 agus 2023. Go háirithe, cuidíonn na bearta atá beartaithe le dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glan, go háirithe trí nósanna imeachta ceadaithe a chuíchóiriú chun fuinneamh in-athnuaite a chur in úsáid níos tapúla, trí eangacha a leathnú agus a uasghrádú chun acmhainneachtaí in-athnuaite nuathógtha a cheadú, trí thacú le saoráidí stórála leictreachais, agus trí infheistíochtaí sna gréasáin tarchurtha agus dáileacháin sna ceantair thuaithe a dhreasú chun acmhainneacht a mhéadú chun foinsí nua fuinnimh in-athnuaite a nascadh leis an eangach, agus trí thacú le feirmeacha gaoithe amach ón gcósta a fhorbairt. Cuidíonn sé freisin le deireadh a chur le bacainní ar fhorbairt na bpobal fuinnimh in-athnuaite áitiúil agus le tacú lena n-imscaradh. Rannchuidíonn sé sin le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar mholtaí chun dlús a chur le deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise agus le húsáid fuinnimh in-athnuaite, athchóiriú ar an gceart dlíthiúil chun nascadh leis an eangach a cheadú agus le haghaidh foinsí fuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear pobail fuinnimh, bithmheatán agus hidrigin in-athnuaite (CSR 6.1-6.2 in 2022, CSR 4.1-4.2 in 2023). Chun moltaí a chur chun feidhme chun modhanna iompair phoiblí inbhuanaithe a chur chun cinn (CSR 4.4 in 2023) agus glacadh feithiclí leictreacha (CSR 6.4 in 2022), áirítear sa chomhpháirt bearta chun an earnáil iompair a dhícharbónú, go háirithe trí fheithiclí astaíochtaí nialasacha a chur in ionad feithiclí iompair phoiblí uirbeacha truaillitheacha agus trí phlean gníomhaíochta a ghlacadh le haghaidh iompar glas i gcomhréir le cuspóirí aeráide an Aontais. Thairis sin, áirítear sa chomhpháirt bearta chun tacú le seirbhísí athchóirithe tí comhtháite agus chun deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise i dtéamh baile, i gcomhréir leis na moltaí chun coigilteas fuinnimh a chur chun cinn, infheistíocht in éifeachtúlacht fuinnimh le haghaidh foirgneamh a mhéadú agus an soláthar teasa i dtéamh ceantair a dhícharbónú chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh (CSR 6.3. 2022 agus CSR 4.3. 2023). Is é is aidhm don chomhpháirt freisin na creataí cáilíochta earnála le haghaidh an aistrithe ghlais a thabhairt cothrom le dáta, mar a mholtar sna moltaí chun dlús a chur le hiarrachtaí beartais atá dírithe ar sholáthar agus ar shealbhú na scileanna agus na n-inniúlachtaí is gá don aistriú glas (CSR 4.5 2023). Ar deireadh, is é is aidhm d’infheistíocht spriocdhírithé a bhaineann le bonneagar gáis aghaidh a thabhairt ar riachtanais láithreacha shlándáil an tsoláthair don Pholainn ar bhealach comhréireach spriocdhírithé. Is é is aidhm don Chiste Tacaíochta Fuinnimh infheistíocht phríobháideach a shlógadh agus rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú sna hearnálacha ríthábhachtacha le haghaidh an aistrithe fuinnimh. Cuidíonn sé sin le haghaidh a thabhairt ar na moltaí chun infheistíocht phoiblí a leathnú le haghaidh an aistrithe dhigitigh agus na slándála fuinnimh, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, REPowerEU agus cistí eile de chuid an Aontais. (Moladh tírshonrach 1.2 in 2022 agus moladh tírshonrach 1.3 in 2023).

Tá gné thrasteorann nó ilnáisiúnta ag baint le formhór na mbearta sa chomhpháirt. Go deimhin, le roinnt beart áirithítear soláthar fuinnimh san Aontas ina iomláine, go háirithe na hathchóirithe arb é is aidhm dóibh úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh a éascú, lena n-áirítear ag pobail fuinnimh, agus nascadh na bhfoinsí fuinnimh sin leis an eangach leictreachais. Ina theannta sin, áirítear sa chomhpháirt infheistíochtaí arb é is aidhm dóibh dul chun tairbhe do thionscadaíl fuinnimh in-athnuaite agus feabhas a chur ar chomhtháthú an fhuinnimh in-athnuaite san eangach. Rannchuidíonn athchóirithe agus infheistíochtaí eile le luas athchóirithe foirgneamh a mhéadú agus le héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus an t-éileamh ar fhuinneamh a laghdú. Cuireann na bearta sin freisin leis an ngníomhaíocht níos leithne fuinnimh agus aeráide ar leibhéal an Aontais.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á cur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh’ (C(2023) 6454 final), ach níl feidhm ag an bprionsabal ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ maidir le beart G3.2.1. ‘Bonneagar gáis nádúrtha a fhoirgniú chun slándáil fuinnimh a áirithiú’, i gcomhréir le hAirteagal 21c(6) pf de Rialachán (AE) 2021/241.

G1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Fo-chomhpháirt G1.1 — Infheistíochtaí i bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite a spreagadh

Is é is aidhm don fho-chomhpháirt forbairt suiteálacha in-athnuaite arna n-oibriú ag pobail fuinnimh a spreagadh, go háirithe trí fheabhas a chur ar an gcreat chun imscaradh luathaithe na bpobal sin a dhreasú. Chomh maith leis sin, áirítear san fho-chomhpháirt sin bearta lena dtacaítear le stóráil leictreachais chun foinsí fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú san eangach, agus bearta lena neartaítear acmhainneacht riaracháin agus eagraíochtúil na n-institiúidí a bhfuil baint acu le hathchóirithe agus infheistíochtaí REPowerEU a chur chun feidhme agus leis na próisis le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite.

G1.1.1 Timpeallacht rialála thacúil a shainiú do phobail fuinnimh

Is é is cuspóir don athchóiriú aghaidh a thabhairt ar dhúshlán sa timpeallacht rialála do phobail fuinnimh sa Pholainn. Is éard atá sa bheart seo anailís a fhoilsiú ar na bacainní dlíthiúla, eagraíochtúla agus riaracháin chun pobail fuinnimh, braislí fuinnimh nó comharchumainn fuinnimh a fhorbairt.

G1.1.2 Tacú le méadú na bpobal fuinnimh

Is é is cuspóir don infheistíocht seo tacú leis an méadú ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite arna gcur chun feidhme ag pobail fuinnimh, lena n-áirítear braislí fuinnimh, comharchumainn fuinnimh agus pobail fuinnimh eile.

Is éard atá sa bheart seo: comhaontuithe deontais arna síniú le faighteoirí faoin gcuid réamh-infheistíochta, (ii) comhaontuithe deontais arna síniú le faighteoirí faoin gcuid infheistíochta agus (iii) suiteálacha faoin gcuid infheistíochta.

G1.1.3 Córais stórála fuinnimh (tacaíocht neamh-inaisíochta)

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo leanúnachas an tsoláthair leictreachais do chustaiméirí a áirithiú agus éifeachtúlacht úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh (RES) a mhéadú. Is éard atá sa bheart seo córas stórála fuinnimh ceallraí (BESS) a shuiteáil.

G1.1.4 Tacaíocht d'institiúidí a chuireann athchóirithe agus infheistíochtaí REPowerEU chun feidhme

Is é is cuspóir don infheistíocht seo acmhainneacht riaracháin agus eagraíochtúil na bpríomhinstitiúidí poiblí a bhfuil baint acu le tacaíocht d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí REPowerEU a mhéadú. Is éard atá sa bheart sin (i) 106 phost nua a chruthú sa riarachán le cúraimí sannta lena n-áirítear obair ar athchóirithe agus infheistíochtaí REPowerEU, (ii) tacaíocht airgeadais d'eagraíochtaí neamhrialtasacha a dhéanann tionscadail fothaithe acmhainneachta a thacaíonn le hathchóirithe agus infheistíochtaí REPowerEU, agus (iii) céim thástála d'uirlis TF a thabhairt i gcrích arb é is aidhm di tacú leis an Oifig Rialála Fuinnimh faireachán a dhéanamh ar an mbonneagar fuinnimh, ar fhorbairt eangaí, agus ar bhainistiú scéim tacaíochta na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite (RES).

Fo-chomhpháirt G1.2 — Iomlánú na n-eangach leictreachais chun dlús a chur le comhtháthú foinsí fuinnimh in-athnuaite

Is é is aidhm don fho-chomhpháirt na huirlisí agus na huasghráduithe a chur i bhfeidhm chun dlús a chur le forbairt suiteálacha nua a tháirgeann leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite. Ciallaíonn sé sin deireadh a chur le bacainní ar nascadh le heangacha chomh maith le bonneagar nua a thógáil agus na heangacha atá ann cheana a uasghrádú chun fuinneamh in-athnuaite a thabhairt ón áit a ngintear é go dtí an áit a n-úsáidtear é.

G1.2.1 Réitigh rialála chun dlús a chur le comhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh in eangacha dáileacháin

Is é is cuspóir don athchóiriú seo tacú le hinfheistíochtaí tosaíochta i bhforbairt gréasáin d'fhonn bacainní ar fhorbairt foinsí in-athnuaite fuinnimh a laghdú. Is éard atá sa bheart seo creat rialála a fhoilsiú lena gcuirfear ar chumas na hOifige Rialála Fuinnimh infheistíochtaí tosaíochta a shainnithint le haghaidh forbairt gréasáin agus infheistíochtaí tosaíochta i dtaraifí eangáí dáileacháin a léiriú.

G1.2.2 Bacainní ar chomhtháthú foinsí fuinnimh in-athnuaite i ngréasáin leictreachais a bhaint

Is é is cuspóir don athchóiriú seo deireadh a chur le bacainní rialála ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú i ngréasáin tarchurtha agus dáileacháin leictreachais. Is éard atá sa bheart sin (i) creat dlíthiúil a bhunú chun foinsí iomadúla fuinnimh in-athnuaite a nascadh le pointe nasctha aonair; agus (ii) teacht i bhfeidhm an ghnímh dhlíthiúil nó na ngníomhartha dlíthiúla a bhaineann le hiarrataí ar nascadh a phróiseáil.

G1.2.3 Líonraí tarchurtha agus bonneagar cliste leictreachais

Is é is cuspóir don infheistíocht seo na gréasáin tarchurtha a leathnú, a nuachóiriú agus a dhigitiú agus comhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh sa chóras leictreachais a éascú.

Is éard atá sa bheart seo: (i) línte tarchurtha cumhachta a thógáil nó a nuachóiriú, (ii) stáisiúin/fostáisiúin nua, leathnaithe nó uasghrádaithe den líonra tarchurtha cumhachta, (iii) mol sonraí amháin a shuiteáil — Córas Faisnéise an Mhargaidh Fuinnimh Láir (CSIRE), agus (iv) trí chóras faisnéise nua, uasghrádaithe nó leathnaithe ar a laghad a shuiteáil don oibreoir córais tarchurtha.

G1.2.4 Líonraí dáileacháin leictreachais a thógáil nó a nuachóiriú

Is é is cuspóir don infheistíocht seo tacú le tógáil, nuachóiriú agus digitiú gréasán dáileacháin leictreachais a fhreastalaíonn go príomha ar cheantair thuaithe, d'fhonn nascadh foinsí nua fuinnimh in-athnuaite sna ceantair sin a chumasú.

Is éard atá sa bheart sin líonraí dáileacháin a thógáil nó a nuachóiriú.

Fo-chomhpháirt G1.3 — Iompar inbhuanaithe a fhorbairt

Is é is aidhm don fho-chomhpháirt tacú le hiompar inbhuanaithe.

G1.3.2 Iompar comhchoiteann astaíochtaí nialasacha (busanna)

Is é is cuspóir don infheistíocht seo an t-iompar poiblí a dhéanamh níos glaine agus a tharraingteacht a mhéadú.

Is éard atá san infheistíocht busanna astaíochtaí nialasacha a sheachadadh.

G2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Fo-chomhpháirt G1.1 — Infheistíochtaí i bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite a spreagadh

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
G1G	G1.1.1 Timpeallacht rialála thacúil a shainiú do phobail fuinnimh	Garsprioc	Anailís ar na bacainní ar chomhphobail fuinnimh, ar chomharchumainn fuinnimh nó ar bhraislí fuinnimh a fhorbairt	Foilsíú anailíse				C3	2024	Foilsíú anailíse ar na bacainní dlíthiúla, eagraíochtúla agus riaracháin chun pobail fuinnimh, braislí fuinnimh nó comharchumainn fuinnimh a fhorbairt. Molfar san anailís freisin sraith réiteach chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní sin.
G2G	G1.1.2 Tacú le méadú na bpobal fuinnimh	Garsprioc	Glao ar an gclár tacaíochta infheistíochta	Seoladh glao ar thograí le haghaidh pobail fuinnimh ar spéis leo tacaíocht a fháil faoin gcuid infheistíochta				R4	2023	Seolfar glao oscailte, trédhearcach agus iomaíoch ar thograí a bheidh ar fáil do chomharchumainn fuinnimh, do phobail fuinnimh agus do bhraislí fuinnimh agus é mar aidhm leis tacaíocht a leithdháileadh ar chineálacha éagsúla faighteoirí ar bhealach cothrom.
G3G	G1.1.2 Tacú le méadú na bpobal fuinnimh	Cuspóir sonrach	Eintitis a fhaigheann tacaíocht faoin gcuid réamh-infheistíochta		Uimhir	0	162	C1	2025	Líon na gcomhaontuithe deontais arna síniú le faighteoirí faoin gcuid réamh-infheistíochta.
G5G	G1.1.2 Tacú le méadú na bpobal fuinnimh	Cuspóir sonrach	Eintitis dá dtugtar tacaíocht laistigh den chuid infheistíochta		Uimhir	0	20	R4	2025	Líon na gcomhaontuithe deontais arna síniú le faighteoirí faoin gcuid infheistíochta.
G5aG	G1.1.2 Tacú le méadú na bpobal fuinnimh	Cuspóir sonrach	Suiteálacha faoin gcuid infheistíochta		Uimhir	0	8	C3	2026	Deimhnithe suiteála meicniúla comhdhlúite arna n-eisiúint le haghaidh 8 bhfaighteoir faoin gcuid infheistíochta.
G6G	G1.1.3 Córais stórála fuinnimh (tacaíocht neamh-inaisíochta)	Garsprioc	Suiteáil córais stórála fuinnimh ceallra (BESS) agus cábla(i) ardvoltais	Prótacail inghlacthachta le haghaidh na suiteálacha				C3	2026	Prótacail inghlacthachta maidir le córais stórála fuinnimh ceallraí a shuiteáil ag a bhfuil comhacmhainn 1 800 MWh ar a laghad, agus maidir le cábla ardvoltais nó cáblaí ardvoltais a shuiteáil.

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspíoc agus spíoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
G7G	G1.1.4 Tacaíocht d'institiúidí a chuireann athchóirithe agus infheistíochtaí REPowerEU chun feidhme	Cuspóir sonrach	Méadú ar an acmhainneacht riaracháin chun athchóirithe agus infheistíochtaí REPowerEU a chur chun feidhme		Uimhir	0	106	R4	2024	Cruthaíodh 106 phost nua ar a laghad sa riarachán agus cúraimí sannta orthu, lena n-áirítear obair ar athchóirithe agus infheistíochtaí REPowerEU.
G8G	G1.1.4 Tacaíocht d'institiúidí a chuireann athchóirithe agus infheistíochtaí REPowerEU chun feidhme	Cuspóir sonrach	Eagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann tionscadail fothaithe acmhainneachta i gcrích		Uimhir	0	15	R4	2025	Gheobhaidh 15 ENR ar a laghad tacaíocht airgeadais chun tionscadail fothaithe acmhainneachta a thacaíonn le hathchóirithe agus infheistíochtaí REPowerEU a dhéanamh.
G11G	G1.1.4 Tacaíocht d'institiúidí a chuireann athchóirithe agus infheistíochtaí REPowerEU chun feidhme	Garspíoc	Uirlis TF don Oifig Rialála Fuinnimh	Céim thástála d'uirlis TF don Oifig Rialála Fuinnimh a thabhairt i gcrích				C2	2026	Prótacal inghlacthachta lena ndeimhnítear tabhairt i gcrích céime tástála uirlise TF don Oifig Rialála Fuinnimh.

Fo-chomhpháirt G1.2 — Iomlánú na n-eangach leictreachais chun dlús a chur le comhtháthú foinsí fuinnimh in-athnuaite

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
G12G	G1.2.1 Réitigh rialála chun dlús a chur le comhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh in eangacha dáileacháin	Garspríoc	Foilsíú na samhla rialála nua maidir le hinfeistíochtaí tosaíochta le haghaidh forbairt gréasáin	Foilsíodh an creat rialála				R4	2024	Creat rialála a fhoilsíú lena gcuirfear ar chumas na hOifige Rialála Fuinnimh infheistíochtaí tosaíochta a shainaitint le haghaidh forbairt gréasáin agus infheistíochtaí tosaíochta i dtaraifí eangai dáileacháin a léiriú.
G13G	G1.2.2 Bacainní ar chomhtháthú foinsí fuinnimh in-athnuaite i ngréasáin leictreachais a bhaint	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm an chreata dhlíthiúil lena gcumasaítear comhthiomsú cáblaí	Foráil sa ghníomh leasaitheach lena léirítear a theacht i bhfeidhm				R4	2023	Leasuithe ar an nGníomh um Fhoinsí Fuinnimh In-athnuaite agus ar an Dlí Fuinnimh lena gcumasaítear foinsí fuinnimh in-athnuaite iomadúla a nascadh leis an eangach leictreachais ag pointe nasctha aonair. Leis na rialacha nua, beidh gineadóirí fuinnimh in-athnuaite a dhéanann comhaontú, faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Dlí Fuinnimh, in ann nasc a chomhroinnt, i.e. an acmhainneacht nasctha chéanna a úsáid ag pointe nasctha amháin, agus an fhéidearthacht á coinneáil acu ag an am céanna conarthaí a thabhairt i gcrích maidir le díol an fhuinnimh a tháirgtear. Ina theannta sin, leasófar an tAcht um Fhoinsí In-athnuaite Fuinnimh. Leis na leasuithe, beidh eintitis a thairbhíonn de scéimeanna tacaíochta le haghaidh foinsí fuinnimh in-athnuaite in ann a n-acmhainneacht nasctha a chomhroinnt le suiteálacha eile atá nasctha ag an bpointe nasctha céanna gan an ceart chun tacaíochta dá bhforáiltear san Acht sin a chailleadh. I measc na suiteálacha a bhfuil pointe nasctha aonair acu, ní bheidh ach ceann amháin in ann tairbhe a bhaint as scéim tacaíochta.
G14G	G1.2.2 Bacainní ar chomhtháthú foinsí fuinnimh	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm an ghnímh dhlíthiúil nó na gníomhartha dlíthiúla	Forálacha sa ghníomh dlí nó sna gníomhartha dlí				R4	2025	Tiocfaidh gníomh dlíthiúil/gníomhartha dlíthiúla i bhfeidhm lena gceanglófar ar oibreoirí tarchurtha agus dáileacháin

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	in-athnuaite i ngréasáin leictreachais a bhaint		a bhaineann le naisc leis an líonra	lena léirítear a dteacht i bhfeidhm						leictreachais a fhreastalaíonn ar chéad míle custaiméir nasctha ar a laghad an méid seo a leanas a dhéanamh: <ul style="list-style-type: none"> Sraith aonfhoirmeach rialacha a bhunú, lena n-áirítear maidir leis na critéir agus na teorainneacha ama chun iarrataí ar nascadh a phróiseáil; An fhaisnéis seo a leanas a chur ar fáil go poiblí: (i) na hacmhainneachtaí nasctha líonra atá ar fáil; (II) iarrataí ar nascadh a diúltaíodh lena n-áirítear réasúnaíocht an diúltaithe agus (iii) an tsraith aonfhoirmeach rialacha; Beifear in ann iarrataí ar nasc a chur isteach go leictreonach.
G17G	G1.2.3 Líonraí tarchurtha agus bonneagar cliste leictreachais	Cuspóir sonrath	Fad an ghréasáin tarchurtha cumhachta nuathógtha nó nuachóirithe (km)		Uimhir	0	320	C2	2026	Líon ciliméadar de chodanna nuathógtha nó nuachóirithe den ghréasán tarchurtha cumhachta (400 kV).
G18G	G1.2.3 Líonraí tarchurtha agus bonneagar cliste leictreachais	Garspríoc	Síniú na gcomhaontuithe deontais idir an tOibreoir Córais Tarchurtha (OCT) agus na húdaráis maidir le codanna den líonra tarchurtha cumhachta a thógáil nó a nuachóiriú	Comhaontuithe deontais sínithe				R4	2024	Síniú comhaontuithe deontais le haghaidh tionscadail maidir le codanna den líonra tarchurtha cumhachta a thógáil nó a nuachóiriú, arb ionann iad agus 50 km de chodanna de líonra tarchurtha cumhachta 220 kV agus 5 (fho-)stáisiúin den líonra tarchurtha cumhachta.
G19G	G1.2.3. Líonraí tarchurtha agus bonneagar cliste leictreachais	Cuspóir sonrath	Fad an ghréasáin tarchurtha cumhachta nuathógtha nó nuachóirithe (km)		Uimhir	0	50	C2	2026	Líon ciliméadar de chodanna nuathógtha nó nuachóirithe den ghréasán tarchurtha cumhachta (220 kV).
G20G	G1.2.3 Líonraí tarchurtha agus bonneagar cliste leictreachais	Cuspóir sonrath	Stáisiúin nó fostáisiúin bhreise, uasghrádaithe nó nua laistigh den líonra tarchurtha		Uimhir	0	5	C2	2026	Líon (fo)stáisiúin leathnaithe, uasghrádaithe nó nua an líonra tarchurtha cumhachta.

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
G21G	G1.2.3 Líonraí tarchurtha agus bonneagar cliste leictreachais	Garspríoc	Mol sonraí maidir leis an margadh leictreachais (CSIRE) agus anailíseoirí cáilíochta cumhachta	Mol sonraí amháin (CSIRE) a shuiteáil agus 48 n-anailíseoir cáilíochta cumhachta a shuiteáil ag stáisiúin/fostáisiúin				C3	2025	Mol sonraí amháin (CSIRE) a shuiteáil agus 48 n-anailíseoir cáilíochta cumhachta a shuiteáil ag stáisiúin nó ag stáisiúin/fostáisiúin.
G22G	G1.2.3 Líonraí tarchurtha agus bonneagar cliste leictreachais	Cuspóir sonrach	Córais faisnéise d'oireoir an chórais tarchurtha		Uimhir	0	3	R4	2025	Trí chóras faisnéise nua, uasghrádaithe nó leathnaithe ar a laghad a shuiteáil don oibreoir córais tarchurtha.
G23G	G1.2.4 Líonraí dáileacháin leictreachais a thógáil nó a nuachóiriú	Garspríoc	Tionscadail a shainaithint agus a shainiú	Doiciméad inmheánach lena sainiúitear tionscadail chun feabhas a chur ar líonraí dáileacháin sa Pholainn, arna shíniú ag an údarás ábhartha				R4	2024	<p>Tionscadail arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar na gréasáin dáileacháin a fhreastalaíonn go príomha ar cheantair thuaithe, déanfar iad a shainaithint agus a leagan amach i ndoiciméad críochnaitheach arna fhorghabháil go himmheánach ag údarás ábhartha na Polainne. Léireofar sa doiciméad sin freisin, i gcás gach tionscadail, a fhoinsé chistiúcháin, nach n-áireofar foinsí eile de chuid an Aontais inti.</p> <p>I dteannta a chéile, beidh tógáil nó nuachóiriú 880 km ar a laghad de líonraí dáileacháin (gan beann ar voltas) mar thoradh ar na tionscadail shainitheanta, lena n-áirítear na stáisiúin ghaolmhara.</p> <p>Áireofar i ngach tionscadal sainitheanta feidhmiúlachtaí eangaí cliste arb é is aidhm dóibh cumarsáid dhigiteach dhá threo a chumasú, i bhfíor-am nó gar d'fhíor-am, faireachán agus bainistiú idirghníomhach cliste ar ghiniúint, tarchur, dáileadh agus idió leictreachais laistigh de ghréasán leictreachais agus ar an mbealach sin rannchuidiú le foinsí fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt.</p>

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
G24G	G1.2.4 Líonraí dáileacháin leictreachais a thógáil nó a nuachóiriú	Cuspóir sonrach	Fad an ghréasáin dáileacháin nuathógtha nó nuachóirithe (km)		Uimhir	0	880	C2	2026	Líon na gciliméadar nuathógtha nó líonraí dáileacháin nuachóirithe

Fo-chomhpháirt G1.3 — Iompar inbhuanaithe a fhorbairt

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspíocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spíocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspíoc agus spíoc
					Aonad tomhais	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
G26G	G1.3.2 Iompar comhchoiteann astaíochtaí nialasacha (busanna)	Garspíoc	Busanna nua astaíochtaí nialasacha: síniú na gconarthaí	Conarthaí sínithe				C3	2024	Síneofar conarthaí idir údaráis na Polainne agus na heintitis is tairbhíthe (údaráis áitiúla nó oibreoirí seirbhíse poiblí) chun 1159 mbus nua astaíochtaí nialasacha a cheannach. Ní thacófar ach le busanna leictreacha, tralaí nó busanna hidrigine.
G27G	G1.3.2 Iompar comhchoiteann astaíochtaí nialasacha (busanna)	Cuspóir sonrach	Busanna nua astaíochtaí nialasacha		Uimhir	0	1044	C2	2026	Déanfar busanna astaíochtaí nialasacha nua (busanna leictreacha, busanna tralaí nó hidrigin) a sheachadadh mar a léirítear le prótacal deiridh.

G3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na tacaíochta iasachta

Fo-chomhpháirt G3.1 — Cur in úsáid fuinnimh in-athnuaite, scileanna glasa agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú

Is é is aidhm don fho-chomhpháirt nósanna imeachta ceadaithe a chuíchóiriú chun dlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite, dlús a chur le luas na n-athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh, agus athcháiliú an lucht saothair i dtreo scileanna glasa a spreagadh. Meastar freisin go ndreasóidh sé infheistíocht phríobháideach agus go bhfeabhsóidh sé rochtain ar mhaoiniú in earnáil an fhuinnimh, lena n-áirítear gaoth amach ón gcósta.

G3.1.1 Ceadú foinsí in-athnuaite fuinnimh a chuíchóiriú

Is é is cuspóir don athchóiriú seo dlús a chur le suiteáil foinsí fuinnimh in-athnuaite agus le cuíchóiriú na nósanna imeachta ceadaithe. Is éard atá sa bheart sin (i) mapáil a fhoilsiú ar acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite le haghaidh teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite, (ii) teacht i bhfeidhm gnímh dhlíthiúil nó gníomhartha dlíthiúla lena leagtar síos creat dlíthiúil chun dlúslimistéir in-athnuaiteán a ainmniú, (iii) ardán TF a chur ar fáil chun suiteálacha fuinnimh in-athnuaite a cheadú agus (iv) toilleadh suiteáilte iomlán 30 GW de shuiteálacha gaoithe agus fótavoltacha ar talamh.

G3.1.2. Scileanna don aistriú glas

Is é is cuspóir don athchóiriú leasú a dhéanamh ar na creataí cáilíochta in earnálacha atá ríthábhachtach don chlaohlú glas. Is éard atá i gceist leis an mbeart seo leasú a dhéanamh ar na creataí cáilíochta earnála le haghaidh tógála, fuinnimh, bainistiú uisce agus bainistiú dramhaíola agus iad a ionchorprú sa Chóras Comhtháite Cáilíochtaí.

G3.1.3. Borradh a chur faoin éifeachtúlacht fuinnimh agus dlús a chur le deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise i dtéamh

Is é is cuspóir don athchóiriú dlús a chur le hathchóirithe tí agus deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise i dtéamh. Is éard atá sa bheart seo nuashonrú ar chlár tosaíochta atá ann cheana ag an gCiste Náisiúnta um Chosaint an Chomhshaoil agus um Bainistiú Uisce chun tacaíocht airgeadais a thabhairt do sholáthraithe seirbhísí comhtháite athchóirithe tí.

G3.1.4. Tacaíocht don chóras náisiúnta fuinnimh (an Ciste Tacaíochta Fuinnimh)

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí i Saoráid, an Ciste Tacaíochta Fuinnimh, chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus chun rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú in earnálacha gheilleagar na Polainne a iompraíonn costais an aistrithe fuinnimh go díreach. Feidhmeoidh an tSaoráid trí iasachtaí a sholáthar don earnáil phríobháideach, agus d'eintitis san earnáil phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla. Beidh aon infheistíocht a fhaigheann tacaíocht ón tSaoráid i gcomhréir le cuspóirí ábhartha REPowerEU a leagtar amach in Airteagal 21c(3) de Rialachán RRF, cé is moite d'Airteagal 21c(3), pointe (a). Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d'aidhm ag an tSaoráid maoiniú EUR 15045143508 ar a laghad a chur ar fáil ar dtús.

Is é Bank Gospodarstwa Krajowego (BGK), ina cháil mar chomhpháirtí cur chun feidhme, a dhéanfaidh bainistiú ar an tSaoráid.

Áireofar sa tSaoráid na línte táirgí seo a leanas:

- Maoiniú díreach BGK: leis an líne sin, cuirfear iasachtaí díreacha ar fáil do thairbhíthe deiridh chun tionscadail ghlasa a mhaoiniú. Is é BGK a sholáthróidh na hiasachtaí go díreach.

Chun an infheistíocht sa tSaoráid a chur chun feidhme, síneoidh an Pholainn agus BGK Comhaontú Cur Chun Feidhme ina mbeidh an t-ábhar seo a leanas:

1. Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na Saoráide: Déanfaidh coiste infheistíochta nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile cinneadh infheistíochta críochnaitheach na Saoráide agus formheasfar é le tromlach na vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar an rialtas.
2. Príomhcheanglais an bheartais infheistíochta ghaolmhair, lena n-áireofar:
 - a) An tuairisc ar na táirgí airgeadais agus ar na tairbhíthe deiridh incháilithe.
 - b) Tá an ceanglas go mbeadh na hinfeistíochtaí uile a fhaigheann tacaíocht inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de.
 - c) An ceanglas maidir leis an bprionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ a chomhlíonadh mar a leagtar amach i dTreoraíocht Theicniúil DNSH (C(2023) 6454 final). Go háirithe:
 - i. Eisiafar an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas ó incháilitheacht sa bheartas infheistíochta: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach³⁹, (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha⁴⁰, (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí⁴¹ agus gléasraí cóireála bitheolaíocha meicniúla⁴² agus (iv) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le mianadóireacht.
 - ii. Ní thacóidh an beartas infheistíochta ach le hidrigin in-athnuaite de réir na ngníomhartha tarmligthe ábhartha faoi Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018.
 - iii. Ní thacóidh an beartas infheistíochta ach le bithmheatán inbhuanaithe a tháirgeadh, a tharchur, a dháileadh agus a stóráil i gcomhréir leis na critéir inbhuanaitheachta agus leis na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó Airteagail 29 go 31 agus leis na rialacha maidir le bithbhreoslaí atá bunaithe ar bhia agus ar bheatha a leagtar amach in Airteagal 26 den Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite (AE) 2018/2001, agus le gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe gaolmhara. Maidir le hinfeistíochtaí i dtarchur agus i ndáileadh bithmheatáin inbhuanaithe, ráthófar comhlíonadh an choincheapa ‘eangach chliste gháis’ sa bheartas infheistíochta mar a shainmhínítear faoin togra le haghaidh rialachán athbhreithnithe GTE-F (COM(2020) 824 final) agus tabharfar isteach forálacha lena

³⁹ Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i ngníúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir Theicniúil DNSH (C(2023) 6454 final) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith le haghaidh an aistrithe thráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

⁴⁰ I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

⁴¹ Níl feidhm ag an eisiáimh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaitheach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar gníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

⁴² Níl feidhm ag an eisiáimh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar gníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

- n-áiritheofar caighdeán maidir le sceitheadh meatáin agus bithmheatáin a bhrath agus a chosc mar chuid lárnach de na ceanglais slándála.
- iv. Ní thacóidh an beartas infheistíochta ach le hathchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh ar fhoirgnimh a bhaineann ar a laghad 30 % de choigilteas fuinnimh phríomhúil amach.
 - v. Thairis sin, ceanglófar leis an mbeartas infheistíochta go gcomhlíonfar reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha thairbhíthe deiridh na Saoráide.
- d) An ceanglas nach bhfaighidh tairbhíthe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.
3. An méid a chumhdaítear leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme, struchtúr táillí an Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme agus an ceanglas aon athshreabha a athinfheistiú de réir bheartas infheistíochta na Saoráide, mura n-úsáidtear iad chun aisíocaíochtaí iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú.
 4. Ceanglais faireacháin, iniúcháireachta agus rialaithe, lena n-áirítear:
 1. An tuairisc ar chóras faireacháin an chomhpháirtí cur chun feidhme chun tuairisc a thabhairt ar an infheistíocht a slógadh.
 2. An tuairisc ar nósanna imeachta an chomhpháirtí cur chun feidhme lena n-áiritheofar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.
 3. An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Chomhaontú Cur Chun Feidhme sula ngealltar oibríocht a mhaoiniú.
 4. An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plan iniúcháireachta BGK. Fíorófar leis na hiniúchtaí sin i) go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; II) comhlíonadh an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’, na rialacha maidir le Státchabhair, na ceanglais maidir le spriocanna aeráide; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas nach bhfuair tairbhíthe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme agus na gComhaontuithe Cistiúcháin is infheidhme á n-urramú.
 5. Ceanglais maidir le hinfeistíochtaí aeráide arna ndéanamh ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme: rannchuideoidh EUR 9087361627 ar a laghad d’infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF43.

G3.1.5. Feirmeacha gaoithe amach ón gcósta a thógáil (An Ciste um Fhuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta)

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí i Saoráid, an Ciste um Fhuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta, chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus chun rochtain ar mhaoiniú in earnáil fuinnimh gaoithe amach ón gcósta na Polainne a fheabhsú. Oibreoidh an tSaoráid trí iasachtaí a sholáthar go díreach don earnáil phríobháideach, agus d’eintitis san earnáil phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d’aidhm ag an tSaoráid maoiniú EUR 2226154567 ar a laghad a chur ar fáil ar dtús.

Is é Bank Gospodarstwa Krajowego (BGK), ina cháil mar chomhpháirtí cur chun feidhme, a dhéanfaidh bainistiú ar an tSaoráid.

Áireofar sa tSaoráid an líne táirgí seo a leanas:

⁴³ Ceanglófar ar thairbhíthe deiridh a bhaineann le tionscadaí shonracha údar a thabhairt leis an réimse idirghabhála roghnaithe le haghaidh gach tionscadaí a fhaigheann tacaíocht, mar aon le tuairisc ar an tionscadal, chun an rannchuidiú aeráide a ríomh. Ceanglófar ar an gcomhpháirtí cur chun feidhme freisin tuarascáil leathbhliantúil a sholáthar don Bhallstát maidir le cur chun feidhme gach tionscadaí/gníomhaíochta.

- Maoiniú díreach BGK: leis an líne sin, soláthrófar iasachtaí díreacha do chuideachtaí príobháideacha a tháirgeann leictreachas ó fhuinneamh gaoithe amach ón gcósta i bhfeirmeacha gaoithe amach ón gcósta nó a bhfuil sé beartaithe acu leictreachas den sórt sin a tháirgeadh, agus d'eintitis san earnáil phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla. Is é BGK a sholáthróidh na hiasachtaí go díreach.

Chun an infheistíocht sa tSaoráid a chur chun feidhme, síneoidh an Pholainn agus BGK Comhaontú Cur Chun Feidhme ina mbeidh an t-ábhar seo a leanas:

1. Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na Saoráide: Déanfaidh coiste infheistíochta nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile cinneadh infheistíochta críochnaitheach na Saoráide agus formheasfar é le tromlach na vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar an rialtas.
2. Príomhcheanglais an bheartais infheistíochta ghaolmhair, lena n-áireofar:
 1. An tuairisc ar an táirge airgeadais agus ar na tairbhíthe deiridh incháilithe.
 2. Tá an ceanglas go mbeadh na hinfeistíochtaí uile a fhaigheann tacaíocht inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de.
 3. An ceanglas maidir leis an bprionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ a chomhlíonadh mar a leagtar amach i dTreoraíocht Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (C(2023) 6454 final). Go háirithe, eisiafar an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas ó incháilitheacht sa bheartas infheistíochta: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach⁴⁴, (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha⁴⁵, (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola⁴⁶ agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla⁴⁷.
 4. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhíthe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.
3. An méid a chumhdaítear leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme, struchtúr táillí an Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme agus an ceanglas aon athshreabha a athinfheistiú de réir bheartas infheistíochta na Saoráide mura n-úsáidtear iad chun aisíocaíochtaí iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú.
4. Ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe, lena n-áirítear:

⁴⁴ Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir Theicniúil DNSH (C(2023) 6454 final) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith le haghaidh an aistrithe thráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

⁴⁵ I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

⁴⁶ Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaitheach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

⁴⁷ Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

1. An tuairisc ar chóras faireacháin an chomhpháirtí cur chun feidhme chun tuairisc a thabhairt ar an infheistíocht a slógadh.
2. An tuairisc ar nósanna imeachta an chomhpháirtí cur chun feidhme lena n-áiríteofar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.
3. An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Chomhaontú Cur Chun Feidhme sula ngealltar oibríocht a mhaoiniú.
4. An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plan iniúchóireachta BGK. Fíorófar leis na hiniúchtaí sin i) go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; II) comhlíonadh an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’, na rialacha maidir le Státchabhair, na ceanglais maidir le spriocanna aeráide; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas nach bhfuair tairbhíthe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme is infheidhme á n-urramú. Ceanglais maidir le hinfeistíochtaí aeráide arna ndéanamh ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme: Rannchuideoidh EUR 2226154567 d’ infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF48.

Fo-chomhpháirt G3.2 — Feabhas a chur ar bhonneagar agus saoráidí fuinnimh chun freastal ar riachtanais láithreacha shlándáil an tsoláthair gáis

G3.2.1. Bonneagar gáis nádúrtha a thógáil chun slándáil fuinnimh a áirithiú

Is é is cuspóir don infheistíocht seo feabhas a chur ar an mbonneagar fuinnimh agus ar shaoráidí fuinnimh chun freastal ar riachtanais láithreacha shlándáil an tsoláthair gáis, lena n-áirítear gás nádúrtha leachtaithe, go háirithe chun éagsúlú an tsoláthair a chumasú ar mhaithe le leas an Aontais ina iomláine. Is éard atá sa bheart seo tógáil an líonra tarchurtha gáis nádúrtha idir Gdańsk agus Gusterzyn.

Fo-chomhpháirt G3.3 — Córais stórála fuinnimh (tacaíocht inaisíochta)

G3.3.1 Córais stórála fuinnimh (tacaíocht inaisíochta)

Is é cuspóir na hinfeistíochta seo leanúnachas an tsoláthair leictreachais do chustaiméirí a áirithiú agus éifeachtúlacht úsáid RES a mhéadú.

Is éard atá sa bheart sin nuachóiriú páirteach ar shaoráid taiscthe fuinnimh hidrileictirigh pumpála, trí nuachóiriú a dhéanamh ar an taiscumar uachtarach, ar an iontógáil uisce uachtarach agus íochtarach agus ar tholláin dhíorthacha.

⁴⁸ Ceanglófar ar thairbhíthe deiridh a bhaineann le tionscadail shonracha údar a thabhairt leis an réimse idirghabhála roghnaithe le haghaidh gach tionscadail a fhaigheann tacaíocht, mar aon le tuairisc ar an tionscadal, chun an rannchuidiú aeráide a ríomh. Ceanglófar ar an gcomhpháirtí cur chun feidhme freisin tuarascáil leathbhliantúil a sholáthar don Bhallstát maidir le cur chun feidhme gach tionscadail/gníomhaíochta.

G4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an iasacht

Fo-chomhpháirt G3.1 — Cur in úsáid fuinnimh in-athnuaite, scileanna glasa agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gerích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cusp óir	Ráithe	An Bhliain	
G1L	G3.1.1 An próiseas ceadaithe le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh a chuíchóiriú	Garsprioc	Acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite a mhapáil	Léarscáil/léarscáil eanna d'acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite a fhoilsiú ar líne				R4	2024	Foilseofar ar líne léarscáil (léarscáileanna) d'acmhainneacht foinsí fuinnimh in-athnuaite le haghaidh gaoth gréine agus gaoithe ar talamh ar a laghad, lena gcumhdaítear críoch iomlán na Polainne, agus feidhmeoidh sé mar ionchur chun dlúslimistéir in-athnuaiteán a ainmniú.
G2L	G3.1.1 An próiseas ceadaithe le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh a chuíchóiriú	Garsprioc	Gníomh dlíthiúil/gníomhartha dlíthiúla lena leagtar síos creat dlíthiúil chun dlúslimistéir in-athnuaiteán a ainmniú	Foráil sa ghníomh dlí/sna gníomhartha dlí lena léirítear a dteacht i bhfeidhm				R4	2024	Teacht i bhfeidhm gníomh dhlíthiúil nó gníomhartha dlíthiúla lena leagfar síos creat dlíthiúil chun dlúslimistéir in-athnuaiteán a ainmniú le haghaidh suiteálacha gaoithe ar talamh agus suiteálacha fótavoltacha araon. Saineofar an méid seo a leanas sa chreat dlíthiúil sin: (i) na húdaráis inniúla atá i gceannas ar na dlúslimistéir in-athnuaiteán agus a bhfreagrachtaí a ainmniú; agus (ii) na nósanna imeachta ceadaithe a mbeidh feidhm acu laistigh de dhlúslimistéir in-athnuaiteán.
G5L	G3.1.1 An próiseas ceadaithe le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh a chuíchóiriú	Garsprioc	Ardán TF chun suiteálacha fuinnimh in-athnuaite a cheadú	Tá ardán TF um cheadú ar fáil go poiblí				C2	2026	Beidh ardán TF chun nósanna imeachta a cheadú le haghaidh suiteálacha fuinnimh in-athnuaite ar fáil go poiblí. Leis an ardán, beifear in ann iarratais cheadaithe a chur isteach agus a phróiseáil ar líne chun suiteálacha fuinnimh in-athnuaite a thógáil agus a oibriú (seachas nascadh leis an eangach), chomh maith le rogha a sholáthar chun faireachán a dhéanamh ar stádas na n-iarratas ceadaithe agus deis a thabhairt cumarsáid a dhéanamh leis na húdaráis inniúla faoi na hiarratais. Cuirfidh an t-ardán faisnéis ar fáil freisin maidir leis an méid seo a leanas nó/agus nasc/naisc ghréasáin

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										chun an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) ceanglais cheadaithe le haghaidh suiteálacha fuinnimh in-athnuaite agus údaráis inniúla; (II) léarscáil/léarscáileanna d'acmhainneacht foinsí fuinnimh in-athnuaite; (III) dlúslimistéir in-athnuaiteán ainmnithe (más ann dóibh); (IV) na hacmhainneachtaí nasctha líonra atá ar fáil; (V) iarrataí ar nasc a diúltaíodh, lena n-áirítear an réasúnaíocht leis an diúltú.
G6L	G3.1.1 An próiseas cheadaithe le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh a chuichóiriú	Cuspóir sonrath	Toilleadh suiteáilte suiteálacha gaoithe ar talamh agus suiteálacha fótavoltacha (in GW)		Uimhir	23.5	28	R4	2025	Toilleadh suiteáilte iomlán (in GW) suiteálacha gaoithe ar talamh agus suiteálacha fótavoltacha.
G7L	G3.1.1 An próiseas cheadaithe le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh a chuichóiriú	Cuspóir sonrath	Toilleadh suiteáilte suiteálacha gaoithe ar talamh agus suiteálacha fótavoltacha (in GW)		Uimhir	28	30	C2	2026	Toilleadh suiteáilte iomlán (in GW) suiteálacha gaoithe ar talamh agus suiteálacha fótavoltacha.
G8L	G3.1.2 Scileanna don aistriú glas	Garspríoc	Ceithre thuarascáil ar na creataí cáilíochta earnála leasaithe don chlaohlú glas	Foilsíú na dtuarascálacha ina bhfuil na creataí cáilíochta earnála leasaithe				C2	2025	Áireofar sna tuarascálacha ar na creataí cáilíochta earnála d'earnálacha na tógála, an fhuinnimh, an bhainistíthe uisce agus an bhainistíthe dramhaíola creataí leasaithe lena n-ionchorpraítear 'inniúlachtaí glasa' agus foilseofar iad.
G10L	G3.1.2 Scileanna don aistriú glas	Garspríoc	Creataí cáilíochta earnála le haghaidh tógála, fuinnimh, bainistíu uisce agus bainistíu dramhaíola arna n-ionchorprú sa	Foráil sa ghníomh dlí ábhartha lena léirítear a theacht i bhfeidhm				R4	2025	Teacht i bhfeidhm an ghnímh dhlíthiúil ábhartha lena n-ionchorpraítear na creataí cáilíochta earnála don fhoirgníocht, don bhainistíu uisce, don bhainistíu dramhaíola agus don fhuinneamh sa Chóras Comhtháite Cáilíochtaí.

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
			Chóras Comhtháite Cáilíochtaí							
G11L	G3.1.3 Borrhadh a chur faoin éifeachtúlacht fuinnimh agus dlús a chur le deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise i dtéamh	Garspríoc	Clár tosaíochta le haghaidh seirbhísí comhtháite athchóirithe tí	Teacht i bhfeidhm an rúin				R4	2024	Déanfaidh an Ciste Náisiúnta um Chosaint an Chomhshaoil agus um Bainistiú Uisce clár tosaíochta atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta chun tacaíocht airgeadais a thabhairt do sholáthraithe seirbhísí comhtháite athchóirithe tí.
G12L	G3.1.4 Tacaíocht don chóras náisiúnta fuinnimh (an Ciste Tacaíochta Fuinnimh)	Garspríoc	Comhaontú Cur Chun Feidhme	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme				C2	2024	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme.
G13L	G3.1.4 Tacaíocht don chóras náisiúnta fuinnimh (an Ciste Tacaíochta Fuinnimh)	Cuspóir sonrath	Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhíthe deiridh		Céatadán (%)	0	30 %	C3	2025	Beidh comhaontuithe maoinithe dhlíthiúil déanta ag BGK le tairbhíthe deiridh don mhéid is gá chun 30 % ar a laghad d'infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Cuirfidh BGK tuarascáil ar fáil ina sonrath céatadán an mhaoinithe sin a rannchuidíonn le cuspóirí aeráide trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF.
G14L	G3.1.4 Tacaíocht don chóras náisiúnta fuinnimh (an Ciste Tacaíochta Fuinnimh)	Cuspóir sonrath	Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhíthe deiridh		Céatadán (%)	30 %	100 %	C3	2026	Beidh comhaontuithe maoinithe dhlíthiúil déanta ag BGK le tairbhíthe deiridh don mhéid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Rannchuideoidh 60 % ar a laghad den mhaoiniú sin le cuspóirí aeráide trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VI de Rialachán RRF.
G15L	G3.1.4 Tacaíocht don chóras náisiúnta fuinnimh (an	Garspríoc	Tá an infheistíocht curtha i gcrích ag an Aireacht	Deimhniú aistrithe				C3	2026	Aistreoidh an Pholainn EUR 15045143508 chuig BGK le haghaidh na Saoráide.

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	Ciste Tacaíochta Fuinnimh)									
G16L	G3.1.5 Feirmeacha gaoithe amach ón gcósta a thógáil (An Ciste um Fhuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta)	Garspríoc	Comhaontú Cur Chun Feidhme	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme				C3	2024	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme.
G18L	G3.1.5 Feirmeacha gaoithe amach ón gcósta a thógáil (An Ciste um Fhuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta)	Cuspóir sonrath	Comhaontuithe dlíthiúla arna sınıu le tairbhíthe deiridh		Céatadán (%)	0 %	100 %	R4	2025	Beidh comhaontuithe maoinithe dhlíthiúil déanta ag BGK le tairbhíthe deiridh don mhéid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Rannchuideoidh 100 % den mhaoiniú sin le cuspóirí aeráide trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VI de Rialachán RRF.
G19L	G3.1.5 Feirmeacha gaoithe amach ón gcósta a thógáil (An Ciste um Fhuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta)	Garspríoc	Tá an infheistíocht curtha i gcrích ag an Aireacht	Deimhniú aistrithe				R4	2025	Aistreoidh an Pholainn EUR 2226154567 chuig BGK le haghaidh na Saoráide.

Fo-chomhpháirt G3.2 — Feabhas a chur ar bhonneagar agus saoráidí fuinnimh chun freastal ar riachtanais láithreacha shlándáil an tsoláthair gáis

Sraith UIMH.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cusp óir	Ráithe	An Bhliain	
G20L	G3.2.1 Bonneagar gáis nádúrtha a thógáil chun slándáil fuinnimh a áirithiú	Garsprioc	Seachadadh na gceadanna tógála	Ceadanna tógála a dheonú				C2	2024	Beidh na ceadanna tógála do phíblíne gáis Gdańsk agus Gustorzyn deonaithe.
G21L	G3.2.1 Bonneagar gáis nádúrtha a thógáil chun slándáil fuinnimh a áirithiú	Garsprioc	Roghnú an chonraitheora/na gconraitheoirí	Fógra faoi dhámhachtain an chonartha/na gconarthaí				C1	2025	Fógra faoi dhámhachtain an chonartha/na gconarthaí le haghaidh oibreacha tógála píblíne gháis Gdańsk-Gustorzyn.
G23L	G3.2.1 Bonneagar gáis nádúrtha a thógáil chun slándáil fuinnimh a áirithiú	Garsprioc	Tógáil na píblíne gáis	Glacadh teicniúil leis an bpíblíne gháis				C3	2026	Tógfar píblíne gháis Gdańsk agus Gustorzyn faoin 31 Lúnasa 2026.
G24L	G3.3.1 Córais stórála fuinnimh (tacaíocht inaisíoctha)	Garsprioc	An tsaoráid taisce pumpála atá ann cheana a nuachóiriú	Glacadh teicniúil chun an tsaoráid taisce pumpála atá ann cheana a nuachóiriú				R4	2025	Prótacal maidir le glacadh teicniúil chun an taiscumar uachtarach, na hiontógálacha uisce uachtaracha agus íochtaracha agus na tolláin dhíorthacha a nuachóiriú.

2. Costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta

Is é EUR 54718157234 costas measta iomlán phlean téarnaimh agus athléimneachta na Polainne lena n-áirítear caibidil REPowerEU. Is é EUR 20644147991 costas measta iomlán chaibidil REPowerEU. Go háirithe, is é EUR 515162159 costas measta iomlán na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 21c(3), pointe (a) de Rialachán (AE) 2023/435 agus is é EUR 20128985832 costas na mbeart eile i gcaibidil REPowerEU.

ROINN 2: TACAÍOCHT AIRGEADAIS

Ranníocaíocht

Eagrófar na Suiteálacha dá dtagraítear in Airteagal 2(2) ar an mbealach seo a leanas:

2.1.1 An Chéad Tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
A1G	A1.1 Athchóiriú ar an gcreat físcach	Garsprioc	Forbairt Nóta Coincheapa maidir le Cairt Chaighdeánaithe na gCuntas atá comhtháite le haicmiú buiséid
A3G	A1.1 Athchóiriú ar an gcreat físcach	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm leasaithe ar an Acht um Airgeadas Poiblí lena leathnaítear raon feidhme na rialach maidir le caiteachas cobhsaíochta (SER) chun cistí sainchuspóireach stáit a áireamh
A5G	A1.2 An t-ualach rialála agus riaracháin a laghdú a thuilleadh	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm pacáiste reachtaigh chun an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí agus ar shaoránaigh a laghdú
A18G	A1.4 Athchóiriú lena dtacaítear le hiomaíochas agus cosaint táirgeoirí/tomhaltóirí in earnáil na talmhaíochta	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm dlí nua chun úsáid éagórach buntáistí conarthacha in earnáil na talmhaíochta agus na trádála bia a chomhrac
A20G	A1.4.1 Nuachóiriú ar bhonneagar nó ar threalamh in earnáil na talmhaíochta	Garsprioc	Critéir a ghlacadh maidir le tairbhíthe a roghnú le haghaidh na dtionscadal uile faoin infheistíocht seo
A27G	A2.1 Dlús a chur leis an róbatú agus leis an digitiú agus le próisis nuálaíochta	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm dlí nua chun tacú le huathoibriú agus digitiú agus nuálaíocht fiontar trí fhaoiseamh cánach a thabhairt isteach le haghaidh róbataithe
A38G	A2.4 Sásraí comhair idir an eolaíocht agus an tionscal a neartú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm gnímh lena leasaítear an dlí maidir leis an ardoideachas agus leis an eolaíocht i ndáil le catalóg na n-eintiteas a d'fhéadfadh meáin

Uimhir sheicheimhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
			shainchuspóireacha a chruthú in éineacht le hollscoileanna
A39G	A2.4 Sásraí comhair idir an eolaíocht agus an tionscal a neartú	Garsprioc	Rialacha a bhunú maidir le húsáid saotharlann agus aistriú eolais institiúidí faoi mhaoirseacht an Aire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe
A59G	A4.2 Athchóiriú chun feabhas a chur ar staid na dtuismitheoirí sa mhargadh saothair trí rochtain ar chúram leanaí a mhéadú do leanaí suas go dtí trí bliana d'aois	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm gnímh lena leasaítear an Gníomh maidir le cúram leanaí suas le trí bliana d'aois arb é is aidhm dó eagrú an chórais um chúram leanaí a mhaoiniú a athrú go dtí trí bliana d'aois d'fhonn córas comhtháite aonair um bainistiú maoinithe a chur chun feidhme chun seirbhísí cúraim leanaí do leanaí suas le trí bliana d'aois a chruthú agus a fheidhmiú
A60G	A4.2.1 Tacaíocht do shaoráidí cúraim leanaí do leanaí suas le 3 bliana d'aois faoi 'Leabharadóir Gníomhach' (Maluch+)	Garsprioc	Córas TF a chruthú chun maoiniú agus cruthú saoráidí cúraim leanaí do leanaí suas go dtí trí bliana d'aois a bhainistiú, ina gcomhcheanglófar foinsí éagsúla maoinithe cúraim leanaí
A62G	A4.3 Cur chun feidhme an chreata dhlíthiúil d'eintitis an gheilleagair shóisialta	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm gnímh maidir leis an ngeilleagar sóisialta
B1G	B1.1 Aer glan agus éifeachtúlacht fuinnimh	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm gnímh lena leasaítear an tAcht um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus gníomhartha reachtacha gaolmhara
B3G	B1.1 Aer glan agus éifeachtúlacht fuinnimh	Garsprioc	Nuashonrú ar an gClár Náisiúnta um Chosaint an Aeir
B16G	B2.1 Feabhas a chur ar na dálaí chun teicneolaíochtaí hidrigine agus gáis dhíchárbónaithe eile a fhorbairt	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm gníomhartha lena leasaítear na gníomhartha reachtacha maidir le hidrigin mar bhreosla malartach don iompar
B39G	B3.1 Tacú le bainistiú inbhuanaithe uisce agus fuíolluisce i gceantair thuaithe	Garsprioc	Forbairt rialacha maidir le críochú na tacaíochta do sholáthar uisce nó d'infheistíochtaí séarachais RRP i gceantair thuaithe
B40G	B3.1 Tacú le bainistiú inbhuanaithe uisce agus fuíolluisce i gceantair thuaithe	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an ghnímh dlí lena mbunaítear oibleagáid chun faireachán agus rialú rialta a dhéanamh ar chórais aonair iomchuí

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm
C1G	C1.1 Forbairt bonneagair líonra a éascú chun rochtain uilíoch ar idirlíon ardluais a áirithiú	Garspríoc	Creat arna ullmhú ag Seansailéireacht an Phríomh-Aire chun tionscadail leathanbhanda a chómhainiú i limistéir rochtana bána na Chéad Ghluíne Eile (NGA), áit nach bhfuil aon líonra NGA ann faoi láthair
D23G	D2.1 Na dálaí cearta a chruthú le haghaidh méadú ar líon na mball foirne leighis	Garspríoc	Leasú ar an Dlí maidir le hArdoideachas agus Eolaíocht agus maidir le Gairmeacha Lianna agus Fiaclóirí chun bunús dlí a sholáthar le haghaidh tacaíocht airgeadais ón mbliain acadúil 2021/2022 do mhic léinn i réimse an leighis sa Pholainn
D29G	D2.1.1 Infheistíochtaí a bhaineann le nuachóiriú agus iarfheistiú saoráidí teagaisc chun líon na ndaoine a ligtear isteach i staidéar leighis a mhéadú	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm gnímh dlí lena mbunaítear córas dreasachtaí chun tabhairt faoi staidéar agus leanúint de staidéar i ndámhanna roghnaithe ollscoile leighis trí scoláireachtaí, maoiniú le haghaidh staidéir agus meantóireachta
E8G	E1.1.1 Tacaíocht do gheilleagar ísealcharbóin	Garspríoc	Bunú ionstraime airgeadais (Ciste) le haghaidh soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha/isle agus fuinnimh
E23G	E2.2 Sábháilteacht iompair a fheabhsú	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm gníomhartha dlíthiúla lena dtugtar isteach: tosaíocht do choisithe ag crosairí, luas aonfhoirmeach i limistéir fhoirgnithe fad íosta idir feithiclí, spriocanna sábháilteachta ar bhóithre faoi 2030 (50 % de bhásanna i dtionóiscí)
F1G	F1.1 Athchóiriú lena neartaítear neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na gcúirteanna	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm athchóirithe lena neartaítear neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na gcúirteanna
F2G	F2.1 Athchóiriú chun staid na mbreithiúna a ndéanann cinntí Dhlísheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí difear dóibh i gcásanna araíonachta agus i gcásanna díolúine breithiúnaí a leigheas	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm athchóirithe lena neartaítear neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na gcúirteanna
F5G	F3.1 Feabhas a chur ar na dálaí chun an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm gnímh dlí lena gcruthaítear coiste faireacháin agus lena gcuirtear de chúram air maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta

Uimhir sheicheimhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm
F6G	F3.1 Feabhas a chur ar na dálaí chun an phlean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme	Garspríoc	Glacadh na Treorach ag an Aire atá i gceannas ar an bhforbairt réigiúnach lena mbunaítear na rialacha maidir le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe sóisialta i gcur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta
F7G	F3.1 Feabhas a chur ar na dálaí chun an phlean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme	Garspríoc	Iníúchadh agus rialú éifeachtach a áirithiú faoi chuimsiú chur chun feidhme RRF lena gcosnaítear leasanna airgeadais an Aontais
		Méid na tráthchoda	EUR 2758738902

2.1.2 An Dara Tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíochta):

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
A13G	A1.3.1 Cur chun feidhme an athchóirithe ar phleanáil úsáide talún	Garsprioc	Doiciméad a fhoilsiú lena gcinntear an sásra leithdháilte agus méid táscach na tacaíochta atá le tabhairt do gach bardas sa Pholainn chun an t-athchóiriú ar phleanáil úsáide talún a chur chun feidhme
A49G	A3.1.1 Infheistíochtaí sa ghairmoiliúint nua-aimseartha, san ardoideachas agus san fhoghlaim ar feadh an tsaoil	Cuspóir sonrach	Foirne um Chomhordú Réigiúnach atá ag feidhmiú a chur ar bun lena gcomhordaítear an beartas maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil
A53G	A4.1 Athchóirithe struchtúracha ar institiúidí mhargadh an tsaothair	Garsprioc	Próiseas comhairliúcháin leis na comhpháirtithe sóisialta a chur i gcrích maidir leis an acmhainneacht le haghaidh comhaontuithe comhchoiteanna agus staidéar cuimsitheach a dhéanamh ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag Conradh Aonair Saothair chun solúbthacht agus slándáil nua a thabhairt isteach i margadh saothair na Polainne
A65G	A4.4 Cineálacha fostaíochta a dhéanamh níos solúbtha agus cianobair a thabhairt isteach	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an ghnímh lena leasaítear an Cód Saothair lena dtugtar isteach an bhuaninstitiúid cianoibre d'fhorálacha an Chóid Saothair agus cineálacha solúbtha socruithe maidir le ham oibre
A67G	A4.5 Gairmréimeanna a shíneadh agus obair tar éis na haoise scoir reachtúla a chur chun cinn	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an ghnímh lena leasaítear an Gníomh maidir le cáin ioncaim phearsanta lena gcuirtear chun feidhme ó 2023 laghdú ar cháin ioncaim phearsanta dóibh siúd a bhfuil an aois scoir bainte amach acu ach atá ag leanúint de bheith ag obair
B4G	B1.1 Aer glan agus éifeachtúlacht fuinnimh	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm leasaithe ar an Rialachán ón Aire Aeráide agus Comhshaoil maidir le caighdeáin cháilíochta le haghaidh breoslaí soladacha
C3G	C1.1 Forbairt bonneagair líonra a éascú chun rochtain uilíoch ar idirlíon ardluais a áirithiú	Garsprioc	Leasú ar an rialachán maidir le Pointe Faisnéise Aonair

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm
C9G	C2.1 Feidhmeanna digiteacha a mhéadú sa réimse poiblí, sa gheilleagar agus sa tsochaí	Garspríoc	Ioschaighdeáin cheangailteacha chun bonneagar digiteach a fheistiú i ngach scoil chun úsáid teicneolaíochtaí digiteacha san fhoghlaim a chumasú ar leibhéal comhionann i ngach scoil
C10G	C2.1 Feidhmeanna digiteacha a mhéadú sa réimse poiblí, sa gheilleagar agus sa tsochaí	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm an rúin ó Chomhairle na nAirí maidir leis an gClár Forbartha Inniúlachta Digití
C16G	C2.1.3 Ríomhinniúlachtaí	Garspríoc	Lárionad Forbartha Inniúlachta Digití (DCDC) a chruthú
D2G	D1.1 Feabhas a chur ar éifeachtacht, inrochtaineacht agus cáilíocht seirbhísí sláinte	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm Ordú Uachtarán an Chiste Náisiúnta Sláinte (NFZ) agus na ngníomhartha dlí faoi seach maidir le cúram príomhúil agus cúram comhordaithe a neartú, agus forálacha airgeadais ina dhiaidh sin (lena n-áirítear leasuithe ar chonarthaí), lena gceadaítear cur chun feidhme náisiúnta.
D3G	D1.1 Feabhas a chur ar éifeachtacht, inrochtaineacht agus cáilíocht seirbhísí sláinte	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm an Ghnímh maidir le cáilíocht i gcúram sláinte agus sábháilteacht othar, mar aon leis na rialacháin cur chun feidhme is gá
D4G	D1.1 Feabhas a chur ar éifeachtacht, inrochtaineacht agus cáilíocht seirbhísí sláinte	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm an Ghnímh maidir leis an Líonra Náisiúnta Oinceolaíochta agus na ngníomhartha dlí ábhartha lena mbunaítear na rialacha maidir le hoibriú an líonra trí struchtúr nua agus samhail nua bainistithe cúraim aise a thabhairt isteach
D9G	D1.1.1 Lárionaid chúraim an-speisialaithe agus soláthraithe cúraim sláinte eile a nuachóiriú	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm gnímh dlí maidir le liosta na gcritéar beacht lena gcáilítear ospidéal do chatagóirí sonracha chun cabhrú le riachtanais infheistíochta a eascraíonn as an athchóiriú a shainiú
D25G	D2.1 Na dálaí cearta a chruthú le haghaidh méadú ar líon na mball foirne leighis	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm an Ghnímh reachtaigh maidir le gairm an pharaimhíochaineora agus féinrialtas na paraimhíochaineoirí, lena dtabharfar isteach an fhéidearthacht cláir dara timthriall a chruthú i réimse an ullmhúcháin do ghairm an pharaimhíochaineora

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
D27G	D2.1 Na dálaí cearta a chruthú le haghaidh méadú ar líon na mball foirne leighis	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm gníomhartha dlíthiúla arb é is aidhm dóibh tarraingteacht post leighis agus dálaí oibre oibrithe leighis a fheabhsú
D32G	D3.1 Éifeachtúlacht agus cáilíocht an chórais cúraim sláinte a mhéadú trí thacú le hacmhainneacht taighde agus forbartha na Polainne i réimse na n-eolaíochtaí leighis agus na n-eolaíochtaí sláinte	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Ghnímh maidir le trialacha clínicíúla ar tháirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine
D33G	D3.1 Éifeachtúlacht agus cáilíocht an chórais cúraim sláinte a mhéadú trí thacú le hacmhainneacht taighde agus forbartha na Polainne i réimse na n-eolaíochtaí leighis agus na n-eolaíochtaí sláinte	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm nó cur chun feidhme na bpríomhghníomhaíochtaí a shonraítear i bPlean Straitéiseach an Rialtais um Fhorbairt na hEanála Bithleighis i gcomhréir leis an amlíne a leagtar amach sa Plean Straitéiseach
D34G	D3.1.1 Forbairt chuimsitheach ar thaighde i réimse na n-eolaíochtaí leighis agus na n-eolaíochtaí sláinte	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm ardáin leictreonaigh do Líonra na Polainne um Thrialacha Clínicíúla
E15G	E2.1 Iomaíochas earnáil na n-iarnród a fheabhsú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm gnímh lena leasaítear an tAcht um Iompar d'Iarnród lena n-áiríthítear athléimneacht oibreoirí iarnróid. Cinneadh na nAirí maidir le tosaíochtaí a leagan síos don iompar idirmhódúil agus maidir le deireadh a chur le scrogaill chun acmhainneacht na n-iarnród a chothú
F4G	F3.1 An próiseas reachtóireachta a fheabhsú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta an Sejm, an tSeanaid agus Chomhairle na nAirí
		Méid na tráthchoda	EUR 2416163752

2.1.3 An Tríú Tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíochta):

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
A12G	A1.3 Athchóiriú ar phleanáil úsáide talún	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm gnímh nua maidir le planáil spásúlachta

Uimhir sheicheimhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm
A33G	A2.3 Bunús institiúideach agus dlí a sholáthar chun aerárthaí gan foireann a fhorbairt	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm gnímh lena leasaítear an Gníomh maidir le Gníomhaireacht Seirbhísí Aerloingseoireachta na Polainne
B2G	B1.1 Aer glan agus éifeachtúlacht fuinnimh	Garspríoc	Nuashonrú ar an gClár Tosaíochta ‘Aer Glan’
C2G	C1.1 Forbairt bonneagair líonra a éascú chun rochtain uilíoch ar idirlíon ardluais a áirithiú	Garspríoc	Leasú ar rialachán an Aire Digitithe maidir le fardal bliantúil bonneagair agus seirbhísí teileachumarsáide
D7G	D1.1 Feabhas a chur ar éifeachtacht, inrochtaineacht agus cáilíocht seirbhísí sláinte	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm an rialacháin maidir le liosta na n-ionad faireacháin voivodship don líonra oinceolaíoch
E2G	E1.1 Méadú ar úsáid iompair atá neamhdhíobhálach don chomhshaol	Garspríoc	Bearta chun tacú le Pleananna Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe (PSUInna) a fhorbairt agus dreasachtaí a ghlacadh chun PSUInna a chur chun feidhme lena gcuirfidh an Aireacht Bonneagair tacaíocht theicniúil agus airgeadais ar fáil do gach limistéar uirbeach feidhmiúil.
		Méid na tráthchoda	EUR 1725649300

2.1.4 An Ceathrú Tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíochta):

Uimhir sheicheimhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm
A25G	A1.4.1 Nuachóiriú ar bhonneagar nó ar threalamh in earnáil na talmhaíochta	Cuspóir sonrach	Feirmeoirí a bhfuil maoiniú faighte acu chun tionscadail a chur i gcrích chun ábhair atá díobhálach don chomhshaol agus don tsláinte a ionadú i bhfoirgnimh a úsáidtear le haghaidh táirgeadh talmhaíochta
A41G	A3.1 Lucht saothair an gheilleagair nua-aimseartha: feabhas a chur ar mheaitseáil scileanna agus cáilíochtaí leis an margadh saothair	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm na ngníomhartha dlí (lena n-áirítear an gníomh lena leasaítear an Dlí Oideachais), lena mbunaítear an creat dlíthiúil le haghaidh líonra na Lárionad Scileanna Earnála.
A42G	A3.1 Lucht saothair an gheilleagair nua-aimseartha: feabhas a chur ar mheaitseáil scileanna agus cáilíochtaí leis an margadh saothair	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm na ngníomhartha dlí (lena n-áirítear an gníomh lena leasaítear Acht na Múinteoirí) lena gcumasaítear gairmoiliúint múinteoirí

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm
			a chur chun feidhme sna Lárionaid Scileanna Eanála
A50G	A3.1.1 Infheistíochtaí sa ghairmoiliúint nua-aimseartha, san ardoideachas agus san fhoghlaim ar feadh an tsaoil	Cuspóir sonrach	Clár cur chun feidhme oibríochtúla a fhorbairt don Straitéis Scileanna Comhtháite ar an leibhéal réigiúnach ag na Foirne Comhordúcháin Réigiúnacha bunaithe don ghairmoideachas agus don ghairmoiliúint agus don fhoghlaim ar feadh an tsaoil
A69G	A4.6 Rannpháirtíocht grúpaí áirithe sa mhargadh saothair a mhéadú trí chúram fadtéarmach a fhorbairt	Garspríoc	Athbhreithniú straitéiseach ar chúram fadtéarmach sa Pholainn d'fhonn tosaíochtaí athchóirithe a shainaithint
B5G	B1.1 Aer glan agus éifeachtúlacht fuinnimh	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm an rialacháin lena leagtar síos caighdeáin cháilíochta le haghaidh breoslaí soladacha bithmhaise
B8G	B1.1.2 Athsholáthar foinsí teasa agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe aonteachlaigh	Cuspóir sonrach	T1 — Ionadú foinsé teasa i bhfoirgnimh aonteachlaigh
B10G	B1.1.2 Foinsé teasa a athsholáthar agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú i bhfoirgnimh chónaithe aonteachlaigh	Cuspóir sonrach	T1 — Nuachóiriú teirmeach agus suiteáil foinsí fuinnimh in-athnuaite i bhfoirgnimh chónaithe aonteachlaigh
B17G	B2.1 Feabhas a chur ar na dálaí chun teicneolaíochtaí hidrigine agus gáis dhíchárbónaithe eile a fhorbairt	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm an dlí lena leagtar síos rialacha maidir le hidrigin
B42G	B1.1.5 Feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe ilárasán	Cuspóir sonrach	T1 — Suiteálacha fuinnimh in-athnuaite agus teirmi-nuachóirithe i bhfoirgnimh ilárasán
C27G	C3.1.1 Cibearshlándaíl — CibearPL, bonneagar próiseála sonraí agus barrfheabhsú bhonneagar na seirbhísí forfheidhmithe dlí	Garspríoc	Tionscadal Tábhachtach ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI): Tionscadail Néalríomhaireachta na Chéad Ghluine Eile a roghnú agus conarthaí a shíniú
D10aG	D1.1.1 Lárionaid chúraim an-speisialaithe agus soláthraithe cúraim sláinte eile a nuachóiriú	Garspríoc	An chéad ghlaó ar thograí d'ospidéal (faoin Líonra Náisiúnta Oinceolaíochta) agus d'ionaid speisialaithe cúraim sláinte d'othair sheachtracha (AOS) atá ag comhoibriú leo

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm
E24G	E2.2.1 Infheistíochtaí sábháilteachta iompair	Cuspóir sonrach	Seachbhealaí a thógáil agus teophointí sábháilteachta ar bhóithre a fheabhsú
F3G	F2.1 Staid na mbreithiúna a ndéanann cinntí an Dhlísheomra Araíonachta difear dóibh i gcásanna araíonachta agus i gcásanna díolúine breithiúnaí a leigheas	Garspríoc	Athchóiriú chun staid na mbreithiúna a ndéanann cinntí Dhlísheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí difear dóibh i gcásanna araíonachta agus i gcásanna díolúine breithiúnaí a leigheas
G2G	G1.1.2 Suiteálacha foinsí fuinnimh in-athnuaite arna gcur chun feidhme ag pobail fuinnimh	Garspríoc	Glaao ar an gclár tacaíochta infheistíochta
G13G	G1.2.2 Bacainní ar chomhtháthú foinsí fuinnimh in-athnuaite i ngréasáin leictreachais a bhaint	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm an chreata dhlíthiúil lena gcumasaítear comhthiomsú cáblaí
		Méid na tráthchoda	EUR 1124575104

2.1.5 An Cúigiú Tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíochta):

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm
A14G	A1.3.1 Athchóiriú ar phleanáil úsáide talún a chur chun feidhme	Cuspóir sonrach	Foireann ó údarais áitiúla agus ó phleanálaithe spásúlachta a chríochnaigh cúrsa ar an dlí nua maidir le planáil spásúlachta
A16G	A1.3.1 Athchóiriú ar phleanáil úsáide talún a chur chun feidhme	Cuspóir sonrach	Sciar na mbardas a ghlac pleannanna ginearálta forbartha spásúlachta
A30G	A2.2 Na dálaí a chruthú don aistriú chuig samhail an gheilleagair chiorclaigh	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta nua lena dtugtar isteach athruithe ar an gcreat reachtach chun trádáil in amhábhair thánaisteacha a chumasú
A44G	A3.1.1 Infheistíochtaí sa ghairmoiliúint nua-aimseartha, san ardoideachas agus san fhoghlaim ar feadh an tsaoil	Cuspóir sonrach	T1 — Líonra d'Íonaid Scileanna Earnála a bhunú lena soláthrófar uas-sciliú agus athsciliú.
A51G	A4.1 Athchóirithe struchtúracha ar institiúidí mhargadh an tsaohair	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm dlíthe nua maidir le seirbhísí poiblí fostaíochta, fostaíocht náisiúnach tríú tír, agus maidir le conarthaí poist áirithe a thabhairt i gcrích go leictreonach:

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm
			<ul style="list-style-type: none"> athruithe a thabhairt isteach ar sheirbhísí fostaíochta poiblí agus ar bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair chun rannpháirtíocht an lucht saothair a mhéadú na bacainní riaracháin ar fhostaíocht eachtrannach a íslíú simpliú a dhéanamh ar an bpróiseas chun conarthaí áirithe a thabhairt i gcrích
A57G	A4.2 Athchóiriú chun feabhas a chur ar staid na dtuismitheoirí sa mhargadh saothair trí rochtain ar chúram leanaí ar ardchaighdeán a mhéadú do leanaí suas go dtí trí bliana d'aois	Garspríoc	Caighdeán cháilíochta a ghlacadh le haghaidh cúram leanaí, lena n-áirítear caighdeán oideachais agus chúraim maidir le seirbhísí do leanaí suas le 3 bliana d'aois
